



An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

Tuarascáil Bhliantúil

2024



Clár Ábhair.

Réamhrá an Aire.	4
Brollach an Ard-Rúnaí.	5
Tuarascáil Bhliantúil 2024	7
Achoimre Fheidhmeach.	8
Fís, Misean, Luachanna.	15
Bord Bainistíochta na Roinne agus Struchtúr na Rannóige 2024.	16
Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne.	17
Ráiteas Straitéise 2023-2025	18
Sprioc Straitéiseach 1: Fostaíocht iomlán a choinneáil agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach láidir a chinntiú.	19
Sprioc Straitéiseach 2: An t-aistriú glas agus digiteach a chur chun cinn chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht frontar atá bunaithe in Éirinn a chinntiú.	28
Sprioc Straitéiseach 3: Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist ar ardchaighdeán, comhionannas inscne agus uilechuimsitheacht san áit oibre a chur chun cinn.	36
Sprioc Straitéiseach 4: Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht rialála gnó agus ar tharraingteacht na hÉireann mar áit le gnó a dhéanamh.	41
Sprioc straitéiseach 5: Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a neartú agus a leathnú ar bhealach freagrach, cothrom agus inbhuanaithe a thacaíonn le hardchaighdeán mhaireachtála agus an geilleagar uile-oileáin a mhéadú tuilleadh.	45
Sprioc Straitéiseach 6: Roinn nuálach agus lúfar a fhorbairt le héiteas láidir seirbhíse poiblí a spreagann forfheidhmiú beartais éifeachtach agus freagrach.	55
Aguisín 1: Billí a Achtaíodh in 2024.	62
Aguisín 2: Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2024.	63
Aguisín 3: Soláthar Poiblí Glas.	65

Réamhrá an Aire.



Peter Burke TD
Aire Fiontar, Trádála agus
Fostaíochta

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2024 na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a chur i láthair. Leis an tuarascáil seo cuirtear in iúl bliain ina raibh dul chun cinn, athléimneacht agus nuálaíocht shuntasach ar fud thírdhreach fiontraíochta na hÉireann. Léiríonn sé díograis ár Roinne, a gníomhaireachtaí, agus ár bpáirtithe leasmhara maidir lenár misean a chomhlíonadh chun Éire a dhéanamh mar an áit is fearr le rath a bhaint amach i gcúrsaí gnó, le bheith ag obair, agus le bheith rathúil.

In 2024, leanamar le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na spriocanna straitéiseacha atá mar bhonn taca lenár bhfís maidir le geilleagar atá dinimiciúil, cuimsitheach agus inbhuanaithe. Ó thacaíocht a thabhairt do bhreis is 2.7 milliún duine i bhfostaíocht, go pacáiste iomlán Rialtais do FBManna a thabhairt isteach agus breis is €400 milliún i dtacaíocht airgeadais dhíreach a chur ar fáil do FBManna tríd an Scéim um Chostas Méadaithe Gnó agus an Scéim um Chumhachtú mar shampla, bhí tionchar inláimhsithe ag ár gcuid oibre ar ghnólachtaí agus ar phobail ar fud na tíre.

Tá dul chun cinn déanta againn maidir leis na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn. Níl ach seo a leanas roinnt samplaí den chaoi a bhfuilimid ag ullmhú ár ngeilleagair don todhchaí: foilsíú 'Cumhachtú Rathúnais – Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe amach ón gCosta', feidhmiú céimneach thairseach agus dearbháin Grow Digital, agus ár gceannaireacht i mbeartas IS agus straitéis leathsheoltóra. Ní hamháin go dtacaíonn na tionscnaimh seo le hiomaíochas fiontar ach tá siad ag teacht lenár spriocanna aeráide náisiúnta agus AE freisin.

Go hidirnáisiúnta, d'fhásamar caidrimh thrádála agus infheistíochta na hÉireann, neartaíomar ár láithreach i bpríomh-mhargáí, agus thacaíomar leis an ngeilleagar uile-oileáin trí thionscnaimh ar nós Scéim Fiontraíochta an Oileáin Chomhroinnte. Chinntigh ár rannpháirtíocht ar leibhéal an AE agus ar leibhéal iltaobhach go raibh guth na hÉireann le cloisteáil maidir le saincheisteanna ríthábhachtacha, ó bheartas trádála go hinbhuanaitheacht agus rialáil dhigiteach.

Agus muid ag féachaint chun cinn ar Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh in 2026, táimid ag déanamh an réiteach chun ceannaireacht a dhéanamh ar chomhaid thábhachtacha a mhúnlóidh todhchaí eacnamaíoch agus shóisialta na hEorpa. Táim muiníneach go mbeidh na bunsraitheanna a thógamar in 2024 chun tairbhe dúinn sna blianta amach romhainn.

Ba mhaith liom ómós a thabhairt do mo réamhtheachtaí, an tAire Simon Coveney, agus buíochas a ghabháil leis na hAirí Dara Calleary agus Emer Higgins, le foireann na Roinne, lenár ngníomhaireachtaí, agus lenár bpáirtithe leasmhara uile as a ndíograis agus a gcomhpháirtíocht. Le chéile, táimid ag cuidiú le rathúnas a bhaint amach do mhuintir na hÉireann trí thacú le fiontraíocht agus fostaíocht inár mbailte, inár sráidbhailte agus inár gcathracha.

Brollach an Ard-Rúnaí.



Declan Hughes
Ard-Rúnaí,
An Roinn Fiontar, Trádála
agus Fostaíochta

Bliain seachadta, athléimneachta agus claochlaithe a bhí in 2024 dár Roinn maidir le tacaíocht agus comhairle a thabhairt dár nAirí agus beartais Rialtais a chur i bhfeidhm chun cumas táirgiúil fhadtéarmach an gheilleagair, fiontraíocht, fiontar agus fás fostaíochta ar ardcháilíocht a spreagadh.

Múnláíodh ár gcuid oibre ag timpeallacht dhomhanda dhinimiciúil, le dúshlán agus deiseanna ag eascairt as athrú teicneolaíoch, gníomhaíocht ar son na haeráide agus forbairtí geopolaitiúla. Dhíríomar ar an bhfiontar a chumasú le bheith rathúil, ag tacú le nuálaíocht agus le claochlú digiteach. Leanamar ar aghaidh ag cur an Pháipéir Bán ar an bhFiontraíocht agus ár Ráiteas Straitéise 2023-2025 i bhfeidhm, ag cinntiú go bhfuil ár mbeartais agus ár gclár freagrúil do riachtanais athraitheacha an gheilleagair agus na sochaí.

Coinníodh leibhéil fostaíochta is airde riamh i rith 2024 le breis is 2.78 milliún duine i mbun oibre agus, níos tábhachtaí fós, bhí dífhostaíocht i ngach réigiún laistigh de 1% de mheán an Stáit. Chríochnaíomar athbhreithnithe ar na [Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha](#) agus, faoi thiomáint ár ngníomhaireachtaí fiontraíochta, tá acmhainneacht fáis láidir i ngach réigiún. Thacaigh Fiontraíocht Éireann le leibhéal fostaíochta ard (234,454), agus 64% den fhás poist lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Fuair GFT Éireann 234 infheistíocht, 59% díobh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, le €1.9 billiún i ngealltanais T&F, agus thacaigh na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna) le breis is 370,000 gnólacht beag agus chruthaigh siad 7,104 post nua. Soláthraíodh breis is €400 milliún i dtacaíocht deontais do FBManna trí na scéimeanna um Chostas Méadaithe Gnó agus um Chumhachtú, agus feabhsaíodh rochtain ar thacaíochtaí agus ar scileanna le tionscnaimh nua cosúil leis an Mol Náisiúnta Fiontair agus Tionscnamh na Nuálaithe.

Chuireamar aistrithe glasa agus digiteacha na hÉireann chun cinn trí infheistíochtaí spriocdhírithe i ndícharbónú, i ngaoth amach ón gcósta, agus i ndigitiú. Sa bhliain 2024, ceadaíodh €11.4 milliún i maoiniú faoin [gCiste Trasdula Glas](#) thar 212 tionscadal. Chun cur i bhfeidhm méideanna ollmhóra acmhainne giniúna fuinnimh gaoithe amach ón gcósta in Éirinn sna blianta amach romhainn a chumasú agus a thacú, d'fhoilsíomar [Cumhachtú Rathúnais – Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe amach ón gCósta](#) go luath in 2024. Is í Cumhachtú Rathúnais an chéad straitéis dá leithéid d'Éirinn, a bhfuil sé mar aidhm aici tionscal fuinnimh gaoithe amach ón gcósta rathúil, bríomhar agus tioncharach a thógáil.

Agus béim á leagan ar an aitheantas atá ar fud an Rialtais ar an ról ríthábhachtach atá ag FBManna inár ngeilleagar agus i bpobail ar fud na hÉireann, fuair an tAire Burke comhaontú ón Rialtas i mí na Bealtaine chun pacáiste beart a chur i bhfeidhm chun tacú le FBManna. Tacaíonn na bearta lenár FBManna i bhfianaise costais atá ag ardú – agus cothromaíocht á coinneáil ag an am céanna le dul chun cinn ríthábhachtach i dtéarmaí coinníollacha oibre.

I mí Iúil, sheolamar an Tairseach Grow Digital chun cabhrú le cuideachtaí uirlisí digiteacha bunúsacha a úsáid chun éifeachtúlachtaí agus táirgiúlacht a thiomáint, agus chun margaíocht agus díol ar líne a dhéanamh nuair is iomchuí dá ngnó. Seoladh an Dearbhán Grow Digital i Meán Fómhair 2024, agus cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide a bhfuil suas le caoga fostaí acu chun glacadh le teicneolaíocht dhigiteach, lena n-áirítear intleacht shaorga. Leanfaidh seoladh Thairseach agus an Dearbhán Grow Digital, mar aon le ceannaireacht i mbeartas IS agus straitéis leathsheoltóra, de bheith ag cur le seasamh na hÉireann i dtús cadhnaíochta na nuálaíochta agus na hinbhuanaitheachta.


Neartaíodh cearta fostaíochta agus caighdeáin san áit oibre tuilleadh le linn 2024. Maidir le reachtaíocht, chuireamar Billí agus Achtanna nua chun cinn chun cosaintí a fheabhsú maidir le scor, iomarcaíocht agus dócmhainneacht. Sa bhliain 2024, méadaíodh saoire bhreitheachta go cúig lá agus cuireadh i bhfeidhm an ceart chun cianoibriú a iarraidh. Sheol Cothromaíocht le haghaidh Gnó níos Fearr straitéis nua cúig bliana a dhíríonn ar 40%+ de na mná a bheith i gceannaireacht. Leanann an CCÁO de ról ríthábhachtach a imirt maidir le cearta fostaíochta a chosaint do chách, agus os cionn €2 mhilliún i bpá neamhíochta á aisghabháil aige de bhun 5,156 cigireacht a críochnaíodh le linn 2024. Maidir le caidreamh tionsclaíoch, lean an treocht anuas ar aghaidh le linn 2024 le 3,656 lá caillte mar gheall ar ghníomhaíocht stailce, i gcomparáid le 4,203 lá in 2023 agus 5,256 lá in 2022.

Rinneamar dul chun cinn ar thosaíochtaí reachtacha na nAirí i rith 2024 agus cuireadh cúig Acht nua agus 35 Ionstraim Reachtuil i gcrích. Tugadh isteach reachtaíocht i réimsí dhlí cuideachtaí, ceadanna fostaíochta agus seirbhísí digiteacha. Tugadh isteach athchóirithe do chuideachtaí trí *Acht na gCuideachtaí (Rialachas, Forfheidhmiú Corparáideach agus Forálacha Rialála) 2024* a chuireann ar chumas cuideachtaí cruinnithe cinn bhliana fóirúla nó hibrideacha a reáchtáil ar bhonn buan. Ina theannta sin, neartaíomar cosaint tomhaltóirí trí thosach feidhme an *Achta um Ghníomhartha Ionadaí 2023* agus rialacháin nua AE. I mí Iúil 2024, tugadh isteach Rialacháin nua maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí. Chomh maith leis sin, i rith na bliana, leathnaigh an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta a sheirbhísí idirghabhála.

Go hidirnáisiúnta, mar aitheantas ar thábhacht na nascachta idirnáisiúnta a choinneáil sa tréimhse seo de chaidrimh dhomhanda dúshlánacha, cruthaíomar naisc trádála agus infheistíochta níos doimhne, ag tacú le misin trádála faoi stiúir Airí agus le rannpháirtíocht straitéiseach leis an AE, leis an EDT agus le comhpháirtithe domhanda eile.

Go himmheánach, leanamar orainn ag infheistiú inár ndaoine, inár gcórais agus inár gcultúr. D'fhoilsíomar ár gcéad Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, leathnaíomar ár dtairiscintí foghlama agus forbartha tríd ár *nAcadamh Fiontraíochta*, agus neartaíomar ár dtiomantas do ghníomhaíocht ar son na haeraíde agus don chlaochlú digiteach sa chaoi a n-oibrímid chun sármhaitheas a chur chun cinn sa tseirbhís phoiblí.

Níl iontu seo ach cuid de na héachtaí a rinneamar i rith na bliana, agus léiríonn siad uile díograis ár bhfoirne, ár n-oifigí, ár ngníomhaireachtaí agus ár bpáirtithe leasmhara. Déanann an obair seo fíordhifriocht fós do shaol daoine agus gnólachtaí ar fud na hÉireann. Is mian liom aitheantas a thabhairt d'iarreachtaí agus do thiomantas ár bhfoirne go léir agus dár mBord Bainistíochta as a gcuid oibre agus táim ag tnúth le cur leis an dul chun cinn seo sna blianta amach romhainn.



An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Tuarascáil Bhliantúil 2024



2.78 milliún

Fostaíocht iomlán



546,763

Fostaíocht i gCliaint
Fhiontraíocht Éireann
agus GFT Éireann



€36.75 billiún

in onnmhairí ag
Cliaint Fiontraíocht
Éireann



€500 milliún

Curtha ar fáil tríd an
lasacht le haghaidh Fáis
agus Inbhuanaitheachta



€244 milliún

i ndeontais do 75,000
gnólacht trí Chostais
Mhéadaithe Gnó



€158 milliún

i ndeontais do 39,000
gnólacht tríd an Scéim
um Chumhachtú



€11.4 milliún

i maoiniú thar 212
tionscadal faoin gCiste
Trasdula Glas



€376 milliún

i maoiniú do
Theicneolaíocht
Bhunathraitheach thar
105 tionscadal nuálach



17,000

plean oiriúnaithe
gníomhaíochta ar son
na haeráide ginte do
ghnólachtaí ó 2021



5

Billí agus
35 Ionstraim
Reachtúil a achtaíodh



39,000

Cead fostaíochta
a eisíodh



116

Cuideachta Éireannach
a bhaineann tairbhe as
conarthaí Ghníomhaireacht
Spáis na hEorpa



5,156

cuairt cigireachta san áit
oibre ón CCÁO



59,431

glaoiteoir a fuair
cabhair ó Fhaisnéis
agus ó Sheirbhís do
Chustaiméirí an CCÁO



40%

Stiúrthóirí Mná ar
Chuideachtaí Liostaithe
ISEQ20 - Cothromaíocht i
gComhair Gnó Níos Fearr



4,033

Ceadúnais
onnmhairithe, a
údaraíonn onnmhairí
are fiú €2.62 billiún iad

Achoimre Fheidhmeach.

Is í seo an dara tuarascáil bhliantúil agus an tuarascáil dheireanach ón Roinn faoinár Ráiteas Straitéise 2023 – 2025. Leagadh amach sé sprioc straitéiseacha sa Straitéis seo chun fíis na Roinne a bhaint amach maidir le hÉire a dhéanamh mar an áit is fearr le go n-éireoidh le gnó i ngach cuid den dtír, le fiontair bheoga, fostaíocht ar ardchaighdeán, trádáil atá ag fás, ionaid oibre cothroma agus táirgiúlacht níos airde.

Tá achoimre thíos ar obair na Roinne in 2024 i dtreo a spriocanna a bhaint amach:



Spríoc Stráitéiseach 1: Fostaíocht iomlán a choinneáil agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach láidir a chinntiú.

In 2024, chuir an Roinn a spríoc straitéiseach chun cinn maidir le fostaíocht iomlán a choinneáil agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach chothrom a chur chun cinn. Bhí an dul chun cinn bunaithe ar an bPáipéar Bán ar an bhFiontraíocht 2022–2030 ina leagtar amach cur chuige tras-rialtais chun bonn fiontraíochta na hÉireann a neartú trí sheacht bpríomhthosaíocht bheartais. Faoi dheireadh 2024, bhí os cionn 85% de na 40 tionscnamh a rianáíodh faoin bPlean Forfheidhmithe curtha i gcrích nó de réir an sceidil, rud a léirigh seachadadh láidir thar réimsí amhail claochlú digiteach, dícharbónú, nuálaíocht agus forbairt réigiúnach.

I mí na Bealtaine, fuair an tAire Burke comhaontú Rialtais ar phacáiste beart chun tacú le FBManna agus a bhfuil sé mar aidhm acu costais a laghdú do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide. I measc na bpríomhbhearta sa Phacáiste FBM bhí athoscailt na Scéime um Chostas Méadaithe Gnó (CMG) ar feadh 14 lá eile, an dara híocaíocht CMG a thabhairt isteach do ghnólachtaí sna hearnálacha miondíola agus fáilteachais, an Scéim Deontais Nuálaíochta a mhéadú faoi dhó go €10,000 agus an t-uasmhéid atá ar fáil faoin Scéim Deontais um Éifeachtúlacht Fuinnimh a mhéadú go €10,000, an ráta ranníocaíochta gnó a laghdú ó 50% go 25% agus ‘Tástáil FBManna’ feabhsaithe a chur i bhfeidhm.

Ag leanúint ar aghaidh ón bPacáiste, sheol an Roinn an Mol Náisiúnta Fiontar i mí Iúil 2024, ag cur ardán láraithe ar fáil do bhreis is 230 tacaíocht rialtais. Go gairid ina dhiaidh sin, acmhainn rithabhachtach do ghnólachtaí ab ea an Mol, agus níos mó ná

2,300 fiosrúchán a láimhseáil agus 4,400 úsáideoir gníomhach míosúil a mhealladh. Bhain gníomhaireachtaí fiontraíochta torthaí láidre amach freisin.

Sa bhliain 2024, thacaigh Fiontraíocht Éireann le leibhéal fostaíochta is airde riamh de 234,454, agus 64% den fhás poist lasmuigh den phríomhchathair. Sheol an ghníomhaireacht ciste dícharbónaithe €200 milliún freisin agus leithdháileadh €152.9 milliún di dá clár TF&N. In 2024, chruthaigh cuideachtaí a fuair tacaíocht ó OFÁna 7,104 post nua, agus 81% den ghlanfhostaíocht nua lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Fuair GFT Éireann 234 infheistíocht, lena n-áirítear 69 ó infheisteoirí céaduaire, agus 59% díobh lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Táthar ag súil go nginfidh na hinfeistíochtaí seo 13,500 post. Ceadaiódh €1.9 billiún i ngealltanais T&F ó chliaint GFT le linn 2024 freisin.

Rinneadh nuachóiriú ar bheartas an mhargaidh saothair tríd an *Acht um Cheadanna Fostaíochta 2024*, lenar tugadh isteach córas ceada aonair agus solúbthacht nua do shealbhóirí ceadanna. Agus lánfhostaíocht á léiriú, ba é 46,624 líon iomlán na n-iarratas a fuarthas in 2024, méadú 21% ar 2023. Eisíodh 39,400 cead in 2024.

In 2024, fheabhsaigh an Roinn rochtain ar mhaoiniú trí roinnt tionscnamh. Mhéadaigh Micreamhaoiniú Éireann a huasteorainn iasachta faoi dhó go €50,000, agus bhí €419 milliún in iasachtaí eisithe ag Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine sular

dúnadh í ag deireadh na bliana. Leathnaíodh an Scéim Caipiteal Síil agus Fiontar faoi €250 milliún breise don tréimhse 2025–2029, agus lean Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta de mhaoiniú fadtéarmach, ar chostas íseal a sholáthar do FBManna. Thug dhá scéim deontais mhóra, an Scéim um Chostas Méadaithe Gnó agus an Scéim um Chumhachtú, breis is €400 milliún i dtacaíocht do níos mó ná 114,000 FBManna, agus béim a chur ar earnálacha a thrádáiltear go háitiúil.

Bhí forbairt réigiúnach fós ina tosaíocht lárnach, agus foilsíodh athbhreithnithe meántéarmacha ar na naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnacha i mí Aibreáin 2024. Chomh maith leis sin, chomhordaigh an Roinn cur i bhfeidhm Thuarascáil Tascfhórsa Geilleagrach Inbhear na Sionainne, agus 22 de na 89 gníomh molta ann críochnaithe agus 39 ar siúl. Neartaíodh iarrachtaí nuálaíochta agus braisliúcháin tríd an gClár Náisiúnta Braislthe agus an Straitéis um Speisialtóireacht Chliste, a chuir taca faoi €200 milliún i maoiniú nuálaíochta ón CFRE. Díríonn Tionscnamh na Nuálaithe a seoladh in 2023 ar cheithre chlár oiliúna earnáil-shonracha, Teicneolaíocht an Leighis, Teicneolaíocht Talmhaíochta, Cibearshlándáil, agus Sláinte Dhigiteach. Cuireadh tús le cibearshlándáil agus sláinte dhigiteach i Meán Fómhair 2024. Lean an Roinn de bheith ag cur Modhanna Nua-Aimseartha Tógála (MNAT) chun cinn freisin chun táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht a fheabhsú agus níos mó tithe a sheachadadh. Áiríodh leis seo maoiniú d'ionad taighde Construct Innovate agus forbairt Pháirc Taispeána MNAT nua.



Spríoc Straitéiseach 2: An t-aistriú glas agus digiteach a chur chun cinn chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht fiontar atá bunaithe in Éirinn a chinntiú

In 2024, rinne an Roinn dul chun cinn suntasach maidir lena dara spríoc straitéiseach a chur chun cinn: chun aistriú glas agus digiteach na hÉireann a thiomáint, agus iomaíochais agus inbhuanaitheacht fadtéarmach fiontar atá bunaithe in Éirinn a chinntiú.

Maidir le gníomhú ar son na haeráide, chuir an Roinn sraith tionscnamh spriocdhírthe i bhfeidhm chun tacú le dícharbónú ar fud earnálacha tionscail. Leithdháileadh €11.4 milliún ar 212 tionscadal faoin gCiste Trasdula Glas, rud a chuir ar chumas gnólaigh pleanáil agus infheistíocht a dhéanamh i gcleachtais inbhuanaithe. Ba chéim rithabhachtach í foilsiú suntasach 'Cumhachtú Rathúnais – Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe amach ón gCósta' i dtógáil slabhra soláthair láidir gaoithe amach ón gcósta, agus 40 gníomh straitéiseach ar bun chun Éire a shuíomh mar cheannaire domhanda i réimse na fuinnimh in-athnuaite.

D'oibrigh Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann le gnólaigh chun pleananna dícharbónaithe a chur chun cinn agus tugann Scéim um Chúnamh Comhshaoil nua €300 milliún na Roinne deis do na gníomhaireachtaí infheistíochtaí dícharbónaithe na ngnólaigh seo a luathú, agus leithdháileadh €28.8 milliún agus €28.5 milliún i gcúnamh comhshaoil ag Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann faoi seach in 2024.

Ag an am céanna, chuir an Roinn claochlú digiteach fiontar chun cinn. Trí Chiste an Aistrithe Dhigitigh, dáileadh €18.5 milliún ar 318 cuideachta, agus bhí breis is 500 seirbhís curtha ar fáil ag ceithre Mhol Eorpach na hÉireann maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach do FBManna agus do chomhlachtaí poiblí faoi dheireadh 2024. Chuir seoladh Thairseach agus Dearbhán Grow Digital bealaí inrochtana ar fáil do ghnólaigh chun uirlisí digiteacha a ghlacadh, lena n-áirítear IS, rud a fheabhsaíonn táirgiúlacht agus iomaíochas.

Neartaíodh ceannaireacht na hÉireann i mbeartas IS le foilsiú Straitéise Náisiúnta IS athnuaite agus bunú na Comhairle Comhairleach um IS. Chomh maith leis sin, bhí ról lárnach ag an Roinn i gcur i bhfeidhm an *Achta um an Intleacht Saorga de chuid an AE* agus rialacháin dhigiteacha tábhachtacha eile, lena n-áirítear an *Acht um Sheirbhísí Digiteacha* and *tAcht um Mhargáí Digiteacha*, rud a chinntíonn rialachas láidir agus muinín an phobail i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Bhí rannpháirtíocht straitéiseach le tionscnaimh AE fós ina bunchloch d'obair na Roinne. Mar thoradh ar ról réamhghníomhach na hÉireann san *Acht Eorpach um Shliseanna* ainmníodh Ionad Inniúlachta náisiúnta agus bhí rannpháirtíocht i línte póilótacha leathsheoltóra ardleibhéil. Chun tacú le dearadh táirgí inbhuanaithe agus spriocanna geilleagair chiorclaigh, rinne an Roinn ullmhúcháin do chur i bhfeidhm an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe agus rannchuidigh sí le reachtaíocht chógaíochta agus cosanta tomhaltóirí an AE. Leathnaigh Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, le tacaíocht ón Roinn, a ghníomhaíochtaí rialála agus straitéiseacha, go háirithe i réimse na hintleachta saorga, na hinbhuanaitheachta agus na tógála.



Spríoc Stráitéiseach 3: Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist ar ardchaighdeán, comhionannas inscne agus uilechuimsitheacht san áit oibre a chur chun cinn.

In 2024, lean an Roinn de bheith ag cur sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist ardchaighdeán, comhionannas inscne, agus cuimsitheacht san áit oibre chun cinn trí réimse forbairtí reachtaíochta, beartais agus institiúideacha.

I measc na bpríomhgharspriocanna reachtach bhí foilsiú Scéim Ghinearálta an *Bhille Fostaíochta (Srian le hAoiseanna Scoir Sainordaitheacha Áirithe)* agus an *Bille um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) (Leasú)*, ar neartaigh an dá cheann acu cosaintí d'oibrithe. Le tosach feidhme *Acht Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha)* agus *Cuideachtaí (Leasú) 2024* feabhsaíodh cosaintí fostaithe i gcásanna dócmhainneachta tuilleadh agus bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Fostaíochta chun a chinntiú go bhfanann dlí fostaíochta oiriúnach don fheidhm.

Chuir an Roinn athruithe forásacha i bhfeidhm ar theidlíochtaí reachtúla freisin, lena n-áirítear méadú ar shaoire bhreiteachta íochta ó thrí lá go cúig lá agus an ceart chun cianoibriú a iarraidh a chur i bhfeidhm. Tacaíodh leis na bearta seo le feachtais feasachta poiblí agus foilsiú Cód Cleachtais chun treoir a thabhairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe. Rinne an Roinn athbhreithniú reachtúil ar an *Acht um Íoc Pá (Séisiní agus Aiscí)* agus lean sí de thacaíocht a thabhairt don Choimisiún um Pá Íseal, a mhol Íosphá Náisiúnta nua de €13.50 (+6.3%) ó Eanáir 2025.

Bhí comhionannas inscne i measc na gceannaireachta fós ina thosaíocht, agus seoladh straitéis nua cúig bliana ag Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr, a bhfuil sé mar aidhm aici go mbeadh 40% de mhná ar bhoird agus ar fhoirne ceannaireachta. Reachtáil an Roinn cruinnithe comhchéime eanála ar leith chun tacú leis an sprioc seo agus chomhoibriú sí le ranna eile ar thaighde ar choinníollacha oibre, tionchar na hintleachta saorga ar an margadh saothair, agus pá breuiteachta reachtúil.

Tacaíodh go gníomhach le caidreamh tionsclaíoch tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) agus an Chúirt Oibreachais, a láimhseáil líon cásanna méadaithe agus a chuir córais nua i bhfeidhm chun éifeachtúlacht a fheabhsú. D'aisghabh an CCÁO breis is €2.1 milliún i bpá neamhíochta agus bhain sé ráta ratha 85% amach i réiteach díospóidí, agus d'eisigh an Chúirt Oibreachais níos mó cinntí ná an bhliain roimhe sin agus rinne sí a hoibríochtaí a shruthlíníú trí chóras nua bainistíochta cáis a thabhairt isteach.

I réimse na sábháilteachta san áit oibre, lean an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) de reachtaíocht a fhorfheidhmiú, cóid chleachtais nuashonraithe a fhoilsiú, agus dul i ngleic le páirtithe leasmhara maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear sábháilteacht cheimiceach agus sláinte cheirde. Sheol an ÚSS coiste comhairleach nua don eanáil sláinte agus cúraim shóisialaigh freisin agus lean sé ar aghaidh lena chuid oibre ar shábháilteacht feirme tríd an bPlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme.



Spríoc Stráitéiseach 4: **Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht** **rialála gnó agus ar tharraingteacht** **na hÉireann mar áit le gnó a** **dhéanamh.**

In 2024, rinne an Roinn dul chun cinn suntasach maidir le timpeallacht rialála gnó na hÉireann a fheabhsú agus tarraingteacht na tíre mar áit infheistíochta agus fiontraíochta a neartú. Bhí an obair seo bunaithe ar thiomantas chun éiceachóras iomaíoch, trédhearcach agus oiriúnach do nuálaíocht a chothú, rud a chothromaíonn maoirseacht rialála le solúbthacht gnó.

Thacaigh an Roinn leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta (CNIT), ag cur le foilsiú taighde rithabhachtach sa réimse seo agus ag óstáil an chéad Chruinniú Mullaigh Iomaíochais in Éirinn. Chuir na hiarrachtaí seo eolas ar fáil do ghníomhartha beartais a raibh sé mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha i réimse na tithíochta, na nuálaíochta agus na táirgiúlachta.

Bhí dul chun cinn reachtaíochta agus rialála lárnach i chlár oibre na Roinne. Le hachtú *Acht na gCuideachtaí (Rialachas Corparáideach, Forfheidhmiú agus Forálacha Rialála) 2024*, tugadh isteach athchóirithe fairsinge chun oibríochtaí cuideachtaí a shruthlíniú agus sásraí comhlíontachta agus forfheidhmithe a fheabhsú ag an am céanna. Chomh maith leis sin, rinne an Roinn dul chun cinn ar an *mBille um Chomharchumainn*, rud a nuachóireoidh an creat dlíthiúil do chomharchumainn, agus na Rialacháin maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí a chur i bhfeidhm, rud a chuir Éire ar aon dul le caighdeáin nocha aeráide an AE.

Ar leibhéal an AE, bhí an Roinn i gceannas ar chaibidlíocht ar roinnt treoracha agus rialacháin, nó chuir sí leis an gcaibidlíocht sin, lena n-áirítear an *Treoir um Dhícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach*, an *Treoir maidir le Dlí Cuideachtaí Digiteach*, agus an *Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha*. Tá sé mar aidhm ag na tionscnaimh seo creatlacha dlíthiúla a chomhoiriúnaigh, trédhearcacht a chur chun cinn, agus iomaíocht chóir a chinntiú ar fud an Mhargaidh Aonair. Chomh maith leis sin, chuir an Roinn ullmhúcháin chun cinn chun Pacáiste Athchóirithe Dearaidh Tionsclaíoch an AE agus an Rialachán

maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a thrasúiomh, rud a chinntíonn go bhfanfaidh Éire ailínithe le caighdeáin Eorpacha atá ag teacht chun cinn.

Neartaíodh cosaint tomhaltóirí agus beartas iomaíochta trí thosach feidhme an *Achta um Ghníomhartha Ionadaí*, rud a chuir ar chumas sásamh comhchoiteann do thomhaltóirí a dhéanamh, agus trí ullmhúcháin chun cosaintí tasc geografach a chur i bhfeidhm do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. Thacaigh an Roinn freisin leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ina ról nua faoin Rialachán um Fhóirdheontais Eachtracha. I réimse an athchóirithe ar ghortuithe pearsanta, leathnaigh an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta a sheirbhísí idirghabhála chun éilimh dliteanais phoiblí agus mhótair a áireamh, rud a neartaigh a ról i bpróisis chúitimh éifeachtacha, neamh-sáraíochta a sheachadadh.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar an mbeartas maoine intleachtúla le dréachtú an *Bhille Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú)* agus le rannpháirtíocht leanúnach i ndíospóireachtaí ar leibhéal an AE maidir le hathchóiriú paitinne, lena n-áirítear ceadúnú éigeantach agus deimhnithe cosanta forlíontacha.



Spríoc Stráitéiseach 5: **Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a neartú agus a leathnú ar bhealach freagrach, cothrom agus inbhuanaithe a thacaíonn le caighdeáin mhaireachtála níos airde agus an geilleagar uile-oileáin a mhéadú tuilleadh.**

In 2024, bhí obair na Roinne i dtreo an sprioc seo a bhaint amach treoraithe ag Straitéis Trádála agus Infheistíochta 2022–2026 an Rialtais, rud a chuireann fás inbhuanaithe, éagsúlú margaí onnmhairithe, agus ailíniú le spriocanna aeráide chun cinn.

Thacaigh an Roinn le cur i bhfeidhm na straitéise seo trí réimse tionscnamh, lena n-áirítear athbheochan na bhFoirne Margaidh Áitiúla agus Réigiúnacha, straitéisí cumarsáide feabhsaithe, agus foilsiú tuarascála ar sheasamh na hÉireann i slabhraí breisluacha domhanda. D'éascaigh misin trádála chuig príomh-mhargaí amhail SAM, an India, agus Stáit na Murascaille deiseanna gnó nua agus neartaigh siad láithreach idirnáisiúnta na hÉireann. Bhí ról lárnach ag an Roinn freisin i ndíospóireachtaí agus i gcaibidlíochtaí trádála ar leibhéal an AE, ag cinntiú go raibh leasanna na hÉireann ionadaithe i réimsí amhail an Margadh Aonair, trádáil dhigiteach agus inbhuanaitheacht.

Lean an Roinn de thacaíocht a thabhairt don gheilleagar uile-oileáin trína comhoibriú le InterTradelreland, a rinne comóradh 25 bliana ar an bhfód in 2024. Neartaíodh caidrimh thrádála na hÉireann le comhpháirtithe tábhachtacha, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe, SAM, an tSín, agus Ballstáit an AE, tuilleadh le cuairteanna ardleibhéil, coimisiúin eacnamaíocha comhpháirteacha, agus comhaontuithe straitéiseacha.

Ghlac an Roinn páirt ghníomhach i 13ú Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála agus chuir sí le forbairt beartais trádála an AE, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Comhaontuithe Saorthrádála nua agus forálacha inbhuanaitheachta. Chomh maith leis sin, bhí an Roinn i gceannas ar rannpháirtíocht na hÉireann leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus rinne sí ionadaíocht ar Éirinn ag cruinnithe de Choiste Rialtais Chomhairle na hEorpa.

I réimse an ghnó fhreagraigh, chuir an Roinn tionscnaimh inbhuanaitheachta corparáidí chun cinn, thacaigh sí le forbairt an dara Plean Náisiúnta um Ghnó agus Cearta an Duine, agus neartaigh sí Pointe Teagmhála Náisiúnta an ECFE. Feabhsaíodh rialuithe onnmhairithe, forfheidhmiú smachtbhannaí agus scagadh infheistíochta freisin trí reachtaíocht agus córais nua, rud a chinntíonn go gcomhlíonann Éire oibleagáidí idirnáisiúnta agus a chosnaíonn leasanna náisiúnta.

Cuireadh tús dáiríre leis na hullmhúcháin d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE in 2026, agus leathnaigh an Roinn a hAonad Gnóthaí AE agus chuir sí tús le pleanáil beartais agus oibríochtúil. Léiríonn na hiarrachtaí seo ár dtiomantas chun todhchaí bheartas trádála, iomaíochais agus fostaíochta na hEorpa a mhúnlú.



Spríoc Stráitéiseach 6: **Roinn nuálach agus lúfar a** **fhorbairt le héiteas láidir seirbhíse** **poiblí a spreagann forfheidhmiú** **beartais éifeachtach agus** **freagrach.**

Sa bhliain 2024, leithdháileadh comhroinnt chomhlán de €1,435 milliún ar an Roinn i ndiaidh Meastacháin Fhorlíoantaigh, rud a chuir ar a cumas scéimeanna tábhachtacha amhail na tionscnaimh um Chostas Méadaithe Gnó agus Chumhachtaithe a chur i bhfeidhm. Síneadh pleanáil chaipitil go dtí 2030, agus uasteorainneacha daingnithe do 2025 agus 2026 faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Chuir an Roinn a Straitéis Daoine 2021–2024 chun cinn, ag díriú ar athléimneacht, ar chuimsitheacht agus ar cheannaireacht. I measc na dtionscnamh bhí seoladh painéal sonraí AD nua, cláir oiliúna agus meantóireachta feabhsaithe, agus leabú cleachtais oibre chumascha. Chomh maith leis sin, rinne an Roinn a creidiúnú 'Infheisteoirí san Éagsúlacht – Airgid' a athnuachan agus d'fhoilsigh sí a céad Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Neartaíodh pleanáil fórsa saothair trí rannpháirtíocht struchtúrtha agus méadú ar earcaíocht, agus mhéadaigh líon na foirne go dtí os

cionn 1,015 coibhéis lánaimseartha. D'fhoilsigh an Roinn a dara tuarascáil ar an mBearna Pá Inscne. Bhí foghlaim agus forbairt lárnach i rannpháirtíocht na foirne, agus Acadamh Fiontraíochta nua na Roinne ag tairiscint breis is trí chéad cúrsa agus ag tacú le dul chun cinn acadúil, meantóireacht agus cóitseáil feidhmiúcháin.

Feabhsaíodh cumarsáid agus trédhearcacht le fás suntasach i rannpháirtíocht sna meáin shóisialta agus i dtrácht ar an suíomh gréasáin. Bhainistigh an Roinn breis is 390 iarratas meáin, d'eisigh sí 125 preasráiteas, agus d'fhreagair sí líon méadaitheach iarrataí um Shaoráil Faisnéise agus cosaint sonraí. Bhí cumarsáid inmheánach fós láidir, agus ceithre chéad scéal nuachta roinnte leis an bhfoireann. D'fhoilsigh an Roinn a Treochlár Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024, ina leagtar amach a spriocanna dícharbónaithe agus ina dtuairiscítear laghdú 49% ar astaíochtaí ón mbliain bhonnlíne.

Tacaíodh le claochlú na seirbhíse poiblí trí cheardlanna nuálaíochta, rannpháirtíocht i Seachtain an Chlaochlaithe, agus aitheantas ag Gradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse. Neartaíodh athléimneacht oibríochtúil le prótacail sláinte agus sábháilteachta nuashonraithe, le straitéis chuimsitheach bainistíochta taifead, agus le plean soláthair nua le fócas ar sholáthar glas. Chomh maith leis sin, chuir an Roinn a straitéis TFC chun cinn, agus tairseacha digiteacha nua á seoladh agus ailíniú ard le caighdeáin náisiúnta cibearshlándála á bhaint amach. Le foilsiú Ráiteas Straitéise 2024–2025 i mí Dheireadh Fómhair, athdhearbhaíodh misean agus treo straitéiseach na Roinne, ag cuimsiú a tiomantais don nuálaíocht, don chuntasacht agus don fheabhas sa tseirbhís phoiblí.

Fís, Misean, Luachanna.

Ár bhFís

Socróimid Éire mar an áit is fearr le go n-éireoidh le gnó i ngach cuid dár dtír, le fiontair bheoga, níos mó fostaíochta ar ardchaighdeán, trádáil atá ag fás, ionaid oibre cothroma agus táirgiúlacht níos airde.


Ár Misean

Beimid i gceannas ar fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe trí fhostaíocht ardchaighdeán a chruthú agus a chothú ar fud gach cuid dár dtír trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: fhiontraíocht a chur chun cinn; bonn gnó iomaíoch a chinntiú chun dreasacht a thabhairt d'obair, do fhiontair inbhuanaithe, do nuálaíocht agus d'infheistíocht; naisc dhomhanda agus trádáil a neartú; margaí cothroime agus iomaíocha, cleachtas gnó freagrach a chur chun cinn; chomh maith le láithreacha oibre sábháilte, solúbtha agus réasúnta trí obair rialála agus forfheidhmithe na Roinne, a cuid Oifigí agus a Gníomhaireachtaí.

Ár Luachanna

Mar Roinn, cothaímid cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta, nuálaíochta agus luach ar airgead, atá fréamhaithe in éiteas na seirbhíse poiblí de neamhspleáchas, comhionannas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht, cothroime, dínit agus meas. Mar Státseirbhísigh, glacaimid na caighdeáin is airde gairmiúlachta, macántachta, oibiachtúlachta agus cáilíochta, atá lárnach chun ár ról a chomhlíonadh maidir le freastal ar an Rialtas, ar an gcóras daonlathach agus ar an bpobal.

Bord Bainistíochta na Roinne agus Struchtúr na Rannóige 2024.



Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne.



Oifig Maoine
Intleachtúla na hÉireann
Intellectual Property
Office of Ireland



AN OIFIG UM CHLÁIR CUIDEACHAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE



CLÁIR NA gCARA-CHUMANN
REGISTRY OF FRIENDLY SOCIETIES




AN CLÁIR UM UNDRACHAIT TÁIRBHÍ
REGISTER OF BENEFICIAL OWNERS



AN COMISIÚN UM CHAIDREAMH SAN ÁIT OIBRE
WORKPLACE RELATIONS COMMISSION



THE LABOUR COURT
An Chéirt Oibreachais



Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority



IDA
Ireland



Enterprise
Ireland



NSAI



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority



Comisiún um
Competition agus
Consumer Protection
Competition and
Consumer Protection
Commission



INJURIES
RESOLUTION
BOARD
BORD UM REIREACH DÍOBHÁLACHA PERSAIN
PERSONAL INJURIES RESOLUTION BOARD



IAASA
Irish Auditing & Accounting
Supervisory Authority

Ráiteas Straitéise 2023-2025





Spríoc Straitéiseach 1:

Fostaíocht iomlán a choinneáil agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach láidir a chinntiú.

Leagtar amach sa Chaibidil seo an dul chun cinn a rinneadh i mbaint amach an spríoc straitéiseach seo in 2024.

Cur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin ar an bhFiontraíocht

Leagadh amach fíis agus plean an [Rialtais sa Pháipéir Bán ar an bhFiontraíocht 2022-2030](#) chun fiontar rathúil atá lonnaithe in Éirinn a chumasú, agus déanfar sin trí na 7 gcuspóir beartais fiontraíochta a bhaint amach.

- 1 **Dícharbónú agus gealltanais i leith glan-astaíochtaí nialasacha a chomhtháthú,**
- 2 **Claoclú digiteach a chur i gcroílár an bheartais fiontraíochta,**
- 3 **IDC na hÉireann agus tairiscint luacha trádála a chur chun cinn,**
- 4 **An earnáil onnmhairithe faoi úinéireacht na hÉireann a neartú,**
- 5 **Earnálacha trádála áitiúla a chumasú le bheith rathúil,**
- 6 **Dlús a chur le nuálaíocht fiontraíochta,**
- 7 **Tógáil ar láidreachtaí agus deiseanna reatha na hÉireann, trí chur chuige braislithe.**

I mí na Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Roinn an chéad cheann de Phleananna Forfheidhmithe dhá bhliain as a chéile de ghníomhaíocht tras-Rialtais don Pháipéir Bán ar an bhFiontraíocht. Sa chéad Phlean Forfheidhmithe sin, lena gcumhdaítear an tréimhse 2023-2024, sainithníodh punann de 40 tionscnamh agus tionscadal tábhachtacha ar fud na 7 dtosaíocht. Is í an Roinn seo agus a gníomhaireachtaí fiontraíochta is mó a thiomáineann na 40 tionscnamh, agus tá Ranna Rialtais ábhartha eile agus comhlachtaí poiblí freagrach as roinnt táirgí insoláthartha eile. Déantar na gníomhartha seo le hiarrachtaí ar bhonn uile-Rialtais chun coinníollacha creatlaí iomaíochais na hÉireann a fheabhsú, lena n-áirítear soláthar scileanna, rochtain ar mhaoiniú, bonneagar, agus costais ghnó.

Déantar faireachán ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin trí thuairiscí nuashonraithe leathbhliantúla a fhorbraíonn agus a fhoilsíonn an Roinn. Tá trí thuarascáil nuashonraithe críochnaithe anois, lena gcumhdaítear sa [tuarascáil is déanaí](#) na tréimhse H1 2024, foilsithe i R4 de 2024. Sainithníodh sa tuarascáil seo go raibh breis is 85% de na gníomhaíochtaí a ndearnadh monatóireacht orthu faoi chur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin críochnaithe nó go raibh siad ar an mbóthar ceart le bheith críochnaithe.

I measc na bpríomhéachtaí in 2024 bhí dul chun cinn i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm [Cumhachtú Rathúnais – Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe amach ón gCósta](#), críochnú Síneadh Teiripí Ardleibhéil NIBRT (An Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bithphróiseála), seoladh tairseach dhigitigh nua chun cabhrú le fiontar leas a bhaint as raon tacaíochtaí atá ar fáil chun tacú leo ar a n-aistear digitithe, chomh maith le foilsiú an [Treochlár le haghaidh Teas Tionsclaíoch Dhícharbónú](#) chun dícharbónú a chur chun cinn ar fud riachtanais téimh agus fuaraithe ár ngeilleagair agus ár sochaí.

Ag tacú le FBManna.

I mí na Bealtaine 2024, chomhaontaigh an Rialtas réimse beart a raibh sé mar aidhm leo costais a laghdú do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide, arna dtabhairt chun cinn ag an Aire Burke.

I measc na bpríomhbhearta bhí:

Athoscailt na Scéime um Chostas Méadaithe Gnó (CMG) ar feadh 14 lá eile.	An dara híocaíocht CMG a thabhairt isteach do ghnólachtaí sna hearnálacha miondíola agus fáilteachais.	An Scéim Deontas Nuálaíochta a mhéadú faoi dhó go €10,000.
An t-uasmhéid atá ar fáil faoin Scéim Deontais Éifeachtúlachta Fuinnimh a mhéadú go €10,000 agus an ráta ranníocaíochta gnó a laghdú ó 50% go 25%.	Incháilitheacht don Dearbhán Trádála Ar Líne a leathnú, agus é a leathnú chuig gach earnáil suas le 50 fostaí, caiteachas incháilithe a nuachóiriú agus an deontas a mhéadú faoi dhó go €5,000.	An teorainn iasachta le haghaidh iasachtaí Mhicreamhaoiniú Éireann a mhéadú go €50,000 ó €25,000.
Incháilitheacht don Scéim Chomhairleoireachta Digiteach do Ghnó a leathnú agus í a leathnú chuig gach earnáil ina bhfuil suas le 50 fostaí.	Seoladh an Mhol Náisiúnta Fiontair nua ar líne do FBManna chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi raon leathan tacaíochtaí gnó rialtais.	Tástáil FBManna' feabhsaithe á cur i bhfeidhm ag an Roinn seo Fostaíochta le Roinn an Taoisigh.

D'fhoilsigh an Tascfhórsa FBManna agus Fiontraíochta faoi chomhchathaoirleacht na nAirí Burke, Higgins agus Calleary tuarascáil i mí Feabhra 2024 ina raibh aird tugtha ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha tosaíochta a sainaithníodh do FBManna. I Meán Fómhair 2024, cheadaigh an Rialtas feabhsuithe ar an Tástáil FBManna mar aon le treoirlínte athbhreithnithe. Leis an Tástáil FBManna feabhsaithe spreagtar lucht déanta beartas ar fud an Rialtais chun machnamh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta nua ar FBManna. Trí líonra tras-rialtas, chuir an Roinn tacaíocht ar fáil maidir le cur i bhfeidhm na tástála agus d'iarr sí nuashonruithe ráithiúla ar chur i bhfeidhm na tástála. Sa bhliain 2024, chuir ocht Roinn Rialtais 26 Tástáil FBM i bhfeidhm i gcomparáid le hocht dTástáil FBM ag sé Roinn Rialtais sa bhliain 2023.

I rith na bliana, ghlac an Roinn páirt ghníomhach i gcoistí beartais FBManna AE agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Coiste um FBManna agus Fiontraíocht an ECFE, Líonra Toscaireachtaí FBManna an AE, agus Coiste Iomaíochais agus Inbhuanaitheachta FBManna an AE (COSME). Faoi chomhchathaoirleacht an Aire Burke agus an Ard-Rúnaí, bhuail an Fóram Fiontar le chéile trí huair in 2024. Úsáidtear an Fóram go forleathan le haghaidh rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ar iomaíochas agus costais agus ar shaincheisteanna straitéiseacha a mbíonn tionchar acu ar fhiontair ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Le linn 2024, ba mhór an chabhair iad cruinnithe an Fhórait Mhiondíola, faoi chathaoirleacht an Aire Higgins, leis an earnáil mhiondíola dul i ngleic le dúshlán earnála lena n-áirítear coireacht mhiondíola agus costas gnó a dhéanamh, chomh maith le fócas ar riachtanais fhorbartha na hearnála agus todhchaí na miondíola. Bunaítear clár oibre bliantúil an Fhórait trí chomhchruthú le comhaltaí agus seachadtar é trí na Grúpaí Oibre a dhíríonn ar an Aistriú Glas agus ar Dhigitiú agus Scileanna.

An Mol Náisiúnta Fiontair.

Sheol an tAire Burke an Mol Náisiúnta Fiontair (MNF) i mí Iúil 2024. Leis an mol, tugtar le chéile faisnéis agus acmhainní ar bhreis is 180 tacaíocht rialtais ó 19 roinn agus ó ghníomhaireachtaí stáit éagsúla, agus is féidir rochtain a fháil orthu tríd an mol nua ar líne (www.neh.gov.ie) nó trí labhairt le comhalta den fhoireann comhairleoirí ar an bhfón nó trí chomhrá beo. Is é an aidhm ná an dul i ngleic le tacaíochtaí rialtais a dhéanamh níos éifeachtaí, agus glacadh le deontais agus scéimeanna rialtais a mhéadú, rud a thacóidh le forbairt agus fás ghnólachtaí Éireannacha. Ó seoladh é, tá an MNF tar éis déileáil le breis agus 2,300 fiosrúchán agus tá 4,400 cuairt úsáideoir gníomhach míosúil á thabhairt ar a shuíomh.

Gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí Fiontraíochta.

Fiontraíocht Éireann.

Ba í 2024 an bhliain dheireanach de straitéis 2022-2024 Fhiontraíocht Éireann, [Ag Treorú i nDomhan atá ag Athrú](#). I rith na bliana, lean Fiontraíocht Éireann de bheith ag díriú ar fhorbairt chuideachtaí Éireannacha den scoth a luathú agus tacú leo chun poist cheannródaíocha a bhaint amach i margai domhanda.

Mhéadaigh líon iomlán na bhfostaíochta i gcuideachtaí a fuair tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann go dtí 234,454 in 2024, an líon is airde riamh, agus taifeadadh fás post i ngach réigiún den tír. Bhí glanghnóthachan de 6,212 post i gcuideachtaí a fuair tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann in 2024, agus 64% den fhás iomlán post i gceantair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Maoiníonn an Roinn an Clár Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (TF&N) Fhiontraíocht Éireann a sholáthraíonn tacaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta díreacha agus indíreacha do chuideachtaí dúchasacha chomh maith

le tráchtálú taighde atá maoinithe ag an Stát. Cuireann Clár TF&N Fhiontraíocht Éireann tacaíochtaí ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí fanacht iomaíoch agus a ndíolacháin agus a bhfostaíocht a mhéadú. Sa bhliain 2024, leithdháileadh maoiniú caipitil de €152.9 milliún don chlár, arb ionann é agus thart ar 25% de chaiteachas iomlán an Stáitchiste ar thaighde agus ar fhorbairt.

Seoladh an Glao is déanaí ar Threalamh Caipitil go rathúil i Meán Fómhair 2024. Le dámhachtainí aonair suas le €2 mhilliún ar fáil, feidhmeoidh an trealamh a mhaoineofar tríd an ngairm seo mar inneall forbartha eacnamaíochta do chuideachtaí áitiúla, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide nach bhfuil in acmhainn infheistíocht a dhéanamh ar an scála seo. Cabhróidh an trealamh nua le cuideachtaí táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt, ag díriú ar inbhuanaitheacht agus ar tháirgiúlacht déantúsaíochta. Gheobhaidh na 10 dtionscadal ceadaithe faoin ngairm seo €12.1 milliún i maoiniú chun rochtain a fháil ar threalamh den scoth.

I mí Iúil 2024, mar chuid de raon beart atá dírithe ar chostais a laghdú do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide, méadaíodh an

Dearbhán Nuálaíochta ó €5,000 go dtí uasluach €10,000 chun tacú níos fearr le FBManna rochtain a fháil ar thaighde comhoibríoch ón earnáil tríú leibhéal againn.

Leagtar amach sa [Straitéis Spáis Náisiúnta don Fhiontraíocht](#) fíis don earnáil a bhaineann leis an spás, is é sin ‘tionscal spáisghníomhach atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de agus atá ag leathnú, ag soláthar post ardchaighdeán do gheilleagar an lae amárach’. Comhordaíonn Fiontraíocht Éireann rannpháirtíocht thionsclaíoch agus taighde na hÉireann i gclár Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. Tacaíonn infheistíocht leanúnach na Roinne i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE) le rannpháirtíocht chuideachtaí Éireannacha le GSE, agus infheistíodh €26.17 milliún in 2024. Tuairiscíonn Fiontraíocht Éireann go raibh 116 cuideachta ag baint leasa as conarthaí GSE ag deireadh 2024. Bhí córais teicneolaíochta úrscothach, arna ndearadh, arna dtógáil agus arna seachadadh ag cuideachta innealtóireachta spáis Éireannach, ar bord ar lainseáil rathúil roicéad Ariane 6 i mí Iúil, rud a léirigh fillleadh rochtana uathrialach na hEorpa ar an spás.

Oifigí Fiontair Áitiúla.

In 2024, d'fhoilsigh an Roinn [Ráiteas Beartais na hOifige Fiontair Áitiúil \(OFÁ\) 2024 – 2030](#). Leagtar amach sa [Ráiteas Beartais](#) an treo amach anseo agus treochlár maidir le conas a ailíneoidh Oifigí Fiontar Áitiúla (OFÁna) a gcuid oibre le tosaíochtaí an Pháipéir Bháin ar an bhFiontraíocht.

Leathnaigh na OFÁna a rannpháirtíocht leis an earnáil bheag fiontar áitiúil den gheilleagar mar fhreagairt ar bheartais an Rialtais chun táirgiúlacht fhoriomlán an gheilleagair a fhás agus chun dul i ngleic le dúshlán gheilleagair ísealcharbóin, digitigh. I gcás na hearnála beaga trádála áitiúla tá breis is 370,000 gnólacht beag incháilithe anois le haghaidh tacaíochta trí na OFÁna le leathnú chreat na OFÁna chun cúnamh deontais a sholáthar do ghnólachtaí a bhfuil suas le 50 fostaí acu in éineacht le leathnú tacaíochtaí, amhail an Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh agus an Dearbhán Grow Digital nua.

Léiríonn Suirbhé Bliantúil Fostaíochta 2024 ar chliaint na n-OFÁna cruthú post dearfach arís i bhformhór na OFÁna. Chruthaigh cuideachtaí a fuair tacaíocht ó OFÁna 7,104 post nua in 2024, rud a léirigh méadú 7% ar fhostaíocht ó 2023. Bhí glanghnóthachan fostaíochta de 2,459 ann don bhliain. Ba é 39,541 an líon iomlán fostaíochta i ngnólachtaí a fuair tacaíocht ó OFÁna in 2024, agus cruthaíodh 81% de ghlaphoist nua lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann.

Lean Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann (CDCÉ) de thacaíocht a thabhairt do dhearthóirí agus do dhéantóirí chun a ngnólachtaí a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe. Tá gníomhaíochtaí CDCÉ maoinithe ag an Roinn trí Fhiontraíocht Éireann. Cuidíonn an maoiniú leis na hearnálacha dearaidh agus ceardaíochta díolacháin

ionnmhairithe breise agus deiseanna ioncaim ar líne a fhorbairt agus a ghiniúint agus a n-éagsúlú margaidh a mhéadú.

GFT Éireann.

Sa bhliain 2024, chríochnaigh GFT Éireann an bhliain dheireanach dá straitéis 4 bliana, [Téarnamh agus Fás Inbhuanaithe a Thiomáint 2021 – 2024](#), agus bhí feidhmíocht láidir aige i gcomhthéacs timpeallacht eacnamaíoch dhomhanda dúshlánach. Chuidigh GFT Éireann le hinfheistíocht réigiúnach agus tionscadail chlaohlaitheacha suntasacha a sheachadadh in 2024 i réimsí na taighde agus na forbartha, na nuálaíochta, na hinbhuanaitheachta agus na forbartha tallann.

Thuairiscigh GFT Éireann líon iomlán de 234 infheistíocht a mbeidh 13,500 post mar thoradh orthu sna blianta beaga amach romhainn. Bhí 69 infheistíocht san iomlán ó infheisteoirí nua nó infheisteoirí céaduaire. As na 234 infheistíocht, bhí 137 díobh, arb ionann é sin agus 59% díobh, i suíomhanna réigiúnacha lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, i gcomhréir le straitéis an Rialtais maidir le forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom, méadú ó 53% in 2023.

Tugtar cúnamh d'infheistíocht réigiúnach trí Chlár Réadmhaoine Réigiúnach GFT Éireann a chinntíonn soláthar talún, foirgneamh agus bonneagair i suíomhanna réigiúnacha de réir mar a theastaíonn ó chliaint reatha agus ionchasacha GFT Éireann, chomh maith le cliaint Fhiontraíocht Éireann agus Oifigí Fiontair Áitiúla. Faoin gclár seo, tá GFT Éireann ag dul chun cinn le seachadadh 19 Réiteach Foirgníochta Ardleibhéil (RFA) ar fud 6 réigiún i 15 shuíomh, ag obair le hÚdaráis Áitiúla, i gcás inarb iomchuí, ar cheadanna pleanála roimh ré le haghaidh réitigh foirgníochta breise. Ag deireadh 2024, bhí 8 bhfoirgneamh críochnaithe, agus 4 cinn eile á dtógáil agus 7 dtionscadal i gcéimeanna éagsúla pleanála, soláthair nó roghnú suímh.

Cheadaigh GFT Éireann infheistíocht Taighde agus Forbartha (T&F) ó chliantchuideachtaí GFT Éireann, ar fiú €1.9 billiún i thar 64 tionscadal, le linn 2024. Gheall cliaint GFT Éireann infheistíocht chaipitil de €117 milliún i dtreo infheistíochtaí inbhuanaitheachta agus €118 milliún breise chun a lucht saothair a oiliúint agus a fheabhsú.

San iomlán, gineann cliaint IDC (infheistíocht dhíreach choigríche) GFT Éireann poist ard-oilte go seasta ar fud na tíre agus bhí 302,566 duine fostaíthe go díreach in 2024 ag breis is 1,800 cliantchuideachta de chuid GFT Éireann. D'fhan leibhéil fostaíochta laistigh den earnáil IDC os cionn 300,000 don tríú bliain as a chéile.

Leanann an Roinn agus a hAíre ag obair go dlúth le GFT Éireann chun a chinntiú go bhfanann feidhmíocht IDC na hÉireann den scoth agus go gcomhlíonfaimid dúshlán timpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos iomaíche i gcás infheistíocht dhíreach choigríche atá an-soghluaiste.

Aistriú Eolais Éireann.

I mí Aibreáin 2024, d'óstáil an Roinn i gcomhar le hAistriú Eolais Éireann an Chomhdháil 'Luach an Aistrithe Eolais a Nochtadh'. Chuir an tAire Gnó, Fostaíochta agus Miondíola, Emer Higgins TD, tús leis an gComhdháil, ag labhairt le toscaireachtaí ar fud éiceachóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann. Ba í aidhm na comhdhála feasacht a mhúscailt ar na Prionsabail Threoracha maidir le Luacháil Eolais agus Cóid Chleachtais a chur i bhfeidhm, arna bhfoilsiú ag Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht an Choimisiúin Eorpaigh. Bhí an t-imeacht seo mar chuid de shraith níos leithne imeachtaí a bhí ar siúl ar fud na hEorpa an t-imeacht seo.

Rochtain ar Mhaoiniú agus Maoiniú chun Gnólachtaí a Mhéadú.

Micreamhaoiniú Éireann.

Cuireann Micreamhaoiniú Éireann (MMÉ) iasachtaí ar fáil do mhicrifhiontair a bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí acu, a bhfuil láimhdeachas bliantúil níos lú ná €2 mhilliún acu, agus nach gcomhlíonann na critéir riosca traidisiúnta a chuireann iasachtóirí tráchtála i bhfeidhm. I mí na Bealtaine 2024, fuair an tAire Burke comhaontú Rialtais chun an teorainn uasta ar iasachtaí a méadú faoi dhó ó €25,000 go €50,000. Chuidigh an méadú seo le gnólachtaí seanbhunaithe maoiniú cuí a fháil chun a ngnó a chothabháil agus a fhás agus cuirfidh sé bealach eile tacaíochta airgeadais ar fáil freisin chun cabhrú le fiontair nuathionscanta.

Cuireann MMÉ seirbhísí meantóireachta iar-cheadaithe ar fáil dá iasachtaithe trí Líonra Oifigí Fiontair Áitiúla na roinne freisin. Ó bunaíodh iad in 2012, tá breis is 5,000 iasacht ceadaithe ag MMÉ ar luach €85.4 milliún, ag tacú le 10,703 post. Is iad na hearnálacha is mó a bhfuil iasachtaí faighte acu ó MMÉ ná an earnáil mhórdhíola agus mhiondíola (20%), an déantúsaíocht (11%), seirbhísí eile (10%) agus gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicneolaíochta (9%).

Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine.

Seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine, (SRCÚ), ar fiú €1.2 billiún í i mí Eanáir 2023 chun caipiteal oibre ar chostas íseal a sholáthar do FBManna, do tháirgeoirí príomhúla, agus do ghnólachtaí meánmhéide beaga. I measc na n-iasachtóirí ar an scéim bhí Banc na hÉireann, AIB, trí chomhar creidmheasa déag, agus na hiasachtóirí neamhbhainc Capitalflow agus Linked Finance. Dúnadh an scéim d'iasachtaí nua an 31 Nollaig 2024 agus tarraingíodh 4,578 iasacht SRCÚ ar luach €419 milliún.

Caipiteal Síl agus Fiontair.

Tá fás tagtha ar an margadh airgeadais infheistíochta na hÉireann le deich mbliana anuas, ach tá codanna den mhargadh ann a bhfuil gá acu le hidirghabháil go fóill, go príomha gnólachtaí nuathionscanta/síl agus gnólachtaí atá ag méadú. Déanann Fiontraíocht Éireann an Scéim Caipitil Síl agus Fiontair (CSF) a bhainistiú thar ceann na Roinne, chun feabhas a chur ar na codanna luathchéime den mhargadh infheistíochta caipitil.

In 2024, críochnaíodh mheastóireacht ar thacaíochtaí Stáit d'infheistíocht chothromais, lena n-áirítear athbhreithniú ar an CSF agus foilsíodh cuid de. Leag an t-athbhreithniú béim ar an ngá leanúnach atá leis an CSF chomh maith le moltaí chun a héifeachtacht a fheabhsú.

I mí an Mheithimh 2024, d'fhógair an tAire Burke buiséad méadaithe de €75 milliún i gcomparáid le timthriallta roimhe seo, rud a thabharfadh buiséad iomlán na Scéime Caipitil Síl agus Fiontair (CSF) go €250 milliún thar an tréimhse 5 bliana atá romhainn, ó 2025 go 2029. I mí na Samhna 2024, sheol Fiontraíocht Éireann an chéad ghairm oscailte do bhainisteoirí cistí chun páirt a ghlacadh sa Scéim in 2025.

Airgeadas le haghaidh Scálaithe.

Foilsíodh [an tuarascáil ar Mhaoiniú do Ghnólachtaí atá i mbun Fáis](#) i mí Iúil 2024. Thug an tuarascáil na trí mholadh beartais seo a leanas chun cabhrú le héiceachóras scálaithe na hÉireann a chothú agus a fhorbairt:

1. A chinntiú go bhfuil maoiniú scálaithe ar fáil trí chistí a thabhairt isteach agus a chur chun cinn a chuirfidh roghanna maoinithe scálaithe ar fáil do bhunaitheoirí agus do ghnólachtaí nuathionscanta;
2. Imscrúdú a dhéanamh ar roghanna maidir le rannpháirtíocht cistí pinsin agus infheisteoirí institiúideacha

i cistí cothromais scálaithe agus fiontair chorparáideacha in Éirinn a spreagadh; agus

3. Athbhreithniú a dhéanamh ar mhúnla cánach an Stáit agus ionstraimí a dhearadh a spreagann infheistíocht i gcuideachtaí atá i mbun fáis.

Iarrtar sa tuarascáil freisin go mbunófar coiste cur chun feidhme chun gníomhartha praiticiúla a fhorbairt. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm rathúil na moltaí, táthar ag súil go mbeidh rochtain níos fearr ag cuideachtaí nuálacha Éireannacha ar an maoiniú atá riachtanach chun leanúint orthu ag fás agus ag leathnú in Éirinn agus chun teacht le deiseanna ar leibhéal an AE mar chuid d'fhorbairt Aontas na Margaí Caipitil.

Gnólachtaí Nuathionscanta.

I mí Iúil 2024, deimhníodh gur ball iomlán í Éire de Chomhghuaillíocht Eorpach na Náisiún Gnólachtaí Nuathionscanta (ESNA). Ainmníodh Fiontraíocht Éireann chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag ESNA agus cuireann an Roinn tacaíocht leanúnach beartais ar fáil.

D'oibrigh an Roinn leis an ECFE chun tuarascáil dar teideal '[Tacú le domhandú gnólachtaí nuathionscanta in Éirinn trí chothú agus luathú](#)' a chur i gcrích agus a fhoilsiú. I mí Dheireadh Fómhair 2024, thug an Rialtas faoi deara torthaí agus moltaí thuarascáil an ECFE agus rún na Roinne tús a chur leis an bpróiseas chun beartais nua a fhorbairt maidir le cláir ghoir agus luathaithe a mhéadóidh idirnáisiúnu gnólachtaí nuathionscanta, i gcomhréir leis an bPáipéar Bán ar an bhFiontraíocht.

Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta.

Cuireadh dhá scéim deontas do FBManna i bhfeidhm go rathúil in 2024 – an Scéim um Costas Méadaithe Gnó (CMG) agus an Scéim um Chumhachtú.

Seoladh an Scéim Iasachtaí Fáis agus Inbhuanaitheachta (SIFI) €500 milliún i Meán Fómhair 2023 agus tá maoiniú suntasach nochtaithe aici chun go mbeidh gnólachtaí Éireannacha in ann leas a bhaint as maoiniú fadtéarmach ar chostas níos ísle chun leathnú, éagsúlú, táirgiúlacht a fheabhsú agus infheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh agus in inbhuanaitheacht. Díríonn an scéim seo ar 30% ar a laghad den mhéid iasachtaí chun críocha inbhuanaitheachta comhshaoil agus é mar aidhm aici FBManna a spreagadh chun bearta dearfacha a dhéanamh. I rith 2024, lean Banc na hÉireann, AIB agus Finance Ireland orthu ag tabhairt iasachtaí faoin Scéim agus sheol dhá iasachtóir eile, PTSB agus Close Brothers, an scéim go luath in 2024. Beidh an SIFI i bhfeidhm go dtí Meitheamh 2026 nó go dtí go mbeidh an scéim lán, cibé acu is luaithe.

Scéim um Costas Méadaithe Gnó agus Scéim um Chumachtú.

Cuireadh dhá scéim deontas do FBManna i bhfeidhm go rathúil in 2024 – an Scéim um Costas Méadaithe Gnó (CMG) agus an Scéim um Chumachtú. Dearadh na scéimeanna seo ag an Roinn chun tacú le gnólachtaí leis na costais mhéadaithe a bhaineann le gnó a reáchtáil. Ba iad na hÚdaráis Áitiúla a riar na scéimeanna thar ceann na Roinne. San iomlán, íocadh breis is €400 milliún le FBManna ar fud na tíre agus béim ar leith á leagan ar ghnólachtaí beaga áitiúla sna hearnálacha miondíola, fáilteachais agus áilleachta.

D'íoc an Scéim um Costas Méadaithe Gnó os cionn €244 milliún go rathúil le breis is 75,000 FBM, lena n-áirítear os cionn 41,000 gnólacht sna hearnálacha miondíola, fáilteachais agus áilleachta. Rinneadh na híocaíochtaí go léir le gnólachtaí incháilithe roimh dheireadh 2024. Tá €158 milliún íochta amach ag an Deontas um Chumachtú le breis is 39,000 gnólacht sna hearnálacha ábhartha.

Forbairt Réigiúnach.

Bonneagar Eacnamaíoch agus Beartas Creata Pleanála Náisiúnta.

Tá pleanáil ar leibhéal náisiúnta treoraithe suas go dtí 2040 ag an gCreat Pleanála Náisiúnta (CPN). Leagtar síos ann freisin na cuspóirí ardleibhéil a threoraíonn forbairt na pleanála ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Tá an CPN rithábachtach don Roinn agus dá gníomhaireachtaí forbartha fiontar. Treoraíonn sé cuspóirí beartais agus straitéiseacha, tacaíonn sé le forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom agus le fás geilleagrach, agus soláthraíonn sé léargas comhleanúnach ar fhorbairt na hÉireann sa todhchaí don bhonn fiontraíochta.

Tá sé mar aidhm ag obair na Roinne i mbonneagar eacnamaíoch agus i mbeartas an CPN seachadadh Thionscadal Éireann 2040, lena n-áirítear an CPN agus an Plean Forbartha Náisiúnta, a ailíniú le riachtanais agus tosaíochtaí fiontar chun tacú le fás eacnamaíoch ar bhealach cothrom ar fud na hÉireann. Áirítear leis seo sainaitheint agus mionléiriú riachtanais bhonneagair agus pleanála an bhoinn fiontar, chomh maith le sainaitheint saincheisteanna bhonneagair a mbíonn tionchar acu ar an mbonn fiontar in Éirinn, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann go sonrach le réigiún ar leith.

Pleananna Fiontair Réigiúnacha.

Cuid lárnach den Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht is ea fás fiontraíochta réigiúnach cothrom a sheachadadh agus tacú le cruthú post inbhuanaithe áitiúil. Tá tionscnamh an Phlean Fiontraíochta Réigiúnaigh (PFR) ar cheann de na príomhuirlisí beartais chun seo a bhaint amach agus chun Sprioc 1 de Ráiteas Straitéise na Roinne a chomhlíonadh. Seoladh na 9 PFR in 2022, agus is pleananna ó bhun aníos iad atá forbartha ag páirtithe leasmhara réigiúnacha agus faoi stiúir iad, a dhíríonn ar thionscnaimh chomhoibríochta chun an éiceachóras fiontraíochta a neartú i ngach réigiún.

Foilsíodh [Tuarascáil Dul Chun Cinn Meántéarmach](#) do gach réigiún ar shuíomh gréasáin na Roinne i mí Aibreáin 2024.

Cuimsíonn an Grúpa Maoirseachta Náisiúnta um Pleananna Fiontair Réigiúnacha Cathaoirligh gach Plean Fiontair Réigiúnaí, chomh maith le hionadaithe ó na gníomhaireachtaí fiontair, líonra na nOifigí Fiontair Áitiúla, an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach, na Comhthionóil Réigiúnacha agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí ábhartha eile atá dírithe ar fhiontair. Bhí dhá chruinniú den Ghrúpa Maoirseachta Náisiúnta ar siúl i rith 2024, i mí Aibreáin agus i mí na Samhna.

Bhí na hAirí Burke, Calleary agus Higgins i gcomhchathaoirleacht ar chruinniú an Ghrúpa Maoirseachta Náisiúnta i mí Aibreáin. Ag an gcruinniú sin tugadh comhairle go síneofaí na Pleananna ar feadh bliana, go dtí deireadh 2025, chun go bhféadfaí díriú arís ar chur i bhfeidhm na bPleananna um Chosaint Phearsanta reatha, agus chun am breise a thabhairt chun todhchaí an tionscnaimh a bhreithniú.

Bhí an cruinniú i mí na Samhna faoi chomhchathaoirleacht na nAirí Calleary agus Higgins, agus le linn an chruinnithe sin thug an Roinn an eolas is déanaí faoi chur i bhfeidhm Comhaontú Leibhéal Seirbhíse idir Fiontraíocht Éireann agus Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach maidir le bunú na naoi mBainisteoir Cláir PFR mar phoist bhuana, gach ceann acu lonnaithe in Údarás Áitiúil óstach ainmnithe agus na chéad chéimeanna eile. Chomh maith leis sin, thug an Roinn an t-eolas is déanaí do pháirtithe leasmhara maidir leis an gcur chuige a bheidh i bhfeidhm maidir leis an tionscnamh sa bhliain 2025, lena n-áirítear athbhreithniú seachtrach neamhspleách a choimisiúnú, chomh maith le forbairt Ráitis Beartais Fiontraíochta Réigiúnaí agus tionscnaimh chomharba.

Tascfhórsa Geilleagrach Inbhear na Sionainne.

Bunaíodh Tascfhórsa Geilleagrach Inbhear na Sionainne neamhspleách mar fhreagra ar ghealltanas i gClár Rialtais chun tacú leis an réigiún agus plean forbartha eacnamaíochta á cheapadh aige. D'fhoilsigh an Tascfhórsa a thuarascáil deiridh, [Tuarascáil an Tascfhórsa Geilleagrach Inbhear na Sionainne](#), i mí Iúil 2023 ina raibh tograí beartais náisiúnta agus moltaí do thionscnaimh réigiúnacha lena gcumhdaítear fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta agus ar tír, slándáil an tsoláthair fuinnimh agus iomaíochas costais fuinnimh, agus tionscnaimh spriocdhírthe ar fud na n-earnálacha iompair, lóistíochta agus nascachta, agus turasóireachta. Tháinig deireadh le hobair an Tascfhórsa nuair a foilsíodh a thuarascáil deiridh.

As na 89 gníomh molta atá i [dTuarascáil neamhspleách an Tascfhórsa Geilleagrach Inbhear na Sionainne](#), tá 22 críochnaithe, tá 39 ar siúl, mar a mhol an Tascfhórsa, nó trí mhodhanna eile a bhainfidh toradh comhchosúil amach, tá 13 faoi bhreithniú, agus ní dhéanfar dul chun cinn ar 15 mar a mhol an Tascfhórsa. Leanann an Roinn de bheith rannpháirteach ar fud an Rialtais i gcur i bhfeidhm na ngníomhartha sin a shanntar do Ranna Rialtais ar glacadh leo, mar a mhol an Tascfhórsa, nó lena gcur i bhfeidhm trí mhodhanna eile.

Clár Cnuasaithe Náisiúnta.

I mí an Mhárta 2024, d'fhostaigh an Roinn Líonra AII (TCI Network) chun Piarmheasúnú a dhéanamh ar an dréacht-Chlár Cnuasaithe Náisiúnta. Is líonra idirnáisiúnta neamhbhrabúis de shaineolaithe cnuasaithe é AII a bhfuil an Roinn ina ball de. Mar chuid den Athbhreithniú Piaráí, reáchtáil an Roinn ceardlann lae in R2 2024, faoi stiúir triúr saineolaithe idirnáisiúnta AII, i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. D'fhreastail breis is seachtó páirtí leasmhar ó éiceachóras cnuasaithe na

hÉireann, ón tionscal, ón saol acadúil agus ón Rialtas air.

Straitéis Speisialtóireacht Chliste.

Cuirtear cur chuige bunaithe ar áit i bhfeidhm le Straitéis Náisiúnta Speisialtóireachta Cliste don Nuálaíocht (S3) na hÉireann, chun fás inbhuanaithe agus nuálaíochta-threoraithe a sheachadadh go réigiúnach agus go náisiúnta.

Leis an nGrúpa Náisiúnta Cur Chun Feidhme don Straitéis Speisialtóireachta Cliste, bíonn an Roinn i dteagmháil leis na Tionóil Réigiúnacha, leis na gníomhaireachtaí fiontraíochta agus taighde agus le ranna rialtais eile chun a chinntiú go ndéantar monatóireacht agus cur i bhfeidhm leanúnach ar an Straitéis.

Sa bhliain 2024, chuir an Roinn Tuarascáil Dul Chun Cinn le chéile ar ocht sprioc ardleibhéil na Straitéise lena foilsíú go luath in 2025.

Tá an Straitéis mar bhonn agus taca ag cláir Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) in Éirinn ar fiú €200 milliún iad sa nuálaíocht, lena n-áirítear Borradh Aistrithe Eolais Fhiontraíocht Éireann, Tionscnamh na Nuálaithe, agus Scéim Nuálaíochta Fiontraíochta na Réigiún Cliste. I gcomhréir le cuspóirí na speisialtóireachta cliste, baineann na scéimeanna sin leas as láidreachtaí agus réimsí deiseanna atá ag teacht chun cinn gach réigiúin agus cuireann siad leo. Seoladh na cláir Tairseacha Teicneolaíochta agus KT Boost in 2023. Cuimsíonn Tionscnamh na Nuálaithe ceithre chlár oideachais agus oiliúna arna reachtáil ag Eagraíochtaí Déanta Taighde (EDTanna) atá maoinithe go poiblí in Éirinn, gach ceann acu dírithe ar earnáil éagsúil atá tábhachtach do gheilleagar na hÉireann agus a seoladh i mí Feabhra 2024.

Gheobhaidh gach ceann de na ceithre chlár oideachais agus oiliúna €7 milliún i maoiniú thar an Tionscnamh 7 mbliana. Dhírigh an chéad bhliain de 4 chlár Thionscnamh na Nuálaithe ar Theicneolaíocht an Leighis, ar bhia inbhuanaithe agus ar Theicneolaíocht Talmhaíochta. Cuireadh tús le hearnálacha na cibearshlándála agus na sláinte digití i Meán Fómhair 2024. Cuireann na cláir seo oiliúint tumoideachais ar fáil do na rannpháirtithe sna hearnálacha seo - rud a spreagann a gcumas taighde acadúil a thráchtáilú ón earnáil tríú leibhéal den scoth atá againn chun seach thionscnaimh agus gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainneachta a sholáthar.

Gleannta Nuálaíochta Réigiúnacha.

Mar chuid den Chlár Oibre Nuálaíochta Eorpach Nua, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ainmniú 150 réigiún mar Ghleannta Nuálaíochta Réigiúnacha (GNRanna). Tacóidh an tionscnamh le comhoibriú idir réigiúin ar fud na hEorpa bunaithe ar láidreachtaí réigiúnacha agus speisialtóireacht. Ainmníodh trí réigiún NUTS2 na hÉireann mar Ghleannta Nuálaíochta Réigiúnacha tar éis iarratas rathúil chuig an gCoimisiún ó na Tionóil Réigiúnacha i gcomhar leis an nGrúpa Náisiúnta Cur Chun Feidhme um Speisialtóireacht Chliste. Tá glaonna maoinithe iomaíocha seolta ag an gCoimisiún cheana féin a bhaineann leis an tionscnamh GNR trí Horizon Europe agus ionstraim Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha (I3) agus leanfaidh an Roinn de bheith ag déanamh faireachán ar fhorbairtí i ndáil leis an tionscnamh seo.

Margadh Saothair, Imirce Eacnamaíoch agus Ceadanna Fostaíochta.

Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí.

Tugann an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) comhairle don Rialtas ar na riachtanais scileanna sa todhchaí agus ar na saincheisteanna gaolmhara sa mhargadh saothair a mbíonn tionchar acu ar an gcumas náisiúnta d'fhás fiontraíochta agus fostaíochta. Cuireann an Roinn an rúnaíocht ar fáil don Ghrúpa.

I mí Aibreáin 2024 d'fhoilsigh an EGFSN staidéir ar riachtanais scileanna reatha agus todhchaí na [hearnála Bithchógaisíochta in Éirinn](#), chomh maith le riachtanais scileanna sa todhchaí i bhfo earnálacha ardacmhainneachta [d'Earnáil Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta na hÉireann](#). I mí Iúil 2024 chríochnaigh an EGFSN [staidéar](#) freisin chun na scileanna a theastaíonn chun earnáil tógála na hÉireann a athrú ó bhonn trí ghlacadh forleathan le Modhanna Nua-Aimseartha Tógála, lena n-áirítear déantúsaíocht lasmuigh den láthair. Tá obair ar siúl chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí atá leagtha amach sna tuarascálacha sin.

Chomh maith leis na staidéir seo, dhírigh an EGFSN ar chur i bhfeidhm moltaí ó staidéir eile a críochnaíodh le blianta beaga anuas, lena n-áirítear i réimsí na hintleachta saorga, na Lóistíochta agus an tSlabhra Soláthair, bainistíocht FBManna agus Scileanna le haghaidh Astaíochtaí Nialasacha Carbóin. Tar éis bailchríoch a chur ar an athbhreithniú ar Straitéis Scileanna Náisiúnta na hÉireann, arna choimisiúnú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus arna dhéanamh ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, d'oibrigh an EGFSN le páirtithe leasmhara ar feadh 2024 chun moltaí an ECFE a chur i bhfeidhm.

Clár Ciste Síl Nuálaíochta na hÉireann.

Is ciste-de-chistí €90 milliún é Clár Chiste Síl Nuálaíochta na hÉireann, atá comhdhéanta d'infheistíocht €30 milliún ón Roinn, trí Fhiontar Éireann, a bhfuil infheistíocht €30 milliún ón gCiste Infheistíochta Eorpach (CEI) agus comhinfeistíocht €30 milliún ón ISIF mar mheaitseáil leis. As na cistí seo, infheisteoidh an clár i bainisteoirí ciste speisialaithe eile a dhíreoidh ar chuideachtaí nuálacha ardfháis atá bunaithe ar mhaoin intleachtúil réabhlóideach, atá sna céimeanna luatha de mhaoiniú seachtrach d'earnálacha nuálacha, ardfháis, inscálaithe.

In 2023, fógraíodh dhá leithdháileadh maoinithe faoin gclár seo do WakeUp Capital (€35 milliún) agus Resolve Ventures (€20 milliún) araon. Beidh infheistíochtaí ó na cistí seo dírithe ar an nuálaíocht luathchéime, lena n-áirítear earnálacha ardfháis, inscálaithe Eolaíochtaí Beatha, Cúram Sláinte & Cógaisíocht, Bia agus Teicneolaíocht Talmhaíochta, Teicneolaíocht & Digitiú agus Aeráid agus Inbhuanaitheacht.

Leanfaidh an clár de dhíriú ar thacaíocht a thabhairt do phríomhthosaíochtaí amhail fiontraíthe bainneann, forbairt réigiúnach, agus inbhuanaitheacht. Táthar ag súil go bhfógrófar an tríú leithdháileadh maoinithe agus an leithdháileadh deiridh in 2024.

Ceadanna Fostaíochta.

Tá córas ceadanna fostaíochta bainistithe, atá bunaithe ar fholúntais, i bhfeidhm ag Éirinn atá deartha chun na buntáistí a bhaineann le himirce eacnamaíoch a uasmhéadú agus an riosca go gcuirfear isteach ar mhargadh saothair na hÉireann a íoslaghdú. Spreagann córas na gceadanna fostaíochta freastal ar riachtanais ghinearálta saothair agus scileanna ó lucht saothair an Aontais Eorpach (agus tíortha eile LEE). I gcás nach féidir

freastal ar scileanna sonracha go héasca laistigh den LEE, cuireann an córas ceadanna fostaíochta bealach ar fáil isteach i margadh saothair na hÉireann do náisiúnaigh neamh-LEE a bhfuil na scileanna sin acu a bhfuil éileamh orthu. Déantar an córas a bhainistiú trí na Liostaí Scileanna Criticiúla agus Gairmeacha Neamh-incháilithe, trína bhféadfar ganntanas agus barrachais scileanna in Éirinn agus sa LEE a rianú. Déantar na Liostaí Gairmeacha a nuashonrú go rialta, agus rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí orthu in 2023.

Tháinig Acht na gCeadanna Fostaíochta 2024 i bhfeidhm an 2 Meán Fómhair 2024, ag nuashonrú agus ag comhdhlúthú reachtaíocht roimhe seo maidir le ceadanna fostaíochta. Tugadh isteach athruithe le hAcht 2024 chun córas ceadanna fostaíochta níos solúbtha a chruthú, lena n-áirítear:

- Rogha nua um athrú fostóra a cheadaíonn do shealbhóirí ceadanna fostaíochta scileanna ginearálta agus criticiúla aistriú go fostóir eile tar éis 9 mí sa Stát, gan gá le hiarratas nua ar chead;
- Fochonraitheoirí a chumasú chun rochtain a fháil ar chóras na gceadanna fostaíochta;
- Cead a thabhairt do shealbhóirí ceadanna ardú céime a fháil gan gá le cead fostaíochta nua;
- Tabhairt isteach Cead Fostaíochta Séasúrach – agus an chéad scéim phíolótach le tosú in 2025;
- Athruithe ar an Tástáil Riachtanas Margaidh Saothair (TRMS) chun cleachtais earcaíochta nua-aimseartha a léiriú; agus
- Athruithe teicniúla lena n-áirítear go bhfanfaidh córas na gceadanna fostaíochta solúbtha agus freagrúil do choinníollacha athraitheacha an mhargaidh saothair.

Leanfaidh na leasuithe seo de chearta oibríthe imirceacha a chosaint agus cuirfidh siad le tarraingteacht na hÉireann mar áit oibre agus gnó a dhéanamh.

Liostaí Gairmeacha na gCeadanna Fostaíochta agus Íosluach Saothair Bhliantúil.

Rinne Athbhreithniú 2023 ar Liostaí Gairme na gCeadanna Fostaíochta agus an tAthbhreithniú ar Íosluach Saothair Bliantúil (ÍSB) athruithe suntasacha ar chóras na gceadanna fostaíochta, le hathruithe ar 43 gairm, agus tugadh isteach treochlár chun tairseacha tuarastail a mhéadú le haghaidh ceadanna fostaíochta. Tugadh isteach na chéad choigeartuithe ar luach saothair trí leasú a dhéanamh ar rialacháin ceadanna fostaíochta arna gcuireadh tús leo an 17 Eanáir 2024, agus bhí tionchar acu ar iarratais nua ar cheadanna agus ar iarratais athnuachana a fuarthas ón dáta sin ar aghaidh.

Ardaíodh na tairseacha íosta do fhorhmór na ngairmeacha go €34,000 nó €38,000, ag brath ar an gcineál ceada. Cuireadh moill go dtí an 17 Eanáir 2025 ar mhéadú ar thairseach ÍSB de €30,000 do ghairmeacha Cúntóirí Cúraim Sláinte, Cúramóirí Baile agus Oibrithe Cúraim, i ndiaidh aighneacht ón earnáil inar leagadh béim ar a ndúshlán mhaoinithe ar leith.

I bhfianaise imní a léirigh roinnt páirtithe leasmhara maidir leis na costais mhéadaithe ghinearálta a bhaineann le gnó a dhéanamh, cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Treochlár i Samhradh 2024. I mí na Samhna 2024, sheol an Roinn comhairliúchán spriocdhírithe ag lorg aiseolais ó fhostóirí, ionadaithe fostóirí, ionadaithe fostaithe agus páirtithe leasmhara eile ar spéis leo an Treoirphlean atá beartaithe agus tá méaduithe breise ar thairseacha ÍSB mar a leagtar amach sa Treoirphlean curtha ar fionraí go dtí go bhfaighfear toradh an athbhreithnithe seo. Cuirfear na torthaí agus na moltaí a eascróidh as an athbhreithniú faoi bhráid an Aire nuair a bheidh sé críochnaithe. Rinneadh athruithe ar Liostaí Gairmeacha na gCeadanna Fostaíochta in 2024 chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas

leanúnach scileanna agus saothair in earnálacha, amhail ról na n-iascairí mara i gcabhlach na hÉireann a áireamh sa chóras ceadanna fostaíochta.

Próiseáil Ceadanna Fostaíochta.

Tá leibhéil is airde riamh d'iarratais faighte i ngach ceann de na blianta 2021, 2022 agus 2023 mar gheall ar an éileamh ar cheadanna fostaíochta. Lean an treocht seo ar aghaidh i rith 2024. Tá an méadú leanúnach ar an éileamh á thiomáint go príomha ag gníomhaíocht eacnamaíoch fheabhsaithe sa Stát, margadh saothair daingean (le breis is 2.7 milliún duine i bhfostaíocht agus dífhostaíocht ag 4.2% i mí na Nollag 2024) agus leathnú na Liostaí Gairme in 2023.

Agus lánfhostaíocht á léiriú, ba é 46,624 líon iomlán na n-iarratas a fuarthas in 2024, méadú 21% ar 2023. Eisíodh 39,400 cead in 2024. Ar fud na bpríomhchineálacha ceadanna eisíodh 17,167 Cead Fostaíochta Scileanna Criticiúla agus 19,478 Cead Fostaíochta Ginearálta. Ina theannta sin, eisíodh 1,953 Cead Aistrithe In-Chuideachta in 2024. Bhí méadú ar líon na n-iarratas a cuireadh isteach in 23 as 26 contae, agus ba é 36% an meánathrú ar an éileamh ar fud na gcontaetha uile.

Tá an Roinn tiomanta d'amanna próiseála iarratas ar cheadúnais a laghdú agus in 2024 chuir sí acmhainní breise ar fáil chun freastal ar na héilimh mhéadaitheacha ar an tseirbhís. Ina theannta sin, tá córais TF atá ann cheana á n-athsholáthar le córas nua-aimseartha, oiriúnach don chuspóir, néalbhunaithe a athróidh an bealach a ndéantar ceadanna fostaíochta a chur isteach, a phróiseáil agus a eisiúint. Rinneadh dul chun cinn leis an obair fhorbartha theicniúil don chóras nua i rith 2024 agus bhí sé beartaithe é a chur i bhfeidhm go luath in 2025.

An Treoir maidir le Cead Aonair.

I mí na Nollag 2022, chomhaontaigh an Rialtas i bprionsabal gur cheart nós imeachta iarratais aonair a fhorbairt le haghaidh ceadanna fostaíochta agus ceadanna inimirce agus go gcuirfí Grúpa Oibre Idir-rannach i bhfeidhm chun plean cur chun feidhme a fhorbairt lena bhreithniú ag an Rialtas. Thug an Grúpa Oibre Idir-rannach a thuarascáil i mí na Bealtaine 2024 ag moladh go bhforbródh Éire Nós Imeachta Iarratais Aonair, i gcomhréir leis an gcleachtas i dtíortha eile AE agus le Treoir an AE maidir le Cead Aonair. I mí na Bealtaine 2024, thug an Rialtas cead don Roinn agus don Roinn Dlí agus Cirt tús a chur le cead aonair a chur i bhfeidhm chun obair agus maireachtáil in Éirinn. Nuair a bheidh an tionscadal seo curtha i gcrích, cuirfidh sé go mór le cumas na hÉireann dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta chun tallann a mhealladh, agus aghaidh á tabhairt ar ghanntanas scileanna inár ngeilleagar agus fás eacnamaíoch á chur chun cinn.



Spríoc Stráitéiseach 2:

An t-aistriú glas agus digiteach a chur chun cinn chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht fiontar atá bunaithe in Éirinn a chinntiú.

Leagtar amach sa chaibidil seo obair na Roinne in 2024 chun ailíniú le cuspóirí aeráide agus digiteacha náisiúnta agus AE, agus nuálaíocht, athléimneacht agus fás eacnamaíoch cuimsitheach á chothú ag an am céanna.

An tAistriú Glas.

Beartas Fuinnimh d'Earnáil Fiontar Iomaíoch.

Díríonn Aonad um Ghníomhú Aeráide agus Beartas Fuinnimh na Roinne ar aincheist thríarach an fhuinnimh, eadhon slándáil an tsoláthair, inacmhainneacht/iomaíochas, agus inbhuanaitheacht a bhaineann le gnó agus iomaíochas. Tá slándáil an tsoláthair fuinnimh ríthábhachtach do tharraingteacht na hÉireann mar áit le haghaidh infheistíochta fiontraíochta, cruthú post agus áit le gnó a dhéanamh. Tá earnáil fuinnimh atá ag feidhmiú go maith ríthábhachtach freisin d'fheidhmiú iomlán gheilleagar agus shochaí na hÉireann. Glacann an Roinn páirt sa Ghrúpa Slándála Fuinnimh, agus bíonn sí ag plé le ranna ábhartha, comhlachtaí stáit agus an tionscal níos leithne maidir le saincheisteanna fuinnimh.

Le linn 2024, chuir an Roinn le grúpaí oibre éagsúla a d'fhorbair an Straitéis Náisiúnta um Éilimh ar Fhuinnimh (SNÉF), agus a d'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) i samhradh na bliana 2024. Is é cuspóir SNÉF pleanáil a dhéanamh do chóras éilimh ar fhuinnimh níos dinimiciúla chun freagairt níos fearr d'infhaighteacht ard nó soláthar teoranta giniúna fuinnimh in-athnuaite – chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a uasmhéadú, giniúint thraidisiúnta a theorannú, slándáil an tsoláthair a fheabhsú, agus an eangach a dhícharbónú atá comhsheasmhach

leis an mbeartas náisiúnta agus le sainordú na Roinne ó thaobh na haeráide de. Déanann an Roinn faireachán ar threochtaí praghais fuinnimh agus oibríonn sí chun tionchar phraghsanna fuinnimh ar iomaíochas a mhaolú, agus bíonn sí i dteagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, le ranna ábhartha eile, le comhlachtaí stáit agus leis an tionscal níos leithne chun iomaíochas, nuálaíocht agus dea-chleachtas a chur chun cinn san earnáil fuinnimh.

Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta an AE.

Tháinig an *Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta (GTGN)* i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2024 agus beidh feidhm ag a fhorálacha, ar bhealach céimnithe, thar an tréimhse 9 mí ina dhiaidh sin. Tá sé mar aidhm aige timpeallacht rialála a chruthú a chuirfidh creat ar fáil do theicneolaíochtaí glan-nialasacha. Tá an GTGN deartha chun tacú le méadú ar acmhainneachtaí agus táirgí déantúsaíochta glan-nialasacha an AE, rud a chabhróidh le spriocanna neodrachta aeráide na hEorpa a bhaint amach, poist ghlasa a chruthú agus iomaíochas an AE a choinneáil. Tá sé mar aidhm aige ar a laghad 40% de na riachtanais imlonnaithe bhliantúla a bhaint amach faoi 2030 do theicneolaíochtaí glan-nialais a mhonaraítear san AE.

Tá an Roinn i gceannas ar chur i bhfeidhm an Rialacháin. Rinneadh dul chun cinn leis

an obair in 2024 tríd an nGrúpa Oibre Idir-rannach, faoi stiúir na Roinne seo. Ina theannta sin, tá cruinnithe déthaobhacha ar siúl le ranna agus gníomhaireachtaí aonair chun saincheisteanna a aithint agus chun a chinntiú go seachadtar forálacha gaolmhara i gcomhréir leis na spriocdhátaí faoi seach. Tá forálacha reachtacha dréachtaithe a bhaineann le hainmniú comhlachtaí áirithe agus curtha ar aghaidh chuig Oifig na gComhairleoirí Parlaiminte iad.

Treoracha Idirthréimhseacha Glasa an AE.

Sa bhliain 2024, foilsíodh dhá Threoir AE in Iris Oifigiúil an AE a dearadh chun an tAistriú Glas a chur chun cinn. An Treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe ghlais trí chosaint níos fearr r chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr, agus an Treoir maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn.

Méadaítear cearta tomhaltóirí i ndá phríomhréimse le Treoir maidir le hAistriú Glas. Baineann an chéad cheann le haon éilimh 'ghlasa' a dhéanamh agus cinntíonn sé go bhfuil na héilimh a dhéantar ábhartha agus cruinn araon. Baineann an dara ceann le cearta tomhaltóirí i leith na faisnéise nach mór a chur ar fáil dóibh faoi tháirgí atá á gceannach acu.

Tá an Treoir maidir leis an gCeart chun Deisiúcháin mar chuid de shraith níos leithne beart chun tacú le sprioc an Choimisiúin maidir le haeráidneodracht san AE faoi 2050. Leis an reachtaíocht seo, beidh sé níos fusa do thomhaltóirí deisiú a lorg in ionad athsholáthair agus beidh seirbhísí deisiúcháin níos inrochtana, níos trédhearcaí agus níos tarraingtí. Tá spriocdhátaí trasúimh agus dátaí cur chun feidhme ag an dá Threoir in 2026

Measúnú Aeráide.

Leag an Páipéar Bán ar Fhiontraíocht de chúram ar na gníomhaireachtaí fiontar inbhuanaitheacht agus digitíú a chur i gcroílár a gcuspoirí. Chun na críche sin, in R2 de 2024, thug GFT Éireann isteach measúnú aeráide ar thograí tionscadail atá dian ar chaipiteal ó chliaint nua agus ó chliaint atá ann cheana féin agus úsáid á baint as Samhail Measúnaithe Eacnamaíoch nuashonraithe.

Chríochnaigh an Roinn comhtháthú astaíochtaí isteach sa tSamhail Measúnaithe Eacnamaíoch i mí Aibreáin 2024, i gcomhréir le tionscnamh 1.3 den Pháipéar Bán ar Fhiontar. Cuirtear costas astaíochtaí carbóin san áireamh sa tsamhail sa phróiseas cinnteoireachta deontais ag na gníomhaireachtaí fiontar.

Ciste um Chabhair Chomhshaoil.

Is ionann astaíochtaí tionsclaíocha agus thart ar 10% d'astaíochtaí iomlána na hÉireann agus táimid tiomanta d'astaíochtaí ar an láthair inár n-earnálacha déantúsaíochta a laghdú faoi 35% faoi 2030. Éileoidh sé seo go laghdófar astaíochtaí sna hearnálacha tionsclaíocha is mó astaíochtaí in Éirinn. Is cliant de chuid Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann formhór na gcuideachtaí seo agus tá an dá ghníomhaireacht ag obair go gníomhach le gnólachtaí chun pleananna dícharbónaithe tionchair a chur chun cinn. Tá siad seo dírithe ar ghrúpa cuideachtaí déantúsaíochta go príomha sna hearnálacha stroighne, alúmana, bia agus dí, cógaisíochta agus ceimiceán. Cé go bhfuiltear ag súil go laghdóidh astaíochtaí bliain i ndiaidh bliana go dtí 2030, ní leor an ráta laghdaithe chun sprioc 2030 a bhaint amach.

Cuirtear ar chumas GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann infheistíochtaí dícharbónaithe ag na gnólachtaí seo a luathú leis an Scéim um Chúnamh Comhshaoil €300 milliún. Is é cuspoir na scéime um Chúnamh Comhshaoil ná infheistíocht a spreagadh agus a luathú

i dtionscnaimh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú; glacadh le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus staidéir chomhshaoil a spreagadh. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2024, leithdháileadh €28.8 milliún de Chúnamh Comhshaoil ag FÉ. Bhí ceaduithe €28.5 milliún deimhnithe ag GFT Éireann don tréimhse chéanna.

An Ciste um Aistriú Glas.

Tá an Ciste um Aistriú Glas mar chuid de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta (PTAN) na hÉireann agus tá buiséad iomlán de €55 milliún aige. Tacaíonn an Ciste le gnólachtaí ag gach céim dá n-aistear dícharbónaithe, ó phleanáil don aistriú glas, go hinfheistíocht a dhéanamh i ndícharbónú a bpróisis déantúsaíochta, chomh maith le deontais a sholáthar chun iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt táirgí nó seirbhísí inbhuanaithe nua. Sa bhliain 2024, ceadaíodh €11.4 milliún i maoiniú faoin gCiste um Aistriú Glas thar 212 tionscadal.

Straitéis Thionsclaíoch um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta.

Shocraigh an Rialtas sprioc ina Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2023 chun 80% de leictreachas na hÉireann a sholáthar ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Tiocfaidh 5GW ar a laghad de seo ó fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta (OWE). Táthar ag súil go méadóidh acmhainn iomlán Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE) na hÉireann go 37GW ar a laghad faoi 2050, agus go seachadfar an chuid is mó de seo ó OWE.

I mí an Mhárta 2024, d'fhoilsigh an Roinn [Cumhachtú Rathúnais – Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe amach ón gCósta](#). Áirítear ann daichead gníomh atá le cur i gcrích faoi dheireadh 2025 agus forbraíodh é mar chuid de chomhoibriú dlúth leanúnach idir an roinn seo agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile de chuid an Tascfhórsa um Sheachadadh

Fuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta. Tá sé mar aidhm ag na gníomhartha seo slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta atá láidir agus athléimneach a thógáil in Éirinn, chomh maith le deiseanna a fhiosrú do chuideachtaí Éireannacha ról mór a bheith acu i bhforbairt tionscadal gaoithe amach ón gcósta in Éirinn agus thar lear. Scrúdaítear freisin sa straitéis, deiseanna forbartha tionsclaíocha a eascraíonn as an gcumas giniúint agus éileamh fuinnimh a chomhshuí, chomh maith le bearta chun forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom ó ghaoth amach ón gcósta a chinntiú trí uasmhéadú a dhéanamh ar chumas na struchtúr réigiúnach atá ann cheana féin agus trí oibriú leis na gníomhaireachtaí fiontraíochta chun tionscnaimh nua a iniúchadh amhail an cumas Páirceanna Tionsclaíocha Fuinnimh Ghlais ar mhórsála a fhorbairt.

I measc cuid de na gníomhartha atá curtha i gcrích cheana féin tá bunú imeachta bliantúil comhpháirteach fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta le hAlbain, atá deartha chun comhoibriú idir an dá thír san earnáil a mhéadú, foilsiú Phlean Gníomhaíochta Scileanna Gaoithe Amach ón gCósta ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, misean bailithe eolais go dtí an Danmhairg, chomh maith le Sárthaispeántas TF&N agus Imeacht Rochtain ar Mhaoiniú mar chuid d'Fhóram Gaoithe Amach ón gCósta 2024 de chuid Fiontraíocht Éireann. Dhá ghníomh suntasach atá ar bun faoi láthair ná Gníomh 37 chun 'Measúnú earnála ar choincheapa páirceanna fuinnimh a choimisiúnú', agus Gníomh 25 chun 'Forbairt Ionad Barr Feabhais Gaoithe Amach ón gCósta (OWCE) a chur chun cinn, lena n-áirítear staidéar féidearthachta agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt'. Leithdháileadh maoiniú tosaigh don OWCE i mBuiséad 2025, agus bunaíodh Grúpaí Stiúrtha chun an dá ghníomh a chur chun cinn.

Sraith Straitéisí Aeráide le hAghaidh Gnó.

Cuidíonn an Sraith Straitéisí Aeráide le hAghaidh Gnó le gnólachtaí a lorg carbóin a thuiscint agus conas é a laghdú trí phlean gníomhaíochta saincheaptha a sholáthar. Ó seoladh é in 2021, gineadh os cionn 17,000 plean gníomhaíochta ar son na haeráide atá saincheaptha do ghnólachtaí. Lean an Roinn de bheith ag cur Sraith Straitéisí Aeráide le hAghaidh Gnó chun cinn in 2024 trí sheó fuinnimh Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI), trí na meáin shóisialta agus trí na gníomhaireachtaí faoina choimirce.

Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh.

In 2024, mhéadaíodh an Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh go dtí uasmhéid deontais €10,000, agus ráta ranníocaíochta an Rialtais go 75%. Leasaíodh an caiteachas incháilithe faoin scéim seo freisin chun raon níos leithne idirghabhálacha glasa a chumhdach a thacóidh tuilleadh le gnólachtaí beaga infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht agus i dtrealamh agus a mhéadóidh aclaíocht agus athléimneacht na ngnólachtaí seo chun feidhmiú ar bhealach inbhuanaithe.

Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe.

Tá sé mar aidhm ag an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe tionchar comhshaoil na dtáirgí a úsáidimid a laghdú. Is cuid den Chomhaontú Glas Eorpach é agus is bunchloch straitéis an Choimisiúin maidir leis an ngeilleagar ciorclach é. Tháinig sé i bhfeidhm i mí Iúil 2024 in ionad an Treoir maidir leis an Éicidhearthóireacht 2009/125/CE (a bhain le táirgí a úsáideann fuinneamh amháin) agus leathnaigh sé na Treorach sin. Athróidh sé an bealach a ndearaimid, a ndéanaimid agus a n-úsáidimid táirgí trí cheanglais a leagan síos chun na tionchair dhiúltacha chomhshaoil a laghdú i rith shaolré táirge. Tá an Roinn,

i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, ag obair ar fud an Rialtais chun córas iomchuí agus éifeachtach a chur i bhfeidhm chun an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm in Éirinn.

Dícharbónú Teasa Tionsclaíoch.

D'fhoilsigh an Roinn an [“Treochlár le haghaidh Teas Tionsclaíocha a Dhícharbónú”](#) i mí an Mheithimh 2024. Leagtar amach ann na príomhbheartais agus na tacaíochtaí Rialtais atá ar fáil chun earnálacha amhail bia agus deoch, stroighin, ceimiceáin, cógaisíocht agus eile a éascú, chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí chun a n-astaíochtaí ar an láthair ón bpróiseas dócháin déantúsaíochta a laghdú trí mheascán de bhearta éifeachtúlachta fuinnimh agus athrú breosla.

Cuirtear éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn ar dtús leis an Treochlár agus ansin díláithriú úsáid breoslaí iontaise. I gcomhréir le torthaí Staidéar Náisiúnta Teasa SEAI, úsáidfear leictiríú teasa go príomha chun úsáid teasa ísealteochta sa tionscal a dhícharbónú. Ba cheart bithmhais agus bithgháis, amhail bithmheatán, a fhiosrú mar roghanna dícharbónaithe i gcás nach bhfuil leictiríúchán féideartha agus indéanta.

In éineacht leis an treochlár fógraíodh imfhálú €300 milliún, faoi uasteorainneacha Phlean Forbartha Náisiúnta comhaontaithe na Roinne, a thacóidh le gnólachtaí cinntí suntasacha infheistíochta a dhéanamh i dtreo ár spriocanna maolaithe 2030 a bhaint amach.

Ó foilsíodh an Treochlár, tá clár oibre curtha chun cinn ag an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá roimh dhícharbónú tionscail, ag obair le comhghleacaithe ar fud an chórais chun na beartais agus na luamháin a shainaitheint a nochtfaidh deiseanna laghdaithe carbóin ar fáil. Tá sraith beart cumasúcháin á mbreithniú lena gcur i

bhfeidhm chun laghduithe astaíochtaí a luathú agus conairí dícharbónaithe a chumasú d'earnálacha atá deacair a mhaolú.

Dícharbónú Ábhar Foirgníochta.

Comhordaíonn Grúpa Oibre um Dhícharbónú na hEarnála Stroighne agus Tógála na príomhchomhlachtaí Stáit a bhfuil ról acu thar raon réimsí beartais idirnasctha, le sainordú chun bearta uailmhianacha a chur chun cinn atá comhsheasmhach leis an leibhéal dícharbónaithe a shainithnítear in earnálacha na stroighne, na coincreíte agus na tógála i bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide i ndiaidh a chéile.

I mí na Bealtaine 2024, d'fhoilsigh an Grúpa tuarascáil ó shaineolaí neamhspleách dar teideal [Carbón ionchorpraithe i stroighin agus i gcoincreít a laghdú trí Sholáthar Poiblí in Éirinn](#). Cuireadh eolas ar fáil leis an tuarascáil sin do threoir soláthair nua an rialtais do chomhlachtaí poiblí maidir le carbón coirpithe a laghdú san earnáil tógála agus cuirtear chun cinn léi, laghdú ar charbón coirpithe i dtionscadail tógála a fhaigheann tacaíocht phoiblí, go háirithe soláthar stroighne agus coincreíte.

Bhí cruinniú comhchéime aireachta á reáchtáil ag an Aire Burke leis an Earnáil Stroighne i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tugadh sonraí don Aire faoin mbealach atá beartaithe ag an earnáil stroighne chun uailmhianta an Rialtais a chomhlíonadh maidir le hábhair thógála a dhícharbónú agus na pleananna chun astaíochtaí a laghdú faoi 35% ar a laghad. Tá an Roinn ina comhalta den Ghrúpa Stiúrtha Adhmaid san Fhoirgníocht a bunaíodh chun coinníollacha a chruthú chun úsáid adhmaid san fhoirgníocht a mhéadú agus an leibhéal is airde sábháilteachta foirgneamh agus cosaint maoine a chinntiú ag an am céanna; chun scrúdú a dhéanamh ar dhúshláin

rialála agus caighdeánaithe; agus chun úsáid adhmaid dúchais san earnáil tógála a uasmhéadú. Cuireann an Roinn seo tacaíochtaí Rúnaíochta ar fáil don Ghrúpa Téamach “Téama 1: Deis Margaidh”. Tá an Grúpa ag obair chun sonraí agus anailís bhonnlíne a fhorbairt chun na deiseanna margaidh atá ann d'adhmaid san earnáil tógála in Éirinn a léiriú.

Dícharbónú an Timpeallacht Thógtha Tráchtála.

Sonraítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ár leibhéal uailmhéine chun an timpeallacht thógtha tráchtála a dhícharbónú. Tá Grúpa Oibre an Treochlár um Timpeallacht Thógtha Tráchtála tar éis dul i ngleic le hearnálacha ard-laghdaíthe (fáilteachas, miondíol, úsáideoirí oifige) agus le hionadaithe gnó níos leithne a thacaigh leis, agus an Treochlár á chur i gcrích go déanach in 2024. Táthar ag súil go bhfoilseofar Treochlár chun ár bhFoirgnimh Tráchtála a Dhícharbónú go luath in 2025 agus sainaitheofar ann roinnt gníomhartha cumasúcháin tábhachtacha chun tacú le húinéirí agus úsáideoirí foirgneamh tráchtála na spriocanna atá leagtha síos don timpeallacht thógtha tráchtála a bhaint amach. Tá an Roinn ag tabhairt tosaíochta go gníomhach do na gníomhartha sin atá sainaitheanta sa Threochlár.

Thacaigh an Roinn freisin le hinfhaighteacht tacaíochtaí sonracha gnó le haghaidh gníomhaíochta ar son na haeráide le linn 2024 rud a ba chúis le seoladh na Scéime Uasghráduithe Fuinnimh Gnó (SUFG) ag an Roinn Fuinnimh, Aeráide agus Cumarsáide. Tá SUFG ar fáil trí SEAI agus tugadh isteach é chun réimse tacaíochtaí a sholáthar chun cabhrú leis an earnáil ghnó, an earnáil talmhaíochta, an earnáil comhlachtaí poiblí, nó an earnáil neamhbhrabúis bearta atá tíosach ar fhuinneamh agus in-athnuaite a thabhairt isteach ina bhfoirgnimh.

Modhanna Nua-Aimseartha Tógála i dTithíocht.

Mar chuid de *Thithíocht do Chách – Plean Nua Tithíochta d'Éirinn Uile-Rialtais*, cuireann an Roinn nuálaíocht agus táirgiúlacht san earnáil tógála chun cinn, lena n-áirítear trí Mhodhanna Nua Aimseartha Tógála (MNAT) a ghlacadh. Cuimsítear sa téarma MNAT réimse próiseas tógála nuálach lena n-áirítear córais tithíochta painéalaithe déthoiseacha, córais tithíochta toirtmhéadracha/modúlacha tríthoiseacha, agus próisis ardleibhéil bunaithe ar an suíomh. Cuidíonn MNAT le tithíocht atá comhlíontach, ardchaighdeán, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus níos inacmhainne a sheachadadh níos tapúla.

Sa bhliain 2024, bhuail Grúpa Ceannaireachta agus Comhtháthaithe tras-rialtais MNAT, faoi chathaoirleacht na Roinne seo, le chéile go rialta. In 2025, beidh rannpháirtíocht an tionscail sa ghrúpa le feiceáil go minic. Lean an Grúpa de bheith i dteagmháil le comhpháirtithe ar fud chóras an Rialtais chun clár oibre beartais forbartha MNAT a chur chun cinn, lena n-áirítear Páirc Taispeána MNAT nua a sheachadadh faoi stiúir Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise-Uíbh Fhailí ag an Ionad Náisiúnta Oiliúna Tógála i nDroim Cáithe, Co. Uíbh Fhailí. I mí Iúil 2024, d'fhoilsigh an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí “Scileanna le haghaidh Modhanna Nua-Aimseartha Tógála” agus leanfaidh an Roinn lena rannpháirtíocht de réir mar a chuirfear moltaí i bhfeidhm.

Fuair an Roinn €1.5 milliún faoin gCiste um Chur i bhFeidhm Tithíochta do Chách, lena n-áirítear leithdháilte chun tacú le seirbhísí deimhniúcháin Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) agus do chlár Tógtha chun Nuálaíocht de chuid Fiontraíocht Éireann. Chuir an NSAI feabhsuithe breise ar phróisis chun cinn ina Scéim

Deimhniúcháin Agrément do MNAT le linn 2024. Lean Fiontraíocht Éireann de bheith ag cur sraith tacaíochtaí nuálaíochta, táirgiúlachta agus gnólachta barainneacha chun cinn faoina gclár Tógtha chun Nuálaíocht don earnáil tógála cónaithe agus tá siad ag leanúint orthu ag forbairt an tairiscint i gcomhthéacs acmhainn agus scála níos mó a chumasú san earnáil, agus dea-chleachtas idirnáisiúnta mar bhonn leis.

Is ionad taighde faoi stiúir an tionscail é Construct Innovate, arna fhorbairt ag Fiontraíocht Éireann, a bhfuil fíis aige Éire a bheith ina ceannaire domhanda taighde agus nuálaíochta i tógála inbhuanaithe agus i dteicneolaíocht timpeallachta tógtha. I Meán Fómhair 2024, d'fhógair an tAire Burke go raibh €5 milliún breise i mbunmhaoiniú á leithdháileadh ar Ionad Teicneolaíochta Construct Innovate le haghaidh clár taighde tithíochta. Tá an fógra mar bhonn agus mar thaca faoi na gealltanais i dTithíocht do Chách don Ionad tosaíocht a thabhairt do dhúshláin taighde a bhaineann le tithíocht. Lean an Roinn lena cuid oibre for-rochtana freisin ag freastal ar imeachtaí tionscail intíre agus ag dul ar chuairteanna bailithe eolais ar SAM, ar an Eastóin agus ar an Fhionlainn agus ag eagrú imeacht líonraithe tionscail tógála ag Ambasáid na hÉireann i Londain.

An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha.

Is ciste €500 milliún é an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB) chun taighde comhoibríoch a spreagadh idir fiontar agus institiúidí taighde Éireannacha i bhforbairt teicneolaíochtaí bunathraitheacha. Tá sé á bhainistiú ag an Roinn agus tá sé oscailte do thionscadail a athróidh margaí, a chlaohlóidh an chaoi a n-oibríonn gnó nó a mbainfidh le táirgí nua nó le teacht chun cinn samhlacha gnó. Cuireann an ciste béim mhór ar rannpháirtíocht FBManna.

In 2024, leithdháileadh €11.5 milliún i maoiniú ar 2 thionscadal rathúla. Bronnadh €6.9 milliún ar thionscadal amháin faoi Gharim 6 den CNTB agus bronnadh €4.6 milliún ar thionscadal amháin faoi Ghairm 7 den CNTB. Thar 7 nGairm CNTB, tugtar an tsuim iomlán a bronnadh go €376 milliún atá leithdháilte ar fud 105 tionscadal, agus táthar ag súil go bhfógrófar tionscadail bhreise faoi Ghairm 7 CNTB in 2025. As na 395 comhpháirtí atá rannpháirteach sa chiste, tá 67% díobh lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, rud a chothaíonn forbairt láidir eacnamaíoch réigiúnach ar fud na hÉireann.

An Gníomh Eorpach um Shliseanna.

Tá sé mar aidhm ag an *Gníomh Eorpach um Shliseanna*, a tháinig i bhfeidhm i Meán Fómhair 2023, éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú, slándáil soláthair leathsheoltóirí an AE a mhéadú agus margaí nua a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí Eorpacha ceannródaíocha.

I rith 2024, d'oibrigh an Roinn chun an *Gníomh um Shliseanna* a chur i bhfeidhm, ag leanúint de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara tábhachtacha chun a cuid oibre a threorú agus tuiscint níos fearr a fháil ar shlabhra soláthair an-chasta, agus í ag iarraidh tacú le slabhraí soláthair láidre agus iontaofa, le hinfhaighteacht scileanna, agus le rochtain ar an margadh oscailte.

D'éirigh leis an Roinn "Ionad Inniúlachta" iarrthóra a ainmniú d'Éirinn faoin Tionscnamh um Shliseanna don Eoraip i mí Iúil 2024. Ba é IC-3, cuibhreannas de MIDAS, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Institiúid Náisiúnta Tyndall, an t-iarrthóir rathúil. Thug an Roinn tacaíocht riaracháin do chuibhreannas IC-3 ina iarratas chuig an Gníomhas Comhpháirteach um Shliseanna, a raibh maoiniú ceadaithe dó ag Gníomhas Comhpháirteach um Shliseanna an AE i mí na Samhna 2024.

Ina theannta sin, in 2024, tugadh cead d'Institiúid Náisiúnta Tyndall páirt a ghlacadh i ndá thionscadal uile-Eorpacha 'Líne Píolótach' faoi Cholún 1 den *Gníomh Eorpach um Shliseanna*, i gcomhar le heagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta ceannródaíocha Eorpacha. Is é fócas na dtionscadal seo cuidiú le forbairt córas imeall tosaigh ar shliseanna faoi bhun 2nm (ar a dtugtar Nano IC), Sileacain ar Inslitheoir Lán-Ídithe atá dírithe ar 7nm (ar a dtugtar FAMES). Tá rannpháirtíocht sna Línte Píolótacha seo maoinithe ag an Roinn trí GFT Éireann. Tá Tyndall rannpháirteach i PIXEurope freisin, Líne Píolótach do chiorcaid iomlánaithe fhótónacha ardleibhéil. Mar thoradh air sin, gheobhaidh Tyndall thart ar €50 milliún i dtacaíocht Rialtais thar shaolré thionscadal na líne píolótach agus cómhaoiniú breise €50 milliún ón gCoimisiún Eorpach.

Straitéis Náisiúnta Leathsheoltóra.

In 2024, rinne an Roinn dul chun cinn freisin ar fhorbairt [Straitéise Náisiúnta Leathsheoltóra](#) atá, faoi réir cheadú an Rialtais, le foilsiú go luath in 2025. Beidh sé mar aidhm ag an Straitéis a chinntiú go mbeidh ról comhréireach ag Éirinn i mbaint amach spriocanna an *Ghnímh Eorpach um Shliseanna* agus spriocanna na hEorpa Digití chun sciar den mhargadh domhanda reatha leathsheoltóirí na hEorpa a mhéadú faoi dhó go 20% faoi 2030, ag cur leis an seasamh láidir atá aici san earnáil in Éirinn a tógadh le fiche nó tríocha bliain anuas.

Leanfaidh an Roinn ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara chun a chinneadh conas is fearr is féidir le hÉirinn leas a bhaint as acmhainneacht *Ghnímh Eorpach um Shliseanna* chun infheistíocht mhéadaithe i dtaighde agus i ndéantúsaíocht in Éirinn a ghíarail.

An tAistriú Digiteach.

Fóram um Chomhairle Dhigiteach d'Fhiontair.

Tá an tAire Stáit um Chur Chun Cinn Trádála, Rialáil Dhigiteach agus Cuideachtaí ina chathaoirleach ar an bhFóram um Chomhairle Dhigiteach d'Fhiontair agus tugann sé le chéile ionadaithe ó fhiontair dhúchasacha de gach méid, fiontair ilnáisiúnta, agus saineolaithe i dteicneolaíochtaí digiteacha agus a nglacadh ag fiontair. Cuireann an fóram comhlacht dírithe ar fáil don Rialtas chun tuairimí agus dearcthaí fiontar agus saineolaithe a chloisteáil agus bhuail sé le chéile trí huair in 2024.

Ciste um Aistriú Digiteach.

Tá maoiniú á chur ar fáil trí Shaoaráid Téarnaimh agus Athléimneachta an AE faoi Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann agus tacaíonn sé le claochlú digiteach fhiontar na hÉireann. In 2024, ceadaíodh €18.5 milliún i maoiniú faoin gCiste um Aistriú Digiteach chun tacaíocht dhíreach do chuideachtaí a sholáthar do 318 cuideachta thar 366 tionscadal.

Moil Eorpacha maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach.

Mar chuid den Chlár don Eoraip Dhigiteach, déanann an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit an Aontais líonra de Mhoil Eorpacha maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach (MENDanna) a chomhchistiú chun tacú le claochlú digiteach i FBManna agus in eagraíochtaí san earnáil phoiblí. Chuir ceithre MEND na hÉireann, FactoryXChange, CeADAR, Data2Sustain agus ENTIRE, luathú suntasach lena ngníomhaíochtaí le linn 2024.

Faoi dheireadh 2024, bhí 505 seirbhís curtha ar fáil ag MENDanna do 337 cuideachta (FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta den chuid is mó), rud a chabhraigh leo nuálaíochtaí digiteacha a ghlacadh ina dtáirgí, ina seirbhísí agus ina

bpróisis i dteicneolaíochtaí tábhachtacha amhail cibearshlándáil, intleacht shaorga, róbataic, ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus uasghrádú scileanna digiteacha. Ina theannta sin, bhain 23 eagraíocht phoiblí leas as seirbhísí na MENDanna. Tá seirbhísí MEND maoinithe go hiomlán d'eagraíochtaí poiblí agus do FBManna (faoi Chúnamh De Minimis) ag Clár na hEorpa Digití agus ag Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an AE.

Caitheadh breis is €1.9 milliún i maoiniú ag na 4 MEND leis an aidhm cabhrú le cuideachtaí (go háirithe FBManna) trí rochtain a fháil ar bhonneagar taighde, ar shaineolas teicniúil agus ar thurgnamhaíocht ionas gur féidir leis na heagraíochtaí seo 'tástáil a dhéanamh sula ndéanann siad infheistíocht'.

Tairseach Grow Digital.

I mí Iúil 2024, sheoladh an Tairseach Grow Digital chun cabhrú le cuideachtaí uirlisí digiteacha bunúsacha a úsáid chun éifeachtúlachtaí agus táirgiúlacht a thiomáint, agus chun margaíocht agus díol ar líne a dhéanamh nuair is iomchuí dá ngnó. Cuidíonn sé le gnólachtaí ag aon chéim dá dturas digiteach. Tá measúnú ar líne saor in aisce 5 nóiméad ann a ghineann Scórchárta Grow Digital lena soláthraítear comhairle agus faisnéis shaincheaptha do ghnólachtaí maidir le tacaíochtaí agus roghanna maoinithe féideartha.

Is féidir le gnólachtaí an tairseach a úsáid freisin chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na buntáistí a bhaineann le digitiú agus chun na céimeanna agus na huirlisí digiteacha a d'fhéadfadh siad a úsáid a aithint. Tá catalóg cás-staidéir ann freisin ina bhfuil scéalta ratha digiteacha ó raon gnólachtaí a léiríonn an chaoi ar ghlac siad le réitigh dhigiteacha chun a gcuid oibríochtaí a threisiú. Is bunspríoc inghnóthaithe é seoladh Grow Digital faoi Leas a bhaint as Digití, Straitéis Náisiúnta Dhigiteach, chun cabhrú le spriocanna 90% de FBManna a bhfuil déine dhigiteach bhunúsach acu ar a

laghad, agus a bhfuil 75% díobh ar a laghad ag glacadh le hAnailísíocht IS, Néil agus Sonraí faoi 2030.

Dearbhán Grow Digital.

Seoladh an Dearbhán Grow Digital i Meán Fómhair 2024, agus cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide a bhfuil suas le 50 fostaí acu chun glacadh le teicneolaíocht dhigiteach, lena n-áirítear IS. Ag teacht in ionad an Dearbháin Trádála Ar Líne, is tacaíocht airgeadais fheabhsaithe í seo, a mhaoiníonn raon níos leithne de réitigh bogearraí digiteacha agus tá gach gnólachtaí incháilithe, bíodh siad ag onnmhairiú nó ná bíodh. Is féidir an Dearbhán Grow Digital a úsáid chun cabhrú le gnótháí gníomhú ar mholtaí a fhaightear tríd an Tairseach Grow Digital, agus chun infheistiú i gcórais dhigiteacha cosúil le háirithint ar líne, rialú stoic, IS, léargas custaiméirí, bogearraí párolla agus cibearshlándáil. Cuireann sé maoiniú suas le 50% den infheistíocht iomlán ar fáil suas le huasmhéid €5,000 agus tá an dearbhán ar fáil ó gach Oifig Fiontair Áitiúil.

Intleacht Shaorga.

Athnuachan ar an Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga.

Foilsíodh [Athnuachan ar an Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga](#) i mí na Samhna 2024. Leis an Athnuachan seo, cuirtear forbairtí suntasacha i dteicneolaíocht agus i rialú IS ó foilsíodh an Straitéis bunaidh in 2021 san áireamh. Leis an Athnuachan, tógtar ar an mbunchloch dhaingean atá i bhfeidhm cheana agus tugtar faoi chothromaíocht a aimsiú idir rialú comhréireach agus bearta lena dtógtar muinín. Sa straitéis leagtar amach cur chuige uile-Rialtais maidir leis na cumasóirí riachtanacha a bhunú chun tacú le glacadh le IS sa chomhthéacs fiontair agus i seirbhísí poiblí, lena n-áirítear timpeallacht nuálaíochta thacúil, bonneagar sonraí

agus nascachta slán, agus beartais chun a chinntiú go bhfuil an fhoireann oibre ullmhaithe don tionchar a bheidh ag IS. Is príomhchuid é muinín an phobail a thógáil i dtaca lena chinntiú go nglacfar go forleathan le IS sa gheilleagar agus sa tsochaí níos leithne.

Comhairle Chomhairleach um IS.

Bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach um IS, atá comhdhéanta de shaineolaithe ceannródaíocha ón saol acadúil, ón tionscal agus ón tsochaí shibhialta, i mí Eanáir 2024. Soláthraíonn an Chomhairle sainchomhairle neamhspleách don rialtas maidir le beartas hintleachta saorga, le fócas sonrach ar mhuinín an phobail a chothú agus ar fhorbairt SI iontaofa, duinelárnach a chur chun cinn. Is é a céad ról treoir, léargais agus moltaí saineolacha a sholáthar mar fhreagairt ar iarratais shonracha ón rialtas. Is é an dara ról atá aici ná a plean oibre féin a fhorbairt agus a sheachadadh chun comhairle a thabhairt don rialtas maidir le saincheisteanna beartais intleachta saorga, ag soláthar léargais ar threochtaí, deiseanna agus dúshláin. I rith na bliana, ghlac comhaltaí na Comhairle páirt i na céadta imeacht chun muinín a chothú in úsáid na hintleachta saorga iontaofa, lena n-áirítear agallaimh sna meáin, agus rannpháirtíocht in imeachtaí gnó, poiblí agus earnálacha.

Forbraíochtaí AE.

An Gníomh an AE um an Intleacht Shaorga.

Glacadh Gníomh suntasach an AE um an Intleacht Shaorga (*Rialachán 2024/1689*) i mí na Bealtaine 2024 agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2024. Cuireann an tAcht ardleibhéal cosanta ar fáil do shláinte agus sábháilteacht daoine, agus dá gcearta bunúsacha, chun úsáidí freagracha IS iontaofa a chur chun cinn.

Tá an *Gníomh um an Intleacht Shaorga* riosca-bhunaithe ionas go bhfuil a fhorálacha spriocdhírithe

agus comhréireach – ní ionstraim uileghabhálach é a bhaineann le gach córas Intleachta Saorga. Tá feidhm ag forálacha an Ghnímh ar bhonn céimnithe thar an tréimhse go dtí Lúnasa 2027.

Tá an Roinn freagrach go príomha as cur i bhfeidhm náisiúnta an *Ghnímh um an Intleacht Shaorga* agus i rith 2024, bhí sí i mbun oibre le Ranna Rialtais eile chun measúnú a dhéanamh ar an chumraíocht náisiúnta is fearr d'údarais inniúla chun an Gníomh a fhorfheidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach, mar ullmhúchán don spriocdháta chun na húdarais seo a ainmniú an 2 Lúnasa 2025.

I mí na Bealtaine 2024, reáchtáil an Roinn comhairliúchán poiblí maidir le cur i bhfeidhm náisiúnta an Ghnímh. Fuarthas 62 aighneacht san iomlán ó raon leathan páirtithe leasmhara. Tá athbhreithniú déanta ar na haighneachtaí agus tá siad foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Bunaíodh an Bord Eorpach um Intleacht Shaorga leis an Gníomh um an Intleacht Shaorga i Meán Fómhair 2024 agus sainordú aige comhairle a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm na Ghnímh, beartas taighde agus nuálaíochta an AE maidir le IS, agus comhoibriú idirnáisiúnta maidir le IS. Is í an Roinn ionadaí na hÉireann ar an mBord.

Chun cloí le chéad oibleagáid na hÉireann faoin Gníomh, i mí Dheireadh Fómhair 2024, d'fhoilsigh an Roinn liosta de 9 n-údarás poiblí náisiúnta atá freagrach as cearta bunúsacha a chosaint faoin *Gníomh um an Intleacht Shaorga*. Ní údarais inniúla iad na comhlachtaí seo don Acht ach tabharfar cumhachtaí breise dóibh faoin Gníomh um IS chun cabhrú leo a bhfreagrachtaí reatha a chomhlíonadh i gcúinsí ina mbíonn ardriosca do na cearta sin mar thoradh ar úsáid na hintleachta saorga.

Creat Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um an Intleacht Shaorga.

Tháinig deireadh rathúil leis an gcaibidlíocht maidir leis an gCoinbhinsiún, a raibh an Roinn i gceannas uirthi thar ceann na hÉireann, nuair a ghlac Comhairle na hEorpa leis i mí na Bealtaine 2024. Tá sé mar aidhm ag an gCoinbhinsiún a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga ag teacht go hiomlán le cearta an duine, leis an daonlathas agus leis an smacht reachta, agus ag an am céanna ag tacú le dul chun cinn teicneolaíoch agus le nuálaíocht. Is é an chéad chonradh idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le hintleacht shaorga é. Bhí dlúthbhaint ag an Roinn le Ranna Rialtais eile, chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach, le linn na gcaibidlíochtaí chun a chinntiú go bhfuil an Coinbhinsiún ag luí go hiomlán le dlí an Aontais i gcoitinne, agus le *Gníomh an AE um IS* go háirithe. Shínigh an Coimisiún Eorpach an Coinbhinsiún thar ceann an AE i Meán Fómhair 2024.

Gníomh an AE um Sheirbhísí Digiteacha.

Tháinig an *Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) (Rialachán (AE) 2022/2065)* i bhfeidhm i mí na Samhna 2022 agus bhí feidhm iomlán leis ó mhí Feabhra 2024. Bunaíonn an ASD creat rialála ceannródaíoch chun úsáideoirí seirbhísí digiteacha an AE agus a gcearta bunúsacha a chosaint ar líne. Tá sé mar aidhm aige freagrachtaí na n-úsáideoirí, na n-ardáin ar líne agus na n-údarais phoiblí a athchothromú de réir luachanna Eorpacha, rud a chuireann saoránaigh i lár an aonaigh. Cé go bhfuil éifeacht dhlíthiúil dhíreach ag Rialachán an AE i mBallstáit an AE agus dá bhrí sin go bhfuil feidhm dhíreach ag a fhorálacha agus a oibleagáidí maidir le Soláthraithe Seirbhísí Idirghabhála (ISPPana) ar líne, bhí sé riachtanach reachtaíocht náisiúnta a thabhairt isteach chun na forálacha sin de Rialachán an AE a chur i bhfeidhm a fhorlann maoirseacht agus forfheidhmiú na n-oibleagáidí sin.

Maidir leis seo, tháinig an reachtaíocht náisiúnta, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha 2024, i bhfeidhm i mí Feabhra 2024. Tugann sé na cumhachtaí riachtanacha do Choimisiún na Meán agus don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí chun imscrúduithe a dhéanamh agus gníomhartha forfheidhmiúcháin a dhéanamh, lena n-áirítear pionóis shuntasacha airgeadais a fhorchur as neamhchomhlíonadh. Mar Chomhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha, is é Coimisiún na Meán an t-aon phointe teagmhála, agus tá an phríomhfhreagracht air as gach ní a bhaineann le Rialachán an AE in Éirinn, lena n-áirítear comhordú ar fud an AE, láimhseáil gearán, cumarsáid, maoirseacht, imscrúdú agus forfheidhmiú.

In 2024, chuir an Roinn acmhainní breise suntasacha ar fáil do na húdaráis chun tacú lena bhfreagrachtaí nua, agus cuireadh €11 milliún ar fáil do Choimisiún na Meán chun ullmhúcháin a chríochnú, acmhainn a fhorbairt agus chun tacú le hoibríochtaí tosaigh i rith na bliana. Ó 2025 ar aghaidh, déanfar feidhmeanna GSD Choimisiún na Meán a mhaoiniú trí thobhach tionscail.

Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (Tobhach) 2024.

Tháinig *Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (Tobhach) 2024* i bhfeidhm i mí Iúil 2024, rud a thugann cumhacht do Choimisiún na Meán agus don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) tobhach a ghearradh ar sholáthraithe seirbhíse chun a bhfeidhmeanna forfheidhmithe agus rialála a mhaoiniú faoin *Gníomh an AE um Sheirbhísí Digiteacha* agus faoin Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne, rud a laghdaíonn an t-ualach ar an gcáiníocóir.

Gníomh an AE um Margatí Digiteacha.

Tháinig an *Gníomh um Margatí Digiteacha (GMD) (Rialachán (AE) 2022/1925)* i bhfeidhm i mí na Samhna 2022 agus bhí feidhm iomlán aige ó Mhárta 2024. Tugadh isteach leis rialacha comhchuibhithe d'ardáin a fheidhmíonn mar “geatóirí” trí chroisheirbhísí ardáin i margadh an Aontais do sheirbhísí digiteacha a rialú. Rialaíonn sé cleachtais áirithe ag na geatóirí chun iomaíocht agus cothroime a chur chun cinn i margadh digiteach an AE.

Tá an Coimisiún Eorpach freagrach go heisiach as an GMD a fhorfheidhmiú ach féadfaidh sé cúnamh a iarraidh ar Bhallstáit le linn a imscrúduithe faoin GMD. D'achtaigh an Roinn reachtaíocht thánaisteach in 2024 chun an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) a ainmniú mar phointe teagmhála na hÉireann don Choimisiún Eorpach ina leith seo.

Gníomh an AE um Shonraí.

Tháinig *Gníomh an AE um Shonraí (Rialachán 2023/2854)* i bhfeidhm i mí Eanáir 2024 agus beidh feidhm aige ar fud an AE ó Mheán Fómhair 2025. Is colún lárnach de Straitéis Sonraí an AE é *Gníomh um Shonraí an AE* a bhfuil sé mar aidhm aige an AE a bheith mar cheannaire i sochaí atá bunaithe ar shonraí, lena n-áirítear trí mhargadh aonair a chruthú do shonraí. Tá sé mar aidhm ag Gníomh an AE um Shonraí margadh sonraí iomaíoch a chothú trí shonraí a dhéanamh níos inrochtana agus níos inúsáidte agus trí shoiléiriú a dhéanamh ar cé a fhéadfaidh luach a chruthú ó shonraí agus cad iad na coinníollacha faoina bhféadfar é sin a dhéanamh. I mí Dheireadh Fómhair 2024, cheadaigh an Rialtas ainmniú dhá údarás, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, agus an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide, do dhá cheann de na ról is suntasaí faoin Gníomh. Tá obair ar siúl maidir le comhlachtaí atá

fágtha a shainaitheint le haghaidh ról faoin Gníomh, agus tá ullmhúcháin ar siúl le haghaidh cur i bhfeidhm náisiúnta, lena n-áirítear bunús reachtaíochta.

Cruinniú Aireachta D9+.

Tá sé mar aidhm ag Grúpa D9+ ceannaireacht a dhéanamh i gclaochlú digiteach an Aontais Eorpaigh trí bheartais a chur chun cinn ar cheithre cholún Innéacs na Geilleagair Dhigití agus na Sochaí Digití (GDSD). Buaileann an Grúpa le chéile faoi dhó sa bhliain agus bíonn na cruinnithe ar siúl sa Bhallstát a bhfuil an Chathaoirleacht rothlach 6 mhí aige. Mar Chathaoirleach, bhí Éire ina hóstach ar chruinniú Aireachta D9+ i mí Aibreáin 2024 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus bhí na hAirí Stáit Dara Calleary agus Ossian Smyth ina gcathaoirligh. Ba éacht tábhachtach é glacadh rathúil Dhearbhú D9+ na hÉireann, arna shíniú ag 12 aire digiteacha de chuid an AE.

Comhdháil Éire Dhigiteach.

Tionóladh Comhdháil Éire Dhigiteach i mí Aibreáin 2024 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus thug sí ionadaithe ó rialtas, ó thionscal agus ó lucht acadúil le chéile chun plé a dhéanamh ar fhorbairtí digiteacha laistigh den AE agus ar fud an domhain. I measc na dtéamaí foriomlána a pléadh bhí cur i bhfeidhm rialála digiteach, Intleacht Shaorga agus deiseanna an chlaochlaithe dhigitigh. Léirigh Comhdháil Éire Digiteach uaillmhian na hÉireann mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Dhigiteach leanúint de bheith ina ceannaire digiteach i gcroílár fhorbairtí digiteacha Eorpacha agus domhanda. Ba chuid de Chlár Aireachta D9+ níos leithne na hÉireann an comhdháil.



Sprioc Stráitéiseach 3:

Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist ar ardchaighdeán, comhionannas inscne agus uilechuimsitheacht san áit oibre a chur chun cinn.

In 2024, chuir an Roinn a tríú sprioc straitéiseach chun cinn trí raon forbairtí reachtaíochta, beartais agus institiúideacha a bhí dírithe ar mhargadh saothair cothrom, slán agus forásach a chothú.

Ceartha Fostaíochta.

I mí an Mhárta 2024, d'fhoilsigh an Roinn an Scéim Ghinearálta den *Bhille um Scéimeanna Ginearálta Fostaíochta (Srian le hAois Scoir Éigeantach Áirithe)* chun cead a thabhairt d'fhostaí fanacht i bhfostaíocht go dtí aois an Phinsin Stáit, ach gan é a chur iallach air. Cuirfidh an Bille gealltanais lárnach i bhfeidhm atá san áireamh i bhfreagairt an Rialtais ar Mholtaí an Choimisiúin Pinsean agus ar Phlean Cur Chun Feidhme.

I mí na Bealtaine 2024, d'fhoilsigh an Roinn an *Bille um Scéim Ghinearálta um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) (Leasú)*. Tabharfaidh an reachtaíocht seo aghaidh ar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i nGlegola trí Airteagal 2(1) de Threoir 2008/94/CE a thrasú go hiomlán, chomh maith le leasuithe teicniúla éagsúla chun oibriú na Scéime Íocaíochta Dócmhainneachta a fheabhsú.

Tháinig *Acht Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha) agus Cuideachtaí (Leasú) 2024* i bhfeidhm i Mí Iúil 2024. Léiríonn an t-Acht seo tiomantas do Chlár an Rialtais agus cuireadh i bhfeidhm na gealltanais reachtacha eile atá leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta ar Iomarcaíochtaí Comhchoiteanna* tar éis Dócmhainneachta leis. Feabhsaítear tuilleadh cosaint fostaithe leis i gcás iomarcaíochta comhchoiteann i ndiaidh dócmhainneacht a bhfostóra agus

forálann sé do Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Fostaíochta reachtúil nua a bhunú a thabharfaidh comhairle don Aire maidir le gach gné de dhlí fostaíochta agus iomarcaíochta. I mí Lúnasa 2024, d'fhoilsigh an tAire Higgins Lámhleabhar Faisnéise nuashonraithe maidir le hlomarcaíochtaí Comhchoiteanna, lena n-áirítear Achoimre i dTeanga Shimplí atá ar fáil in 8 dteanga. Soláthraítear sa Lámhleabhar Eolais eolas soiléir intuigthe d'fhostaithe a bhfuil cás iomarcaíochta comhchoitinne i ndán dóibh i ndiaidh dócmhainneachta cuideachta.

Teidlíocht Saoire Bhreioiteachta.

Tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí agus leis na comhpháirtithe sóisialta, rinne an tAire Higgins Ordú Aireachta i mí Eanáir 2024 chun an teidlíocht reachtúil maidir le saoire bhreioiteachta i mbliain féilire a mhéadú ó 3 go 5 lá. Reáchtáil an Roinn feachtas meán sóisialta ilteangach spriocdhírithe chun feasacht a mhúscailt faoin méadú ar theidlíochtaí.

I gcomhréir le ceanglais alt 6 den *Acht um Shaoire Bhreioiteachta 2022* a agus chun cinntí a chur ar an eolas maidir le cur i bhfeidhm breise féideartha na scéime reachtúla um shaoire bhreioiteachta, rinneadh taighde ar thionchar na saoire breioiteachta go dtí seo. Áiríodh sa taighde suirbhé cuimsitheach ar leibhéal na gnólachtaí, a léirigh dáileadh eárnála agus méide ghnólachtaí na hÉireann.

An Ceart Cianobair a Iarraidh.

I mí an Mhárta 2024 thug an tAire Burke an ceart chun socruithe cianoibrithe a iarraidh i bhfeidhm do gach fostaí. Tá foráil déanta don cheart seo laistigh den *Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha* 2023. Ar an lá céanna, i gcomhairle leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, d'fhorghas agus d'fhoilsigh an tAire an Cód Cleachtais do Cheart Fostóirí agus Fostaithe chun Uaireanta Solúbtha Oibre a Iarraidh agus an Ceart chun Cianoibriú a Iarraidh. Tá oibleagáid ar fhostóirí agus ar fhostaithe aird a thabhairt ar an gCód Cleachtais agus iarratais ar shocruithe cianoibrithe á mbreithniú acu. Is féidir le fostaithe díospóid a tharchur chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) i gcás nach gcomhlíonann fhostóir a n-oibleagáidí faoin Acht agus beidh an Cód inghlactha mar fhianaise in imeachtaí os comhair cúirte, na Cúirte Oibreachais nó an CCÁO. D'fhorbair an CCÁO an Cód Cleachtais, i gcomhairle le ceardchumann agus comhlachtaí ionadaíochta fhostóirí.

Athbhreithniú ar Íocaíocht Pá.

I mí Aibreáin 2024, d'fhoilsigh an Roinn Tuarascáil Athbhreithnithe Reachtúil ar oibriú an *Achta um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aicís)* 2022. Rinne an Roinn comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus suirbhé tuairime poiblí mar chuid de mheasúnú thionchar na reachtaíochta. Chomhlánaigh an tuarascáil seo an ceanglas athbhreithnithe reachtúil faoi alt 9 den Acht.

Grúpa Athbhreithnithe Dlí Fostaíochta.

Ar an 1 Iúil 2024, bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Fostaíochta (GADF) ar bhonn reachtúil tar éis thosach feidhme *Acht Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha) agus Cuideachtaí (Leasú)* 2024. Beidh an GADF ina ghrúpa comhairleach saineolaithe agus teicniúil agus cuirfidh sé acmhainn luachmhar ar fáil chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar dhlí fostaíochta agus iomarcaíochta lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. I mí na Nollag 2024, i ndiaidh gairm oscailte ar léirithe spéise ó iarrthóirí cáilithe go cuí le breithniú le haghaidh ballraíochta den GADF, cheap an tAire comhaltaí chuig an GADF, lena n-áirítear an Cathaoirleach, Ainmnithe Aireachta agus ionadaithe ó chomhlachtaí ainmniúcháin ó chatagóirí Rialtais, rialála, gairmiúla, acadúla agus dlí.

An Coimisiún um Pá Íseal.

I rith 2024 lean an Roinn de bheith ag soláthar rúnaíochta don Choimisiún um Phá Íseal (CPI), an comhlacht atá freagrach as moltaí a dhéanamh maidir leis an Íosphá Náisiúnta. I mí an Mheithimh 2024, foilsíodh [Tuarascáil an Choimisiúin maidir le rátaí fo-íosmhéid nó rátaí óige den Íosphá Náisiúnta](#). I Meán Fómhair 2024, choimisiúnaigh an Roinn measúnú tionchair eacnamaíoch chun meastóireacht a dhéanamh ar athruithe féideartha ar an bpá fo-íosmhéid in Éirinn. Ina theannta sin, rinne an Roinn Treoir (AE) 2022/2041 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach a thrasúiomh. I mí Iúil 2024, chuir an Coimisiún a Thuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Aire inar mhol sé an Pá Íosta Náisiúnta a shocrú ag €13.50 ón 1 Eanáir 2025. Ghlac an Rialtas leis an moladh seo agus fógraíodh é mar chuid de Bhuiséad 2025.

Caidreamh Tionsclaíoch.

Is é príomhról beartais na Roinne timpeallacht mhaith caidrimh thionsclaíoch a chothú trí chreat cuí reachtaíochta. I measc na réimsí freagrachta tá reachtaíocht caidrimh thionsclaíoch, cúrsaí ceardchumainn, monatóireacht ar dhíospóidí tionsclaíocha, agus reachtaíocht a bhaineann le rannpháirtíocht fostaithe san áit oibre (faisnéis agus comhairliúcháin/rannpháirtíocht). Cailleadh thart ar 3,580 lá de bharr stailce in 2024 i gcomparáid le 4,203 lá a cailleadh in 2023.

Cómhargáil.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar go leor de na moltaí i dTuarascáil Ghrúpa Ardleibhéil um Chómhargáil de chuid Fóram Eacnamaíoch d'Fhostóirí Saothair (FEFS). Tá an Chúirt Oibreachais ag forbairt rialacha nua maidir le húsáid measúnóirí teicniúla. Tá na comhpháirtithe sóisialta i mbun oibre leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le cód dea chleachtais a fhorbairt le haghaidh cómhargála. Tá togra oiliúna maidir le cómhargáil á fhorbairt. Tá plé ar siúl maidir leis na tograí a mbeadh athrú reachtaíochta ag teastáil ina leith.

Bunaíodh grúpa oibre teicniúil leis na comhpháirtithe sóisialta chun scrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha féideartha lena gcur san áireamh i bPlean Gníomhaíochta na hÉireann maidir le Cómhargáil, a chaithfear, faoin Treoir maidir le Pá Íosta Leordhóthanach ón AE, a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoi dheireadh 2025. I mí Dheireadh Fómhair 2024, gheall an Rialtas próiseas comhairliúcháin a sheoladh maidir le hábhar Phlean Gníomhaíochta na hÉireann.

Orduithe Fostaíochta Earnála agus Orduithe Rialála Fostaíochta.

Is féidir le hOrdú Fostaíochta Earnála (OFE) an scéim pá, pinsin nó pá breoiteachta a shocrú d'oibrithe in earnáil eacnamaíoch ar leith. D'fhormheas an tAire Gnó, Fostaíochta agus Miondiola OFE nua don Tionscal Tógála (IR 620/2024) i mí na Samhna 2024 leis na rátaí pá íosta leasaithe ag teacht in éifeacht i mí Lúnasa 2025. Tá an OEF rithábhachtach chun síocháin thionsclaíoch leanúnach a chinntiú san earnáil tógála, ionas gur féidir leis an tionscal tógála tithíocht ardchaighdeán a sheachadadh go práinneach.

Déanann Comhchoiste Saothair (CCS) Ordú Rialaithe Fostaíochta (ORF) a dhréachtú agus a shíniú ina dhíl ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá ORF comhdhéanta de líon comhionann ionadaithe ó fhostóirí agus ó oibrithe a thagann le chéile faoi chathaoirleach neamhspleách chun cómhargáil a dhéanamh ar son téarmaí agus coinníollacha feabhsaithe a chuirfear i bhfeidhm ar oibrithe in earnáil ar leith. Tháinig roinnt OFRanna i bhfeidhm in 2024, rud a léiríonn gur féidir leis na CCSanna oibriú go han-éifeachtach chun fíorbhuntaistí a thabhairt d'oibrithe nuair a bhíonn ionadaithe fostóirí agus fostaithe sásta páirt a ghlacadh ar bhealach dearfach. Is iad seo ná: Glanadh ar Conradh (IR 255/ 2024); Foghlaim Luathbhlianta (IR 296/2024 agus 297/ 2024); agus Tionscal Slándála (IR 319/ 2024).

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

I mí Feabhra 2024, ceapadh Audrey Cahill mar Ard-Stiúrthóir nua ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC). Is oifig neamhspleách de chuid na Roinne í an WRC atá freagrach as comhlíonadh reachtaíocht um chearta fostaíochta a bhaint amach, réiteach díospóidí san áit oibre agus caidreamh tionsclaíoch comhchuí a chur chun cinn sa Stát.

Sa bhliain 2024, d'fhreagair Aonad Faisnéise agus Seirbhíse do Chustaiméirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) 59,431 glao gutháin ón bpobal a bhí ag lorg eolais faoi chearta fostaíochta, caidreamh tionsclaíoch, agus ceadanna fostaíochta. Chríochnaigh an tSeirbhís Cigireachta 5,156 cigireacht san áit oibre agus mar thoradh air sin fuarthas €2,158,870 i bpá neamhíochta i rith na bliana. Sa bhliain 2024, fuair seirbhís Breithiúnais an WRC 7,316 iarratas gearáin, ina measc 14,890 gearán sonrach a cuireadh isteach le haghaidh breithniú. Is méadú +18% é seo ar líon na n-iarratas gearáin i gcomparáid le 2023. Chuir an WRC thart ar 894 idirghabháil réamh-bhreithnithe i gcrích in 2024, agus bhí ráta réitigh 59% acu. Bhain seirbhís idir réitigh an WRC ráta ratha 85% amach i réiteach díospóidí faoi 2024.

An Chúirt Oibreachais.

Feidhmíonn an Chúirt Oibreachais mar bhinse caidrimh thionsclaíoch, ag éisteacht leis an dá thaobh i ndíospóidí trádála agus ansin ag eisiúint Moltaí, ag leagan amach a tuairim ar an díospóid agus na téarmaí ar cheart í a réiteach.

Le linn 2024, fuair an Chúirt Oibreachais 1,119 achomharc agus tarchur i gcomparáid le 1,141 tarchur in 2023. Bhí 1,385 éisteacht sceidealaithe ag an gCúirt Chuir sé sin i gcomparáid le 1,513 éisteacht in 2023. In 2024, d'eisigh an Chúirt 507 moladh/cinneadh/breithiúnas i gcomparáid le 425 in 2023. Ina theannta sin, rinne an Chúirt imscrúdú ar 26 achomharc/tarchur a socraíodh ar deireadh sular eisigh an Chúirt cinneadh. Tarraingíodh siar 276 achomharc chuig an gCúirt san iomlán in 2024, i gcomparáid le 753 in 2023. I rith na bliana, úsáideadh an Córas Bainistíochta Cáis nua, a tugadh isteach go déanach in 2023, sa Chúirt, rud a chuir ardán cuimsitheach ar fáil do ghníomhaíochtaí na Cúirte agus, den chéad uair, a cheadaigh do pháirtithe atreoruithe agus achomhairc ar líne a thaisceadh go díreach.

Seirbhís Breithnithe Conarthaí Foirgníochta.

Tá feidhm ag an *Acht um Chonarthaí Foirgníochta 2013* maidir le conarthaí foirgníochta a rinneadh ó mhí Iúil 2016. Le linn 2024 rinneadh 89 iarratas chuig Cathaoirleach an Phainéil Breithnithe Conarthaí Foirgníochta, an tUasal Bernard Gogarty, chun Breithneoir a cheapadh faoi alt 6(4) den *Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013*. Chuir an Cathaoirleach an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i bhFeidhm Acht um Chonarthaí Foirgníochta 2013 faoi bhráid an Aire Higgins.

Cothromaíocht le haghaidh Ghnó Níos Fearr.

I mí na Bealtaine 2024, sheol Cothromaíocht le haghaidh Ghnó Níos Fearr a [straitéis, a spriocanna agus a threochlár nua chun cothromaíocht inscne a fheabhsú](#) ag leibhéal an bhoird agus na ceannaireachta i measc gnólachtaí in Éirinn. Leanann an straitéis nua 5 bliana críochnú chéad timthriall 5 bliana an tionscnaimh ó bunaíodh an grúpa in 2018. Le linn an ama seo, tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn maidir le cothromaíocht inscne a fheabhsú i gceannaireacht shinsearach ar fud na hearnála fiontraíochta. Tar éis di a bheith i ndiaidh mheán an AE maidir le hionadaíocht na mban ar bhoird agus ar fhoirne ceannaireachta a cuid cuideachtaí liostaithe is mó in 2018, tá Éire anois sa 6ú háit san AE maidir le hionadaíocht na mban ar bhoird agus sa 5ú háit san AE maidir le foirne ceannaireachta, i bhfad chun tosaigh ar mheán an AE. Is suntasach an rud é, sa bhliain 2024, gur shroich sciar na stiúrthóirí ban ar Bhoird na gcuideachtaí is mó atá liostaithe in Éirinn ar ISEQ20 40%.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis nua 5 bliana go dtí 2028 cur leis an dul chun cinn a rinneadh faoin gcéad téarma 5 bliana agus díreofar ar threoir a fheabhsú d'eagraíochtaí maidir lena n-aistear cothromaíochta inscne a chur chun

cinn ar bhealach struchtúrtha, agus é mar aidhm uileghabhálach ionadaíocht 40% móide ban a bhaint amach ar bhoird cuideachtaí agus ar fhoirne ceannaireachta araon. Féachfaidh Cothromaíocht le haghaidh Ghnó Níos Fearr leis na spriocanna seo a bhaint amach trí 5 phríomhchóilún: spriocanna, tionchar, abhcóideacht agus beartas, chomh maith le gníomhú mar ghuth láidir agus iontaoifa.

D'óstáil an Roinn dhá imeacht cruinniú comhchéime tionscail de chuid Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr i rith Ráithe 4 2024. Thug na cruinnithe comhchéime seo páirtithe leasmhara tábhachtacha ó earnálacha na Fáilteachais agus na Tógála le chéile chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an Rialtas agus an tionscal comhoibriú tuilleadh chun ionadaíocht 40%+ ban a bhaint amach ar bhoird agus ar fhoirne ceannaireachta.

Comhoibriú Idir-rannach.

D'oibrigh an Roinn i gcomhar le comhghleacaithe sa Roinn Coimirce Sóisialaí ar mheasúnú tionchair ar fheabhsuithe ar dhálaí oibre, lena n-áirítear pá breoiteachta reachtúil, clárú uathoibríoch pinsin, agus an pá maireachtála. Bhain an taighde seo úsáid as cur chuige modhanna measctha, le comhpháirt cháilíochtúil agus chainníochtúil araon, agus chuir sé bonn fianaise ar fáil do phacáiste tacaíochtaí do ghnólachtaí a raibh an tionchar is mó orthu ó thaobh costais de.

Ina theannta sin, d'oibrigh an Roinn i gcomhar le comhghleacaithe sa Roinn Airgeadais ar mheasúnú ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an Intleacht Shaorga do mhargadh saothair na hÉireann. Scrúdaíonn an taighde seo nochtadh mhargadh an tsaothair do ghlacadh na hintleachta saorga ag fiontar, agus déantar measúnú ar chritéir socheacnamaíocha agus déimeagrafacha.

Forbraíochtaí AE.

Trasú Threoir (AE) 2022/2041 ar Íosphá Leordhóthanach san Aontas Eorpach.

I mí na Samhna 2024, thug Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Íosphá Leordhóthanach) 2024 (I.R. Uimh. 633/2024) éifeacht do Threoir (AE) 2022/2041 maidir le híosphá leordhóthanach san Aontas Eorpach. Ceann de na haidhmeanna atá leis an treoir seo is ea a chinntiú go bhfuil oibrithe ar fud an Aontais Eorpaigh faoi chosaint ag íosphá leordhóthanach a chuirfidh ar a gcumas maireachtáil go maith cibé áit a n-oibríonn siad.

Forálann na rialacháin do leibhéil méadaithe comhairliúcháin idir an Coimisiún um Pá Íseal agus na comhpháirtithe sóisialta. Forálann siad freisin don Choimisiún breithnithe sonracha a bhreithniú ina mholadh bliantúil maidir leis an Íosphá Náisiúnta. Áirítear leis seo cumhacht cheannaigh an ráta pá íosta náisiúnta san uair an chloig, costas maireachtála, leibhéil agus forbairtí táirgiúlachta náisiúnta fadtéarmacha, agus luachanna tagartha tascacha a úsáidtear ar leibhéil idirnáisiúnta nó náisiúnta, amhail 60% den mheánphá comhlán, chun treoir a thabhairt maidir le measúnú ar leordhóthanacht an ráta pá íosta náisiúnta san uair an chloig.

Treoir maidir le hObair Ardáin an AE.

Is cineál fostaíochta í obair ardáin ina n-úsáideann eagraíochtaí nó daoine aonair ardán ar líne chun seirbhísí sonracha a sholáthar ar íocaíocht. Ar an 14 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Eorpach rialacha nua maidir le hobair ardáin. Tar éis glacadh leis, tá dhá bhliain ag na Ballstáit chun forálacha na treorach a ionchorprú ina reachtaíocht náisiúnta. Tá sé mar aidhm ag an Treoir úsáid halgartaim i mbainistiú oibre ardáin a dhéanamh níos trédhearcaí agus cabhrú le daoine atá ag obair d'ardáin a stádas fostaíochta a chinneadh i gceart.

Caighdeáin agus Sábháilteacht.

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Cinntíonn an Roinn go bhfuil acmhainní agus trealamh leordhóthanach ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) ó thaobh na reachtaíochta, na foirne agus an airgeadais de chomh maith le cinntiú go gcomhlíonann an ÚSS raon na gceanglas rialachais agus na mbeartas is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí stáit maidir le cúrsaí foirne agus buiséadacha.

Le linn 2024, d'fhoilsigh an ÚSS Cód Cleachtais 2024 maidir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) (2001-2021) agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí, Sóghineacha agus Substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh;) (2024) a thrasuíonn, i dteannta le S.I. Uimh. 122 de 2024 Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí, Sóghineacha agus Substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh) 2024, Treoir (AE) 2022/431 a bhaineann le cosaint oibrithe ó na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do sóghineacha ag an obair.

Tugann *Rialacháin 2024 um Acht na gCeimiceán 2008 (Rialachán CLP) S.I. Uimh. 723 de 2024 an tAcht Ceimiceán* i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú. In 2024, chomhordaigh an Roinn freagairt na hÉireann ar an rialachán athbhreithnithe maidir le hAicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú (CLP), an rialachán maidir le glantacha agus gníomhaí dromchla agus an pacáiste reachtaíochta maidir le Substaint Amháin, Measúnú Amháin, agus leanfaidh an obair ar aghaidh go dtí 2025. Tháinig Rialachán (AE) 2024/2865 maidir le haicmiú, pacáistiú agus lipéadú substaintí agus meascán i bhfeidhm i mí na Nollag 2024.

Cuireadh tús freisin le hobair ar mheasúnú a dhéanamh ar na ceanglais trasuí don Treoir maidir le cosaint oibrithe ó na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair agus don Treoir a bhaineann leis na teorainnluachanna do luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha agus le haghaidh dé-isicianáití. Le linn 2024, lean an Roinn a bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara maidir le togra forleathan chun cosc a chur ar gach úsáid a bhaintear as Substaintí In aghaidh an Fhluarínithe agus Ilfhluarínithe (PFAS) san AE. Tá an Roinn ag spreagadh páirtithe leasmhara chun dul i ngleic le comhairliúcháin an AE lena chinntiú go mbeidh aon togra srianta deiridh cothromaithe agus infheidhmithe.

Lean Rannán Sláinte Ceirde an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta de bheith ag cabhrú le gnóilachtaí cloí le hoibleagáidí sláinte agus sábháilteachta san áit oibre agus ag an am céanna ag cabhrú le fostóirí agus fostaithe déileáil le rioscaí sláinte agus sábháilteachta nua agus/nó éagsúla a bhaineann leis an obair a eascraíonn as athruithe i gcleachtais oibre, i dteicneolaíocht agus i nuálaíocht san áit oibre ar leibhéal intíre agus ar leibhéal an AE. Sa bhliain 2024, bhunaigh an ÚSS an Coiste Comhairleach um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (HSCAC). Bíonn an HSCAC i mbun oibre le grúpaí páirtithe leasmhara ábhartha in earnálacha na sláinte agus an chúraim shóisialaigh. Aithníonn an coiste nithe reatha agus nithe atá ag teacht chun cinn a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas a fheabhsú, an treoir agus an chomhairle a chuirtear ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe san earnáil seo a fheabhsú agus na caighdeáin is airde i sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chinntiú, agus tugann sé comhairle orthu.

Sábháilteacht Feirme.

Lean an Roinn ag obair in éineacht leis an ÚSS in 2024 chun caighdeáin sábháilteachta oibre san earnáil feirmeoireachta a fheabhsú. Lean an ÚSS de bheith ag cur a Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme 2021-2024 i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an bPlean leibhéal na mbásanna, na ngortuithe tromchúiseacha agus na drochshláinte san earnáil talmhaíochta a laghdú. Díríonn an plean ar ghníomhaíochtaí ardriosca go háirithe maidir le húsáid tarracóirí agus feithiclí feirme eile, láimhseáil beostoic agus obair ar airde. Tá sé mar aidhm aige freisin feabhas a chur ar leibhéil scileanna feirmeoirí maidir le rioscaí a aithint agus a bhainistiú. Forbraíodh an Plean i gcomhpháirtíocht le Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirme an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) lena n-áirítear páirtithe leasmhara ón earnáil feirmeoireachta.

An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI).

In 2024, lean an Roinn de thacaíocht a thabhairt d'obair an NSAI i réimsí amhail an timpeallacht thógtha, an claochlú digiteach, gníomhú ar son na haeráide, agus Teicneolaíocht an Leighis, trí mhaoiniú a fháil chun costais na foirne breise a theastaíonn chun seirbhísí NSAI a sholáthar sna príomhréimsí seo a chlúdach (maoiníonn an Roinn an ghníomhaireacht i bpáirt chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí deimhniúcháin agus méadreolaíochta ar fáil chun leasa an tomhaltóra agus na trádála).

Le maoiniú breise, chruthaigh NSAI poist deimhniúcháin nua i réimsí ar nós Intleachta Saorga, Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha, agus Mótarfheithicleach. Fostaíodh Oifigigh Chaighdeán don Fhoirgníocht faoin gClár Tithíochta do Chách, agus chuaigh Cigirí Pacáistithe nua isteach sa Rannán Méadreolaíochta Dlí. Tacaíonn an Roinn go hiomlán le leathadh

ghníomhaíochtaí NSAI agus a fhócas measctha idir gníomhaíochtaí rialála agus gníomhaíochtaí straitéiseacha níos leithne.

I mí Feabhra 2024, thug an tAire Calleary aitheasc do Choiste Teicniúla um Chaighdeán Eorpacha i mBaile Átha Cliath, a dhírigh ar chaighdeán a fhorbairt san Intleacht Shaorga (IS). Bhí NSAI i gcomhóstáil an imeachta agus bhí saineolaithe caighdeán Eorpacha i láthair. Leag an tAire béim ar an tábhacht a bhaineann le caighdeáin fhreagracha, eiticíúla agus iontaofa don teicneolaíocht seo atá ag teacht chun cinn go mear. Ó tháinig *Acht an AE* maidir le hintleacht shaorga i bhfeidhm i mí Lúnasa 2024, tá NSAI ag obair go dlúth le comhpháirtithe Eorpacha chun na caighdeáin a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an Achta.

I rith 2024, lean NSAI de bheith rannpháirteach san Fhóram Ardleibhéil um Chaighdeán AE trí chomhoibriú le comhpháirtithe Eorpacha i sruthanna oibre éagsúla a bhaineann le réimsí tosaíochta caighdeánaithe AE, go háirithe san Intleacht Shaorga. Is é cuspóir an fhórait tosaíochtaí caighdeánaithe a shainaitheint chun tacú le beartais agus reachtaíocht an AE, lena n-áirítear tacú le margadh aonair glas, digiteach agus níos athléimní. I measc aschur rialála NSAI in 2024 tá caighdeáin fhoilsithe; cigireachtaí meitreolaíochta dlíthiúla ar áitreabh agus ar ionstraimí trádála; táirgí mótarfheithiclí agus táirgí tógála ceadaithe; agus ionstraimí eolaíochta calabraithe. Tá tuilleadh sonraí faoi na haschuir seo agus aschuir eile le fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2024 NSAI.



Spríoc Stráitéiseach 4:

Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht rialála gnó agus ar tharraingteacht na hÉireann mar áit le gnó a dhéanamh.

In 2024, neartaigh an Roinn Éire mar cheann scríbe tarraingteach d'infheistíocht agus d'fhiontar, le dul chun cinn reachtaíochta agus rialála atá lárnach i gclár oibre na Roinne.

Timpeallacht Rialála.

An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta.

Tá sé mar aidhm ag an Roinn a bheith i gceannas ar fud an Rialtais ar fhorbairt moltaí beartais atá bunaithe ar fhianaise agus ar shonraí a chuideoidh le timpeallacht iomaíoch infheistíochta, táirgiúlachta, fiontraíochta agus fostaíochta, ag tarraingt ar obair agus ar mholtaí na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta. Lean an Roinn de thacaíocht rúnaíochta a sholáthar don Chomhairle in 2024. Áiríodh leis seo foilsiú Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2024 agus roinnt bileoga taighde ina scrúdaítear príomhréimsí inní a bhaineann lenár seasamh iomaíochais (e.g. scrúdú a dhéanamh ar an margadh tithíochta, feidhmíocht nuálaíochta na hÉireann, agus an creat iomaíochais agus táirgiúlachta athchóirithe a thabhairt isteach). Bhí an chéad Chruinniú Mullaigh Iomaíochais ar siúl in 2024 freisin, faoi óstach an Taoisigh, agus tacaíocht taighde á cur ar fáil ag an Roinn seo. De bhun seo, comhaontaíodh gníomhartha a chabhróidh le dul i ngleic le cuid de na dúshláin iomaíochais is práinní atá roimh Éirinn sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

D'oibrigh an Roinn le hOllscoil Luimnigh freisin chun an chéad chruinniú réigiúnach den CNIT (NCPC) a óstáil, rud a thug deis do Chomhaltaí na Comhairle agus do pháirtithe leasmhara réigiúnacha dul

i ngleic le príomhréimsí inní i ndáil le hiomaíochas agus táirgiúlacht i réigiún an Mheán-Iarthair.

Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta.

Is grúpa comhairleach saineolaithe reachtúil é an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí (CLRG) atá freagrach as comhairle a chur ar an Aire maidir le dlí cuideachtaí. Oibríonn sé ó chlár oibre 2 bhliain, arna chinneadh ag an Aire, agus soláthraíonn an Roinn an Rúnaíocht.

I mí na Bealtaine 2024, chuir Coiste Rialachais Chorporáidigh an GADC tuarascáil faoi bhráid an Aire ag moladh leasú a dhéanamh ar *Acht na gCuideachtaí 2014* agus ar Rialacha na gCúirteanna Uachtaracha chun nós imeachta mear maidir le hiarratais a éascú d'úinéirí trádmharcanna ar mian leo dúshlán a thabhairt d'ainmneacha cuideachtaí a sháraíonn a dtrádmharc.

Lean Coiste um Dhócmhainneachta Chorporáideach an GADC cúnamh teicniúil a sholáthar don Roinn freisin ina caibidlíocht ar leibhéal Mheitheal Oibre an AE maidir leis an togra le haghaidh Treorach maidir le gnéithe áirithe de dhlí na dócmhainneachta a chomhchuibhiú.

Le linn 2024, chríochnaigh an GADC a Chlár Oibre 2022-2024 agus i mí Dheireadh Fómhair 2024 ceadaíodh a Chlár Oibre nua don tréimhse 2024-2026. Leanfaidh ballraíocht reatha an GADC ar aghaidh go dtí Bealtaine 2026.

Dul Chun Cinn Reachtaíochta.

Companies (Corporate Governance, Enforcement and Regulatory Provisions) Act 2024.

Achtaíodh Acht na gCuideachtaí 2024 (*Rialachas Corparáideach, Forfheidhmiú agus Forálacha Rialála*) i mí na Samhna 2024 i mí na Samhna 2024, agus tháinig formhór a fhorálacha i bhfeidhm i mí na Nollag 2024. D'fhorbair an Roinn an tAcht de bhun comhairliúcháin agus rannpháirtíochta fairsing le páirtithe leasmhara, a thugann raon éagsúil leasuithe agus feabhsaithe isteach ar Acht na gCuideachtaí 2014 go príomha i réimsí an rialachais corparáidigh, forfheidhmiú agus maoirseacht dhlí na gcuideachtaí, riarachán dlí na gcuideachtaí agus dócmhainneacht corparáideach. Baintear cothromaíocht amach san Acht idir solúbthacht a thabhairt do chuideachtaí a ngnó a dhéanamh go héifeachtach - trí phróisis a shruthlíniú agus a fheabhsú, éifeachtúlachtaí a chruthú agus deireadh a chur le riarachán neamhriachtanach ar thaobh amháin, agus na huirlisí a thabhairt do na comhlachtaí reachtúla chun comhlíonadh méadaithe le dlí na gcuideachtaí a chinntiú. Mar aitheantas ar an timpeallacht atá ag éirí níos fíorúla agus hibrideacha ina n-oibrímid agus ina ndéanaimid ár ngnó, tugann an tAcht an rogha do chuideachtaí agus do chumainn thionsclaíocha agus choigiltis cruinnithe ginearálta hibrideacha nó iomlána fíorúla a thionól.

An Bille um Chomharchumainn 2022.

Forálann Bille um Chomharchumainn don athchóiriú is forleithne ar an reachtaíocht lena rialaítear comharchumainn i stair an Stáit. Tugann an Bille creat dlíthiúil nua-aimseartha isteach a chuirfidh bunús dlíthiúil níos soiléire leis an tsamhail chomharchumann agus a spreagfaidh machnamh ar an tsamhail chomharchumann mar rogha foirmithe tarraingteach d'fhiontraithe agus do

ghníomhaíochtaí sóisialta agus pobail. Tá dréachtú an Bhille chasta seo, ag Oifig na gComhairleoirí Parlaiminte, ar siúl ó R2 2023 agus bhí sé beagnach críochnaithe faoi dheireadh 2024.

Rialacháin um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

Trasuíonn na [Rialacháin maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach 2024](#) An Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (AE) 2022/2464 a eascraíonn as cuspóirí gníomhaíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip maidir le hathrú aeráide, chun nochtadh sonraí aeráide agus comhshaoil ag cuideachtaí a fheabhsú tuilleadh. Tháinig na rialacháin i bhfeidhm i mí Iúil 2024 agus baineann siad leis na blianta airgeadais ag tosú ar nó tar éis:

- 1 Eanáir 2024 le haghaidh eintitis leasa phoiblí faoi raon feidhme rialacha tuairiscithe neamhairgeadais an AE (níos mó ná 500 fostaí)
- 1 Eanáir 2025 do chuideachtaí móra eile (ar a laghad 2 cinn a bhfuil clár comhardaithe níos mó ná €25 milliún acu, láimhdeachas níos mó ná €50 milliún agus fostaí níos mó ná 250)
- 1 Eanáir 2026 do FBManna atá liostaithe, le 'rogha an diúltaithe' indéanta go dtí 2028

Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí atá faoin raon feidhme tuairisciú a dhéanamh ar bhonn ábharthachta dúbailte. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar chuideachtaí ní hamháin na rioscaí a bhíonn rompu mar gheall ar athrú aeráide agus cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais eile (ESG) (ábharthacht airgeadais) a nochtadh, ach freisin na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu féin ar an aeráid agus ar an tsochaí (ábharthacht tionchair). Beidh ar chuideachtaí faisnéis a sholáthar faoina slabhra luacha freisin.

Treoir maidir le Dícheall Cuí i dtaca le hInbhuanaitheacht Chorparáideach an AE.

Foilsíodh an Treoir maidir le Dícheall Cuí i dtaca le hInbhuanaitheacht Chorparáideach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i mí Iúil 2024 (TREOIR (AE) 2024/1760). Díríonn an Treoir ar chóras a bhunú laistigh de dhlí na gcuideachtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaoil a eascraíonn as oibríochtaí na gcuideachtaí féin agus oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a slabhra gníomhaíochtaí. Tá dhá bhliain ag na Ballstáit chun an Treoir a chur i bhfeidhm, is é sin, go dtí an 26 Iúil 2026. Tá tús curtha ag an Roinn le hullmhúcháin don trasuí laistigh den tréimhse seo.

Treoir AE maidir le Dlí Cuideachtaí Digiteach a Uasgrádú.

Bhí an togra bunaithe ar Threoir níos luaithe maidir le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí cuideachtaí (an "Treoir maidir le Digitiú"). Tá sé mar aidhm ag an togra níos mó trédhearcachta a chruthú agus iarrachtaí digitithe phróisis dhlí cuideachtaí laistigh den AE a chur chun cinn tríd an bhfaisnéis atá ar chlár ghnó náisiúnta agus ar BRIS (Córas Idirnasctha na gClár Gnó Eorpach) a ailíniú i leith cuideachtaí dliteanais theoranta, comhpháirtíochtaí agus grúpaí cuideachtaí. Glacadh leis an togra go foirmiúil i mí na Nollag 2024 agus meastar go bhfoilseofar é san Iris Oifigiúil i ráithe 1 2025. Beidh 30 mí ag na Ballstáit ansin chun an Treoir a chur i bhfeidhm.

Togra le haghaidh Treoir AE maidir le Comhlachais Trasteorann Eorpacha.

Tá sé mar aidhm leis an togra foirm dhlíthiúil bhreise de chomhlachas trasteorann Eorpach a thabhairt isteach i gcórais dlí náisiúnta na mBallstát, atá deartha go sonrach chun críocha trasteorann agus atá beartaithe chun ualaí dlíthiúla agus riaracháin a laghdú i

gcás aitheantas agus bunú comhlachais neamhbhrabúis a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí i mBallstát eile. Bhí scrúdú ar an togra ar siúl ag leibhéal mheitheal oibre an AE ag deireadh na bliana.

An Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Tá sé mar aidhm ag an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a chinntiú go mbeidh cothrom na Féinne ann do gach cuideachta atá ag feidhmiú sa Mhargadh Aonair, agus ag an am céanna fanacht oscailte do thrádáil agus d'infheistíocht. Díríonn an Rialachán ar chumaisc agus éadálacha agus ar chonarthaí soláthair phoiblí.

Tháinig an Rialachán i bhfeidhm go díreach ó 2023, ach ó 2024 i leith féadfaidh an Coimisiún Eorpach iarraidh ar Bhallstáit cabhrú leo le himscrúduithe. Comhlíonfaidh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) an fheidhm seo in Éirinn agus cuireadh reachtaíocht thánaisteach i gcrích chun a chumasú dó cúnamh a thabhairt más gá.

Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Struchtúir Scaireanna Ilvóta i gcuideachtaí a lorgaíonn cead isteach chun a gcuid scaireanna a thrádáil ar mhargadh fáis SMEanna.

In 2024, chríochnaigh an Roinn caibidlíocht ar Threoir AE 2024/2810 maidir le struchtúir scaireanna ilvóta (i gcuideachtaí a lorgaíonn cead isteach chun a gcuid scaireanna a thrádáil ar shaoráid trádála iltaobhach). Tá sé mar phríomhchuspóir ag an tionscnamh seo rochtain níos fearr a fhorbairt ar fhoinsí maoinithe éagsúla, go háirithe do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide (GBManna) agus do ghnólachtaí nuathionscanta, chun an spleáchas ar mhaoiniú bainc a laghdú. Táthar ag súil go ndéanfaidh an Roinn an Treoir a thrasúiomh faoin 4 Nollaig 2026.

Treoir an AE lena gcomhchuihbítear gnéithe áirithe den Dlí Dócmhainneachta (INSOLIII).

Tá sé mar aidhm ag Togra Insol III gnéithe áirithe de dhlí náisiúnta na dócmhainneachta a chomhchuihbhiú ar fud Bhallstáit an AE, agus is é an príomhchuspóir atá leis ná iad a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí d'fhonn infheistíocht trasteorann níos mó a éascú. Tá comhchuihbhiú den sórt sin ina thosaíocht don AE le deich mbliana anuas.

Tá an Roinn i gceannas ar an gcomhad seo agus i mí na Nollag 2024, ghlac an Chomhairle a seasamh ar phríomhghnéithe an togra. Díríonn an cur chuige ginearálta páirteach seo ar bhearta chun eastát na dócmhainneachta a chaomhnú, ar dhualgais stiúrthóirí i gcás dócmhainneachta agus ar oibleagáidí trédhearcachta. In 2025, beidh an Roinn i gceannas ar phlé ar na forálacha atá fágtha den Togra.

Tomhaltóirí agus Iomaíocht.

Gníomhaíochtaí Ionadaíocha chun an tAcht um Leasanna Comhchoiteanna Tomhaltóirí a Chosaint, 2023.

Cuireadh tús leis an nGníomhaíochtaí Ionadaíocha chun an tAcht um Leasanna Comhchoiteanna Tomhaltóirí a Chosaint 2023 i mí Aibreáin 2024. Is í an chéad reachtaíocht dá leithéid in Éirinn í, toisc go gceadaíonn an tAcht do thomhaltóirí sásamh nó leigheas comhchoiteann a lorg i leith sárú líomhnaithe ar a gcearta tomhaltóra ag trádálaithe.

an gcóras trádála iltaobhach, athchóiriú an WTO, feabhas a chur ar iomaíochas an AE, agus todhchaí bheartas trádála an AE, lena n-áirítear ról bheartas trádála an AE i gcur chun cinn slándáil eacnamaíoch an Aontais. Phléigh na hairí caidreamh trádála an AE leis na Stáit Aontaithe agus caidreamh trádála an AE le grúpa ASEAN freisin.

Comhairle Iomaíochais.

Ag an gComhairle Iomaíochais an 24 Bealtaine 2024, thacaigh Éire le tionscnamh ríomhdhearbhaithe maidir le hoibrithe a phostú i margadh aonair an AE. Ar an 13 Samhain 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra reachtach le haghaidh Rialachán AE chun tairseach gréasáin choiteann AE a bhunú chun ríomhdhearbhú a éascú. Tá sé mar aidhm ag an togra cur le soláthar trasteorann níos mó seirbhísí laistigh den mhargadh aonair trí cheanglais riaracháin a shruthlíniú agus comhlíonadh cosaintí fostaíochta a spreagadh trí thacú le cur i bhfeidhm níos aonfhoirmí na Treorach maidir le hOibrithe a Phostú. Tá an tionscnamh san áireamh i ndréacht Margadh Iomaíochais an AE agus tá sé ag teacht le moltaí i dtuarascálacha Letta agus Draghi.

Comhairle EPSCO.

Le linn 2024, rinne na hAirí Stáit Higgins agus Richmond ionadaíocht ar Éirinn ag cruinnithe na Comhairle Fostaíochta, Beartais Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO), a oibríonn chun leibhéil fostaíochta a mhéadú agus chun dálaí oibre, ionchuimsiú sóisialta agus comhionannas inscne a fheabhsú.

Bhreithnigh Comhairle EPSCO réimse leathan saincheisteanna (i gcomhréir le tosaíochtaí faoi seach Uachtaránachtaí na Beilge agus na hUngáire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh) agus é mar aidhm acu sochaí níos ionchuimsithí agus níos cothroime a chothú do chách, lena n-áirítear; aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus mhargaidh saothair, agus a dtionchar ar

iomáíochas; dlúthpháirtíocht idirghlúine; agus comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch daoine faoi mhíchumas.

Breithníodh roinnt comhad reachtaíochta ag an gComhairle le linn 2024, lena n-áirítear an Treoir maidir le Coinníollacha Oibre a Fheabhsú in Obair Ardáin; an Treoir maidir le Creat le haghaidh Cúrsaí Oiliúna Ardchaighdeáin; agus an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha.

Comhairle na hEorpa

Le linn 2024, rinne an Roinn ionadaíocht ar Éirinn ag cruinnithe Choiste Rialtais Chomhairle na hEorpa a tionóladh i mí na Bealtaine, i mí Iúil agus i mí na Samhna áit ar breithníodh, i measc nithe eile, conclúidí maidir le neamhchomhréireacht (arna nglacadh ag Coiste Eorpach na gCeart Sóisialta).

I mí Iúil 2024, d'fhreastail toiscaireacht ón Roinn ar Chomhdháil Ardleibhéil i Vínias, an Liotuáin, áit ar chuir Éire Dearbhú isteach ag glacadh le hairteagail bhreise den Chairt Shóisialach Eorpach Athbhreithnithe (Airteagal 8, mír 1, agus Airteagal 27, mír 1, fomhír (c)).

Ullmhúcháin d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE sa dara leath de 2026.

Go luath in 2024, leathnaigh an Roinn a hAonad Gnóthaí AE chun pleanáil a dhéanamh d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE ón 1 Iúil 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026. Le linn 2024, d'oibrigh Foireann Pleanála na hUachtaránachta le comhghleacaithe ar fud an Rialtais trí Ghrúpaí Idir-rannacha faoi stiúir na Roinne Gnóthaí Eachtracha ar Thosaíochtaí Beartais na hUachtaránachta agus ar Phleanáil Oibríochtúil na hUachtaránachta. Rinneadh dul chun cinn leis an obair ullmhúcháin le linn 2024, lena n-áirítear acmhainní foirne a mhéadú inár nIonadaíocht Bhuan sa Bhruiséil

agus anailís beartais a dhéanamh mar chuid den phróiseas leanúnach chun ár dtosaíochtaí beartais don Uachtaránacht a fhorbairt. Tá oiliúint tosaithe do bhaill foirne sa bhaile agus sa PRB araon. Tá obair shuntasach déanta ar fud na Roinne chun lóistíocht imeachtaí tábhachtacha a reáchtáil in Éirinn le linn na hUachtaránachta a aithint agus a iniúchadh. Sa dara leath de 2024, cuireadh tús freisin le plean a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíochta ar leibhéal Aireachta agus Oifigeach Sinsearach le hinstiúidí an AE agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile.

Iníúchta Oireachtais.

Ag teacht le hoibleagáidí Iníúchta Oireachtais AE na Roinne, chuir an Roinn an tOireachtas ar an eolas faoi 20 togra an AE maidir le raon saincheistanna beartais, chomh maith lena hoibleagáid a chomhlíonadh dhá thuarascáil sé mhí ar fhorbairtí de chuid an AE a chur isteach.

An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil.

Is eagraíocht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO) atá lonnaithe sa Ghinéiv a fhreastalaíonn ar chruthaitheoirí, nuálaithe agus fiontraíthe chun a maoin intleachtúil a chosaint agus a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, agus a sholáthraíonn fóram freisin chun saincheistanna maoine intleachtúla a phlé, a chur i láthair agus aghaidh a thabhairt orthu. Bíonn foirne na Roinne i mBaile Átha Cliath agus sa Ghinéiv i mbun oibre le hÉirinn agus déanann siad ionadaíocht ar son na hÉireann ag coistí agus ag Tionóil Ghinearálta éagsúla an EDMÍ. Sa bhliain 2024, rinneadh ionadaíocht ar Éirinn ag dhá chomhdháil taidhleoireachta de chuid EDMÍ a ghlac leis an gConradh ar Mhaoin Intleachtúil, Acmhainní Géiniteacha agus Eolas Traidisiúnta i mí na Bealtaine agus le Conradh Riyadh maidir le DLÍ an Dearaidh i mí na Samhna.

An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

Tá an Roinn i gceannas ar rannpháirtíocht na hÉireann leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), sainghníomhaireacht de chuid na NA a dhéileálann le saincheistanna mhargadh an tsaothair. Ba í an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) an chéad eagraíocht idirnáisiúnta a ndeachaigh Éire isteach inti mar stát saor in 1923. Tá an Roinn freagrach as caighdeáin saothair a dhaingniú agus tuairisciú don EIS maidir lena gcur i bhfeidhm in Éirinn.

Comhordaítear seasaimh náisiúnta ar Bhord Rialaithe an EIS agus ar chlár oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta Saothair trí Ghrúpa Idir-Rannach, a thugann le chéile Ranna a bhfuil freagracht bheartais orthu as míreanna ar chlár oibre fadréimseach an EIS. Príomhghné d'obair an Ghrúpa is ea rannpháirtíocht eagraíochtaí ionadaíocha fostóirí agus fostaithe, chun a léiriú gur eagraíocht thríthaobhach í an EIS.

In 2024, rinne an Roinn ionadaíocht thar ceann na hÉireann i gcáil bhreathnóra ag seisiúin Chomhlacht Rialaithe an EIS agus bhí sé i gceannas ar thoscaireacht thrípháirteach chuig an 112ú Comhdháil Idirnáisiúnta Saothair. I mí an Mheithimh, chuaigh Éire isteach sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta faoi stiúir na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair. Neartaíonn ballraíocht sa Chomhghuaillíocht ár n-aidhmeanna straitéiseacha a chinntíonn go gcoimeádtar cearta fostaíochta agus caighdeáin mhargadh an tsaothair faoi athbhreithniú agus nuashonraithe chun forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta a léiriú, lena n-áirítear ar leibhéal an AE, Chomhairle na hEorpa, na Cúirte Breithiúnais agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.



Sprioc Straitéiseach 6:

Roinn nuálach agus lúfar a fhorbairt le héiteas láidir seirbhíse poiblí a spreagann forfheidhmiú beartais éifeachtach agus freagrach.

In 2024, lean an Roinn de bheith ag neartú a cumais inmheánacha agus a héiteas seirbhíse poiblí agus í ag saothrú a séú sprioc straitéiseach.

Rialachas Corparáideach.

Ráiteas Straitéise –2024- 2025.

Ceanglaítear ar ranna rialtais Ráiteas Straitéise nua a ullmhú laistigh de shé mhí ó ceapadh aire nua. Is é an cuspóir atá leis ná fíis, misean, luachanna agus spriocanna ardleibhéil na Roinne a leagan amach don tréimhse amach romhainn.

Foilsíodh ár [Ráiteas Straitéise 2024- 2025](#) i mí Dheireadh Fómhair 2024. Cuireann sé leis an dul chun cinn suntasach atá déanta againn ag seachadadh na dtosaíochtaí atá leagtha amach sa Chlár don Rialtas, Ár dTodhchaí Chomhroinnte. Is í an fhís atá againn ná a chinntiú go bhfuil Éire ar an áit is fearr le dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí gnó ar fud gach cearn dár dtír. Léiríonn an Straitéis seo Cuspóirí Pháipéar Bán an Rialtais ar Fhiontraíocht chun a chinntiú go gcuireann Éire lena láidreachtaí mar gheilleagar oscailte agus go gcuireann luas faoi oiriúnú frontair do na haistrithe glasa agus digiteacha, go háirithe FBManna. Dírimid ar an mbonn láidir d'infheistíocht dhíreach eachtrach in Éirinn a chothú agus go bhfanaimid ar thús cadhnaíochta i dteicneolaíochtaí nua agus i dtionscail na todhchaí, le meascán beoga, athléimneach, éagsúlaithe go réigiúnach de chuideachtaí domhanda

le rá, frontair Éireannacha atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus gnóthaí áitiúla atá faoi bhláth. Faoin Straitéis, tabharfaimid tosaíocht do agus feabhsóimid iomaíocht chóir sa mhargadh, cosaint tomhaltóirí agus cosaint cearta fostaíochta freisin.

Creat Rialachais.

In 2024, rinne an Roinn a Creat Rialachais a nuashonrú a thugann dearbhú go bhfuil beartais agus cleachtais mhaith rialachais fite fuaite sa Roinn. Is é fócas an Chreata seo ná na nósanna imeachta, na próisis agus na prionsabail rialachais a leagan amach a chuireann taca faoi obair na Roinne. Tá siad seo ag teacht leis an bhfís a leagtar amach in Athnuachan na Seirbhíse Sibhialta 2030 a bhfuil sé mar aidhm aige Seirbhís Sibhialta nuálach, ghairmiúil agus lúfar a sholáthar a fheabhsaíonn saol mhuintir na hÉireann trí shármhaitheas i seachadadh seirbhísí agus i bhforbairt beartais straitéisigh. Tugann sé sonraí, i ndoiciméad amháin, faoi na socruithe rialachais atá i bhfeidhm agus á n-oibriú ag an Roinn. Leagtar amach ann cad is brí againn le rialachas, cén fáth go bhfuil sé tábhachtach, conas a dhéanann an Roinn a cuid oibre agus conas a oibríonn sí chun a sainordú agus a feidhmeanna a chomhlíonadh. Cinntíonn sé go bhfuil an chaoi a ndéanann an Roinn cinntí agus a chuireann sí beartais i bhfeidhm níos trédhearcaí don phobal agus don fhoireann laistigh den Roinn. Foilseofar an Creat go luath in 2025.

Ráiteas Sábháilteachta.

Foilsíodh ráiteas sláinte agus sábháilteachta 2024 na Roinne i mí na Nollag 2024 de réir Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Agus é ag aithint go bhfuil sábháilteacht agus sláinte mar chuid lárnach dár gcuid oibre ó lá go lá, tá an Roinn tiomanta a chinntiú go gcomhlíonann sé oibleagáidí reachtúla chun sábháilteacht, sláinte agus folláine san ionad oibre a bhainistiú agus a chomhordú trí chóras éifeachtach bainistíochta sábháilteachta, agus córais agus cultúr i bhfeidhm a chloíonn leis an gcleachtas is fearr. Léiríonn Ráiteas Sábháilteachta 2024 ár rún mar Roinn leanúint ar aghaidh ag iarraidh sábháilteacht, sláinte agus folláine gach comhghleacaithe a chosaint ar na caighdeáin is airde is féidir.

Bainistíocht Taifead.

Comhlánaíonn agus cuireann Straitéis Bainistíochta Taifead na Roinne 2023-2026 le gníomhaíochtaí dea-chleachtais maidir le beartas bainistíochta taifead trí phlean cur chun feidhme straitéiseach 3 bliana a leagan amach chun seachadadh córas soiléir cuntasachta agus freagrachta as taifid a éascú. Léiríonn an straitéis an cur chuige dhá thaobh maidir le tógáil ar an móiminteam don athrú le linn aistriú na Roinne chuig an bhfeidhmchlár bainistíochta taifead eDocs agus cur chuige córasach agus pleanáilte a chinntiú maidir le bainistiú taifead a chlúdaíonn taifid ó chruthú go diúscairt, trí mhaoirseacht agus éifeachtúlacht láidir.

Soláthar Corparáideach.

Foilsíodh Plean Soláthair Chorporáidigh na Roinne 2024 i mí na Nollag 2024 agus leagann sé amach an chaoi a bhfuil an Roinn tiomanta do dhea-chleachtas inár ngníomhaíochtaí soláthair ar fad ar fud na Roinne agus a hOifigí. Tá cuspóirí an phlean dírithe ar chomhlíonadh na gceanglas dlí soláthair a chinntiú, cloí le beartais soláthair, trédhearcacht agus cuntasacht a neadú i gcleachtais soláthair, tacú le SMEanna, measúnuithe bainistíochta riosca a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar oibleagáidí na hÉireann maidir le gníomhú ar son na haeráide, an fhoireann a chur ar an eolas faoin gcaoi ar cheart soláthar a fhorbairt agus sármhaitheas a bhaint amach i dtorthaí foriomlána an tsoláthair.

Soláthar Glas.

Éilíonn Ciorclán Seachadta agus Athchóirithe PFN na Roinne Caiteachais Phoiblí 20/2019 nach mór do gach Roinn tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar a soláthar poiblí glas (SPG). Cuimsíonn an teimpléad in Aguisín 3 na haon n-earnáil tosaíochta déag atá liostaithe i dTreoir um Sholáthair Glas 2024 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don Earnáil Phoiblí den Triú Eagrán 2024 agus taispeánann sé luach iomlán na gconarthaí (os cionn €50,000) a d'eisigh an Roinn seo in 2024 de réir earnála tosaíochta, a bhfuil GPP ionchorpraithe iontu.

Nochtaí Cosanta.

Faoi Alt 22 (5) den *Acht um Nochtadh Cosanta, 2014* (an tAcht) ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú lena leagtar amach líon na nochtuithe cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus chun aon ghníomh a rinneadh a shonrú, más ann dá leithéid. Tar éis tosach feidhme an *Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022* ar an 1 Eanáir 2023 agus de réir mar a cheanglaítear leis an Acht, bhunaigh an Roinn cainéal tuairiscithe inmheánach tiomnaithe chun an fhoireann a éascú maidir le héagóir fhéideartha a thuairisciú. Chomh maith leis sin, tá nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm ag an Roinn chun cabhrú leis an bhfoireann tuarascáil a dhéanamh. In 2024, fuarthas tuairisc amháin maidir le nochtadh cosanta féideartha trí chainéal tuairiscithe inmheánach na Roinne agus chuir Oifig an Choimisiúin um Nochtuithe Cosanta cúig thuairisc eile chuig an Roinn.

Iníúchadh Inmheánach.

Is é misean Aonad Iníúcháireachta Inmheánaí na Roinne luach eagraíochtúil a fheabhsú agus a chosaint trí dhearbhu, comhairle agus léargas oibiachtúil agus riosca-bhunaithe a sholáthar. Rinne Iníúchadh Inmheánach athbhreithniú agus athbhreithniú ar a phlean oibre bliantúil in 2024 agus bhí sé fós dírithe ar rioscaí straitéiseacha agus a chlár iniúchta á ghlacadh ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn. Cuireadh na tuarascálacha iniúchta seo a leanas faoi bhráid an Choiste Iníúcháireachta i rith na bliana: Athbhreithniú ar Chórais Rialaithe Inmheánaigh; Athbhreithniú ar Chuntais Fionraí; Iníúchadh Sláinte & Sábháilteachta; An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach–Idirchaidreamh agus Rialachas; TF&N agus Clár Bainistíocht Riosca; GFT Éireann- Idirchaidreamh agus Rialachas.

Treochlár Gníomhaíochta Aeráide.

Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide an Rialtais Sainordú Seirbhíse Poiblí faoina gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí cloí le ceithre cheannteideal agus tuairisc a thabhairt orthu: ár spriocanna, ár ndaoine, ár mbealach oibre agus ár bhfoirgnimh agus ár bhfeithiclí. Foilsíodh [Treochlár Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024](#) de chuid na Roinne i mí Iúil 2024 agus leagann sé amach an chaoi a bhfuil an Roinn ag laghdú astuithe agus ár dtiomantas chun ár spriocanna dícharbónaithe agus inbhuanaitheachta a bhaint amach agus déanfar athbhreithniú bliantúil gach bliain i gcomhréir leis an Sainordú. Ó 2023 i leith, tá astaíochtaí foriomlána na Roinne tite ó thart ar 749 tCO² sa bhliain bhonnlíne go 369 tCO² in 2023, rud a léiríonn laghdú iomlán 49%. Chun ár sprioc astaíochtaí 2030 a bhaint amach, bunaithe ar leibhéil 2023, beidh ar an Roinn astaíochtaí iomlána a laghdú 39% eile De réir Shainordú na hEarnála Poiblí, chuir an Roinn oiliúint ar Ghníomhú ar an Aeráid i bhfeidhm do bhainisteoirí sinsearach (PO agus os a chionn) in 2024. Cloíonn an Roinn le nósanna imeachta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh. B'ionann dliteanas na Roinne in 2023 agus €8,146.21. Ríomhtar an dliteanas bunaithe ar an ráta cánach carbóin atá i réim agus ní mór gach dliteanas a íoc le Ciste Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais.

Athbhreithnithe Criticiúla Tréimhsiúla.

Leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 na ceanglais maidir le hAthbhreithnithe Criticiúla Tréimhsiúla (ACTanna) ar Chomhlachtaí Stáit Neamhthráchtála. Sa bhliain 2024, chríochnaigh an Roinn ACT den Choimisiún Iomaíochta agus Cosanta Tomhaltóirí. Déanfar PCR ar Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann in 2025.

Airgeadas.

Buiséad 2024.

Chuir na Meastacháin Athbhreithnithe 2024 leithdháileadh comhlán €1,268 billiún don Roinn le húsáid in 2024. Áiríodh leis seo maoiniú suntasach neamhlárnach de €257 milliún chun tacú le híocaíocht deontas faoin Scéim um Chostas Méadaithe Gnó a Dhéanamh. Chuir an Meastachán maoiniú breise de €20 milliún ar fáil don Roinn freisin ó leithreasáil caipitil 2023 nár caitheadh a thabhairt ar aghaidh.

Bhí Meastachán Forlíontach ag an Roinn freisin a d'fhaomh an Dáili mí Dheireadh Fómhair 2024. Bhí an Meastachán Forlíontach substaintiúil agus mhéadaigh sé leithdháileadh comhlán na Roinne in 2024 go €1,435 milliún. Baineadh úsáid as an gcuid is mó den mhaoiniú breise chun tacú le cur i bhfeidhm na Scéime um Chumhachtú. Rinneadh athdháileadh ar roinnt maoinithe sa Mheastachán Forlíontach freisin chun freastal ar thosaíochtaí ar roinnt clár reatha agus caipitil.

Chomh maith le tacú le cur i bhfeidhm an Scéim um Chostas Méadaithe Gnó agus an Scéim um Chumhachtú, chuir an maoiniú a cuireadh ar fáil don Roinn in 2024 ar a cumas tacú lena hOifigí agus lena Gníomhaireachtaí, a chinntiú go raibh dóthain acmhainní acu chun a sainorduithe a chomhlíonadh, a sraith clár forbartha fiontar, nuálaíochta agus rialála a sheachadadh, chomh maith le tacú le bearta amhail scéimeanna rochtana ar mhaoiniú, an Scéim Faoisimh Dhaonnúil atá dírithe ar ghnó, an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunthraitheacha chomh maith le maoiniú méadaithe don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha.

Uasteorainneacha Caipitil 2025 agus 2026.

D'éirigh leis an Roinn uasteorainneacha caipitil a fháil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) do 2025 agus 2026, arb ionann iad agus €611 milliún agus €625 milliún faoi seach. Mar chuid den obair seo, d'fhorbair an Roinn plean caipitil go dtí 2030 agus chuaigh sí i mbun oibre leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an PFN maidir leis na hacmhainní a theastaíonn le haghaidh clár caiteachais straitéiseach ilbhliantúil a bhfuil gá leo chun an earnáil fiontar a fhás agus a ullmhú don todhchaí. Tógfaidh an Roinn ar an obair seo chun maoiniú breise a lorg do thionscadail thábhachtacha ón gCiste um Bonneagar, Aeráid agus Dúlra agus nuair a shocrófar uasteorainneacha caipitil an PFN do 2027-2030.

An Cuntas Leithreasa.

Foilsíodh Cuntas Leithreasa 2023 na Roinne i dTuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus fuarthas tuairim iniúchóireachta soiléir.

Luach ar Airgead.

Athbhreithniú agus Meastóireacht ar Chaiteachas Poiblí.

Lean an Roinn le clár meastóireachta agus anailíse ar chaiteachas faoi threoir an Chóid Caiteachais Phoiblí, agus chuir sí tús le meastóireacht ar Chlár Maoine Réigiúnach GFT Éireann in 2024.

Creat Measúnaithe: Treoirlínte maidir le Cás Gnó agus Measúnú Eacnamaíoch

Chuir an Roinn tús le clár oibre chun treoirlínte measúnaithe agus measúnaithe sonracha don Roinn a fhorbairt in 2024. Dhírigh an chéad chéim den chlár ar fhorbairt cás gnó agus treoirlínte measúnaithe eacnamaíocha a chinnteoidh an luach is fearr ar airgead do chaiteachas na Roinne, bunaithe ar shonraí agus ar mheasúnú láidir. Cuireadh dréacht-threoirlínte i gcrích ag deireadh 2024.

Athbhreithniú ar luachanna marbhualaigh i Samhail Measúnaithe Eacnamaíoch na Roinne.

Chuir an Roinn tús in 2024 le hathbhreithniú ar na luachanna marbhualaigh a úsáidtear sa tSamhail Measúnaithe Eacnamaíoch, a úsáideann gníomhaireachtaí fiontar ina bpróisis cinnteoireachta deontais. Scrúdaíonn an t-athbhreithniú seo an ceart na leibhéil marbhualaigh agus na catagóirí marbhualaigh atá san áireamh sa tsamhail a choigeartú. Scrúdaíonn an t-athbhreithniú freisin an leibhéal marbhualaigh chuí le haghaidh maoiniú cabharach chomhshaoil.

Straitéisí Tionsclaíocha Caimníochtaithe.

Lean an Roinn leis an rannpháirtíocht i dtionscadal ECFE "Straitéisí Tionscail Caimníochtaithe" (QULS) a bhfuil sé mar aidhm acu caiteachas beartais thionsclaíoch a thomhas ar fud thíortha an ECFE i dtéarmaí caiteachais bheartais thionsclaíoch, tosaíochtaí beartais, ionstraimí beartais agus faighteoirí.

Acmhainní Daonna.

Straitéis Daoine 2021-2024.

In 2024, leanamar orainn ag cur gníomhaíochtaí i bhfeidhm i gcomhréir le Straitéis Daoine na Roinne. Is iad seo a leanas na trí phríomhspríoc na Straitéise: a bheith i d'Fhostóir Rogha; chun fórsa Saothair Athléimneach a fhorbairt agus chun tacú le hionchuimsiú agus comhionannas deiseanna don fhoireann ar fad.

Pleanáil an Fhórsa Saothair.

Mhéadaigh líon na ndaoine a bhí ag fónamh sa Roinn go 1,015.78 coibhéis lánaimseartha ag deireadh 2024, méadú ó 975.38 coibhéis lánaimseartha ag deireadh 2023. Le linn 2024, b'ionann laghdú nádúrtha, acmhainní breise agus deiseanna cur chun cinn agus 'méadú' suntasach foirne i rith na bliana le 162 daoine nua, 124 Bealach Amach, lena n-áirítear 31 scor, 77 aistriú inmheánach, agus 68 ardú céime.

I rith 2024, lean an Roinn ag feidhmiú i margadh saothair an-dian. Rinneadh teagmháil rialta le PublicJobs chun earcaíocht a dhéanamh do phoist i ngráid ghinearálta agus do roinnt post speisialaithe. Thug an Roinn faoi ghníomhaíochtaí foirmiúla pleanála don fhórsa saothair leis an mBord Bainistíochta ar dhá ócáid ar leith le linn 2024, a thug eolas do thionscnaimh foghlama agus forbartha, dearadh eagraíochta agus acmhainní méadaithe i réimsí ina bhfuil méadú tagtha ar shainordú na Roinne (digiteach, aeráid agus réimsí eile).

Lean muid orainn ag tacú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le linn 2024 mar fhreagra ar chúnamh leanúnach na hÉireann dóibh siúd a ndeachaigh an cogadh san Úcráin i bhfeidhm orthu. D'fhan beirt bhall foirne ar iasacht chun tacú leis an tseirbhís phoiblí luachmhar seo a sholáthar.

Obair Chumaisc.

Tar éis fhoilsiú Samhail Meastóireachta Oibre Chumaisc RCPSPFNA i Meán Fómhair 2024, thosaigh an Roinn ag pleanáil athbhreithniú iomlán eile ar a beartas Oibre Chumaisc. Tosófar an t-athbhreithniú seo i mí Eanáir 2025. Dhírigh na gníomhartha a rinneadh in 2024 ar phríomhphrionsabail bheartas na Roinne a chur in iúl don fhoireann, tacú le bainisteoirí an beartas a chur i bhfeidhm laistigh dá bhfoirne, glacadh le hoiliúint bainisteoirí a spreagadh, agus a chinntiú go bhfuil 'Cairt Foirne' forbartha ag foirne chun tacú le hObair Chumaisc éifeachtach.

D'eagraigh Foireann Cultúir Eagraíochta na Roinne réimse imeachtaí agus ceardlann duine le duine chun rannpháirtíocht na foirne a mhéadú laistigh de thimpeallacht chumasc. Áiríodh leis seo comhdháil don fhoireann uile i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus ceithre chruinniú den Ghrúpa Stiúrtha Nasctha, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó gach grád, Rannán agus Oifig. Chríochnaigh an fhoireann, i gcomhpháirtíocht le DCU, measúnú cultúir agus luachanna ar an Roinn. Úsáidfear an bonn fianaise seo chun a chinntiú go leanfaidh an Roinn de bheith ina heagraíocht ardfheidhmíochta agus ina fhostóir rogha.

Foghlaim agus Forbairt.

Chuir an Roinn a hAcadamh Fiontraíochta nua, a seoladh in 2023, i bhfeidhm mar ionad ilfhreastal do gach acmhainn agus tacaíocht foghlama agus forbartha. Chuaigh 814 (78%) ball foirne i ngleic le ceann de na 323 cúrsa a cuireadh ar fáil go himmheánach agus ag OneLearning le linn 2024. Ina theannta sin, lean an tairiscint oiliúna intí ag leathnú, ag soláthar 22 Seisiún Faisnéise agus 28 Seisiún Lóin & Foghlama. Rinneadh cuid mhaith de na seisiúin a thaifeadadh agus cuireadh ar fáil go héasca don fhoireann iad.

Sa bhliain 2024, mhaoinigh an Roinn 39 ball foirne a rinne cúrsaí acadúla tríú leibhéal i raon disciplíní a bhí ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne amhail Staidéir Dlí; Riarachán Gnó, Bainistíocht & Ceannaireacht; Airgeadas agus Eacnamaíocht; Staidéir Chomhshaoil; agus Beartas Poiblí & Riarachán. Lean ár gClár Meantóireachta de bheith ina uirlis shuntasach chun tacú le fás agus forbairt foirne agus ghlac 44 duine páirt ann san iomlán. Ghlac 24 ceannaire sinsearach páirt sa chlár Cóitseála Feidhmiúcháin agus 16 sa Chlár Cóitseála Píolótach HEO. Chomh maith leis sin, chríochnaigh ár gceannairí sinsearacha Oiliúint Cheannaireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomhréir leis an sainordú i bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2023 de chuid rialtas na hÉireann (CAP23).

In 2024 díriodh go láidir ar Chlár Ionducthúcháin na Roinne a oiriúnú agus a fheabhsú, ag baint úsáide as teicneolaíocht chun a chinntiú gur tugadh deis do dhaoine nua tagairt a dhéanamh don tsraith modúl atá sa Chlár Ionducthúcháin le linn ionducthaithe agus sna míonna ina dhiaidh sin. Tá físeáin ríomhfhoghlama sna modúil a bhaineann le hobair ár Roinne agus lenár ról mar státseirbhísigh. Áirítear ar na modúil freisin imeacht líonraithe pearsanta chun nascacht agus deis a chinntiú chun caidrimh a chothú le comhghleacaithe. Leanfar de bheith ag díriú ar fhorbairt bhreise ar ár gclár ionducthaithe in 2025.

Tuairisciú faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí.

Faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá dualgas ar gach comhlacht poiblí aird a thabhairt ar shaincheistean cearta an duine agus comhionannais agus iad i mbun a bhfeidhmeanna. Tá an dualgas seo comhsheasmhach le luachanna na Roinne atá fréamhaithe in éiteas na seirbhíse poiblí de neamhspleáchas, comhionannas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht, cothroime, dínit agus meas.

In 2024, lean an Roinn de luach a chur ar chomhionannas agus ar chearta an duine agus iad a chur chun cinn trína cuid oibre leanúnaí, bíodh sé i seachadadh seirbhísí, i bhforbairt beartais nó i dtacaíocht foirne. I measc na ngníomhartha a glacadh i rith na bliana chun ár dtiomantas don Dualgas san Earnáil Phoiblí a bhaint amach bhí:

- Foilsíú chéad Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na Roinne.
- Cur i bhfeidhm leanúnach gníomhartha i gcomhréir le Straitéis Daoine na Roinne 2021-2024, agus forbairt spriocanna straitéiseacha comharbacha.
- Foilsíú ráitis nua sláinte agus sábháilteachta.
- Leanaidh de bheith ag comhlíonadh na ngealltanais a tugadh maidir le seirbhísí do chustaiméirí a sholáthar faoin gCairt Chustaiméirí agus faoin bPlean Gníomhaíochta 2022-2024, ag cinntiú go raibh rochtain iomlán ar sheirbhísí agus go raibh cosaint ar fhaisnéis phearsanta.
- Méadaíodh feachtas ar Dhualgas na hEarnála Poiblí inár ngníomhaireachtaí agus inár n-oifigí trí chuid tiomnaithe ar "Inrochtaineacht, Comhionannas agus Cearta Daonna" a chur san áireamh i gComhaontuithe Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta na ngníomhaireachta agus i Meamram Tuisceana na hoifige.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Ag teacht lena tiomantas cur le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna) na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, thug an Roinn ionchuir agus lean sí lena tuairisciú leanúnach ar na héachtaí agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le spriocanna na SFlanna faoina cúram a bhaint amach in 2024.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

In 2024, rinne an Roinn athnuachan ar a creidiúnú 'Infheisteoirí san Éagsúlacht – Airgid' trí mheasúnú le Lárionad na hÉireann um Éagsúlacht. Is é Infheisteoirí san Éagsúlacht marc creidiúnaithe Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na hÉireann. Dearbhaíonn creidiúnú airgid go bhfuil an eagraíocht tagarmharcáilte i gcoinne comhlachtaí eile agus go bhfuil cleachtais chuimsitheacha leabaithe ar fud na heagraíochta agus gur fhorbairt sé braistint cothroime agus muintearas i measc comhghleacaithe.

D'fhoilsigh an Roinn a céad [Straitéis Cothromais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe](#), a dhíríonn ar ghníomhartha chun cultúr ionchuimsitheachta, cothroime agus meas a chothú don fhoireann agus custaiméir na Roinne. I measc na ngníomhartha a glacadh faoin Straitéis in 2024 bhí clár cumarsáide do bhaill foirne, modúl oiliúna cothromais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a thabhairt isteach inár gclár ionductaithe, foilsíú Beartas maidir leis an Sos Míostraithe, forbairt treoirlínte maidir le himeachtaí ionchuimsitheacha agus inrochtana a réachtáil, agus Agallaimh Scoir a thabhairt isteach. Ghlac ceannaireacht shinsearach ról i gcur chun cinn agus i dtacaíocht a thabhairt do luachanna na Straitéise Cé&C (straitéis cothromais, éagsúlachta agus ionchuimsithe) trí shraith cumarsáide agus físeán.

Tuairisciú agus Taighde ar an mBearna Phá idir na hInscní.

Ceanglaítear le Rialacháin an Acht um Fhaisnéis faoi Bhearna Pá Inscne 2021 ar eagraíochtaí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu tuairisc a thabhairt ar an mbearna pá in aghaidh na huairé ina n-eagraíocht thar raon méadrachtaí. I mí na Nollag 2024, d'fhoilsigh an Roinn a dara tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní bunaithe ar shonraí amhail an 21 Meitheamh 2024. Bhí 969 fostaíthe ag an Roinn: 57% baineann agus 43% fireann, tráth an tuairiscithe. Is é 9.55 an bhearna pá inscne sa roinn, síos beagán ó 10.86% in 2023. Is é 47.52% an céatadán d'fhostaithe baineanna laistigh den cheathairíl luach saothair uachtarach.

In 2024, chríochnaigh an Roinn piosa taighde ar na tosca atá taobh thiar dár mBearn Pá Inscne, a foilsíodh agus a cuireadh in iúl don fhoireann i mí an Mheithimh. Leagadh amach sa taighde roinnt gníomhartha le leanúint suas, lena n-áirítear feabhas ar oiliúint agus tacaíocht do bhainisteoirí, feabhas a chur ar chumarsáid maidir le comórtas, athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas Saoire Mháithreachais na Roinne, agus torthaí na tuarascála a chur in iúl don fhoireann.

Idirchaidreamh idir Gníomhaireacht Stáit agus Bord Stáit.

Oibríonn an tAonad AD go dlúth le haonaid beartais agus le comhghleacaithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an NDP chun tacaíocht leordhóthanach a chinntiú do bhaill foirne ina hocht ngníomhaireacht agus do shanntaí chuig na Boird Stáit faoina choimirce. Próiseáladh breis agus 133 iarratas in 2024 chun déileáil le folúntais a líonadh agus poist nua a bhunú do Ghníomhaireachtaí Stáit, agus tugadh faoi fheachtas PAS chun 11 bhfolúntas a líonadh a tháinig chun cinn ar Bhoird Stáit faoi shainchúram na Roinne.

Claochlú na Seirbhíse Poiblí.

Léiríonn na torthaí is déanaí ó Shuirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Seirbhíse Sibhialta (CSEES) go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag an Roinn ina scóir Aeráide Nuálaíochta ó 2017 i leith, ag ardú 19% chun 62% a bhaint amach in 2023 (i gcomparáid le meán 44% sa tSeirbhís Sibhialta). In 2024, chuaigh an Roinn i gcomhpháirtíocht le hAcadamh Nuálaíochta UCD chun cur i bhfeidhm na smaointeoireachta dearaidh agus forbairt cleachtas nuálach a leabú tuilleadh ar fud na Roinne agus na nOifigí. Tionóladh 20 ceardlann chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile de chuid an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear i réimsí na beartas tomhaltóirí, na gaoithe amach ón gcósta, na beartas trádála agus na gceadanna fostaíochta. Ghlac 325 ball foirne páirt san iomlán.

Ghlac an Roinn páirt i Seachtain um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tionóladh roinnt Cainteanna ar Chlaochlú ar ghnéithe éagsúla den chaoi a bhfuil ceannairí nuálacha agus digiteacha ag claochlú ár seirbhísí poiblí. In 2024, chuir baill foirne sa Roinn agus ina hOifigí naoi dtionscadal isteach do Ghradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Seirbhíse Sibhialta. Gearrliostaíodh obair na Roinne ar lainseáil stairiúil an tsatailíte EIRSAT-1 do na 9ú Gradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Seirbhíse Sibhialta.

Cumarsáid Chorparáideach.

In 2024, lean an tAonad Cumarsáide Corparáidí de bheith ag freastal ar chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon i réimsí Caidreamh leis na Meáin, Feachtais & Digiteach, Saoráil Faisnéise agus Seirbhísí do Chustaiméirí, Cosaint Sonraí agus Cumarsáid Inmheánach.

Le ceann de na cuntais meán sóisialta is mó leanúna ([LinkedIn](#)), ón Rialtas, tháinig méadú ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid dhigiteach réamhghníomhach in 2024. Bhí láithreachd dhigiteach na Roinne le linn 2024 comhdhéanta den suíomh gréasáin corparáideach [enterprise.gov.ie](#) agus na bealaí meán sóisialta [X](#), [LinkedIn](#) and [YouTube](#). Cuireadh cuntais Facebook agus Instagram leis níos déanaí sa bhliain. Bhí bliain lán le rannpháirtíocht láidir ar leathanach LinkedIn na Roinne, ag críochnú 2024 le breis is 89,200 leantóir, méadú de thart ar 6,000 sa bhliain. Faoi dheireadh na bliana, bhí 34,100 leantóir ag [X](#) na Roinne.

Bhí breis is 10.5 milliún amharc leathanaigh ar ár suíomh gréasáin corparáideach [enterprise.gov.ie](#) i rith na bliana, arb ionann é agus méadú beagnach 30 faoin gcéad ar an mbliain roimhe sin. I measc na dtéamaí ba mhó a raibh tóir orthu bhí ceadanna fostaíochta, an scéim um Chostas Méadaithe Gnó, an deontas um Chumhachtú, íocaíochtaí déanacha, tuairisciú inbhuanaitheachta corparáidí agus smachtbhannaí trádála. Mhéadaigh líon na síntiúsóirí ar Nuachtlitir Fiontraíochta na Roinne, a sholáthraíonn achoimre ghearr ar nuacht ón Roinn gach coicís, faoi bhreis is 3,200 síntiúsóir go beagnach 7,300 síntiúsóir.

Le linn 2024, rinneadh 390 fiosrúchán ó na meáin a láimhseáil, eisíodh 125 preasráiteas agus léiríodh 52 físeán Aireachta. Áiríodh ar fheachtais chumarsáide réamhghníomhacha cur chun cinn agus feasacht a chothú

maidir leis na scéimeanna Costas Méadaithe Gnó agus Cumhachtaithe, an Próiseas Tarrthála Riaracháin do Chuideachtaí Beaga, agus cur chun cinn inbhuanaitheachta, digitithe agus tacaíochtaí gnó.

Seirbhís do Chustaiméirí.

Lean an Roinn de bheith ag comhlíonadh na ngealltanais a tugadh maidir le seirbhísí do chustaiméirí a sholáthar faoi Chairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta 2022-2024, ag cinntiú go raibh rochtain iomlán ar sheirbhísí agus go raibh cosaint ar fhaisnéis phearsanta.

Spreag agus thacaigh an Roinn le comhghleacaithe chun a n-oibleagáidí faoi *Achtanna na dTeangacha Oifigiúla* 2003 & 2021 a chomhlíonadh. Tá ball den Bhainistíocht Shinsearach ar leibhéal an Phríomhoifigigh ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú a dhéanamh ar oibleagáidí na Roinne faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla. Le linn 2024, d'fhreastail baill foirne ar sheimineáir faisnéise lena n-áirítear Lón agus Foghlaim chun feasacht na foirne maidir leis na hAchtanna a mhéadú. Leanfaidh an Roinn an fhoireann a choinneáil ar an eolas de réir mar a chuirfear forálacha nua i bhfeidhm.

Tá an Roinn ag ullmhú tuairisceáin reachtúil faoi láthair i gcomhréir leis na hoibleagáidí nua faoi alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) lena gceanglaítear go mbeidh 20% ar a laghad den fhógraíocht uile a dhéantar i nGaeilge agus go gcaithfear 5% den chaiteachas bliantúil ar fhógraíocht a dhéanamh i nGaeilge.

Sa bhliain 2024, fuarthas agus próiseáladh 340 iarratas um Shaoráil Faisnéise, méadú beagnach 20% ar 2023. Freagraíodh breis is 500 fiosrúchán faoi Chosaint Sonraí agus riaradh 70 iarratas ar Rochtain ar Ábhar Sonraí agus Iarratas

ar Chearta Eile faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018.

TFC.

Le linn 2024, rinne foireann TFC na Roinne dul chun cinn breise maidir leis na cuspóirí straitéiseacha a leagadh amach sa doiciméad Straitéis TFC 2020-2025 maidir le Solúbthacht Dhigiteach & Sonraí a Chumasú.

Críochnaíodh forbairt theicniúil i rith na bliana ar dhá fheidhmchlár gnó nua atá dírithe ar chustaiméirí laistigh de réimse an Rialacháin Trádála agus tá an dá cheann beo anois: I mí Lúnasa 2024, seoladh tairseach nua chun iarratais ar Údaruithe Onnmhairithe a bhainistiú i ndáil le míreanna dé-úsáide, earraí míleata agus míreanna rialaithe eile; Ar leithligh, seoladh tairseach nua le haghaidh Scagadh ar Infheistíochta Isteach atá ailínithe le tosach feidhme *Acht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha 2023*, i mí Eanáir 2025. Ina theannta sin, críochnaíodh obair shuntasach i ndáil le seoladh córas nua TFC um Cheadanna Fostaíochta atá sceidealaithe le bheith beo in 2025.

Chomh maith leis sin, tá obair phleanála déthaobhach curtha chun cinn ag an Roinn leis an Roinn Dlí agus Cirt i ndáil le tionscadal comhpháirteach chun gealltanais na hÉireann a chomhlíonadh maidir leis an Treoir um Chead Aonair a chur i bhfeidhm, rud a fheicfidh próiseas iarratais comhtháite curtha i bhfeidhm le haghaidh Víosáí, Ceadanna Cónaithe agus Ceadanna Fostaíochta.

Forbraíodh tairseach gearán nua don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus eisíodh don phobal é. Cuireann sé feabhsuithe suntasacha ar fáil do thaithí an chustaiméara, lena n-áirítear an tsaoráid chun doiciméid a uaslódáil, freastal ar riachtanais inrochtaineachta agus cumas Gaeilge a chur leis.

Rinneadh feabhsuithe leanúnacha ar na córais ghnó laistigh d'Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (IPOI) lena n-áirítear feabhsuithe ar tháirgeadh Iris IPOI agus nuashonruithe chun clárú idirnáisiúnta Trádmharcanna gan pháipéar a phróiseáil. Tháinig tionscadal suntasach le dhá bhliain anuas chun a chinntiú go gcomhlíonann an Roinn Caighdeán Bonnline Cibearshlándála an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála chun críche ag deireadh 2024 agus bhain an Roinn ardleibhéal ailínithe leis an gCaighdeán amach.

D'fhorbair an Roinn feidhmchlár cruthúnais choincheapa freisin a rinne iniúchadh ar an gcumas Intleacht Shaorga (IS) a ghairiúil chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí don phobal trí thástáil a dhéanamh ar chumas na hintleachta saorga giniúna cabhrú le húnéirí gnó nascleanúint a dhéanamh ar an raon tacaíochtaí fiontar a sholáthraíonn an Rialtas do ghnólaigh. Tugadh an teicneolaíocht seo do Fhiontraíocht Éireann le haghaidh tuilleadh forbartha córas agus ionchorprú sna seirbhísí a sholáthraíonn an Mol Náisiúnta Fiontraíochta.

Tá an tAonad TFC freagrach as pleanáil éigeandála laistigh den Roinn agus bhí rannpháirtíocht ghníomhach aige i rith na bliana le struchtúir Pleanála Éigeandála an Rialtais tríd an Tascfhórsa Rialtais um Phleanáil Éigeandála. D'fhorbair an tAonad creat athbhreithnithe go substaintiúil freisin le haghaidh Pleanáil Leanúnachais Ghnó inmheánach a sholáthróidh ullmhacht níos fearr agus straitéisí maolaithe neartaithe do sheirbhísí tábhachtacha.

Ar deireadh, neartaíodh creat rialachais tionscadail na Roinne agus chuir an tAonad TFC tús le scóipiú an treochláir don todhchaí maidir le forbairt thimpeallacht TFC na Roinne.

Anailís cumhachtaithe ag an Intleacht Shaorga ar thaifid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

Tá an Roinn, ag obair i gcomhar leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC), ag tabhairt faoi thionscadal anailísíochta sonraí agus intleacht shaorga chun sonraí a bhaint as tuarascálacha bliantúla atá i seilbh an OCC. Is é aidhm an tionscadail bunachar sonraí saibhir, struchtúrtha d'fheidhmíocht cuideachta a thógáil le haghaidh anailíse beartais atá bunaithe ar fhianaise. Bhain an obair in 2024 le scálú suas an tionscadail ag tógáil ar fhréamhshamhail níos luaithe.

An tAonad Dlí.

Cuireann an tAonad Dlí comhairle dlí neamhspleách agus oibiachtúil ar fáil don Roinn agus don Aire. Tá ceathrar chomhairleoirí dlí san Aonad, agus tá triúr acu ar iasacht ó Oifig an Ard-Aighne. Tá comhairleoirí dlí cuideachtaí leabaithe laistigh de Rannán CCC freisin. Cuireann an tAonad comhairle dlí ar fáil don Roinn maidir le gach Scéim Ghinearálta Bille ó chéim luath ina bhforbairt go dtí a gcríoch. Cuireann sé comhairle dhlíthiúil theicniúil ar fáil freisin maidir le bearta trasuímh an AE. Tá an AE ag brath níos mó agus níos mó ar rialacháin chun dlí Eorpach a chur i bhfeidhm, agus is minic a bhíonn reachtaíocht phríomhá ag teastáil chun na rialacháin seo a thrasuíomh. Coinníonn an tAonad suas chun dáta freisin maidir le gach mórdhlíthíocht a bhaineann leis an Aire agus le hoifigí na Roinne. Feidhmíonn sé mar nasc idir an Roinn agus Oifig an Ard-Aighne freisin agus iarrfaidh sé comhairle Oifig an Ard-Aighne maidir le cúrsaí dlí casta agus íogaire. Chomhlíon an tAonad Dlí na feidhmeanna seo ar fud Rannáin uile na Roinne in 2024.

Aguisín 1

Billí a Achtaíodh in 2024

Acht na gCuideachtaí 2024 12 2024(Rialachas Corparáideach, Forfheidhmiú agus Forálacha Rialála), aachtaithe an 12 Samhain 2024

Acht na Seirbhísí Digiteacha 2024, aachtaithe an 11 Feabhra 2024

An tAcht Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha) agus Cuideachtaí (Leasú), 2024, aachtaithe an 9 Bealtaine 2024 (Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 1 Iúil 2024).

Acht um Cheadanna Fostaíochta 2024 aachtaithe an 5 Meitheamh 2024.

An tAcht um Sheirbhísí Digiteacha (Tobhach), 2024, aachtaithe an 17 Iúil 2024.

Aguisín 2

Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2024	
Uimh. IR 8 de 2024	Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) 2024
Uimh. IR 10 de 2024	An tOrdú um Acht na Shaoire Bhreioiteachta 2022 (Méadú ar Laethanta Reachtúla um Shaoire Bhreioiteachta) 2024
Uimh. IR 12 de 2024	Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 2) 2024
Uimh. IR 53 de 2024	An tOrdú um an Acht na Seirbhísí Digiteacha 2024 (Tosach Feidhme) 2024
Uimh. IR 90 de 2024	An tOrdú um Acht an Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023 (Tosach Feidhme) 2024
Uimh. IR 92 de 2024	An tOrdú um Acht an Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023 (Cód Cleachtais an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre maidir leis an gCeart chun Obair Sholúbtha a Iarraidh agus Ceart chun Cianobair a Iarraidh) 2024
Uimh. IR 117 de 2024	Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2024 (Margaí Inchoimhlinte agus Cothroma san Earnáil Margaí Digiteacha)
Uimh. IR 122 de 2024	Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí, Só-ghineacha agus Substaintí atá Tocsaineach don Atáirgeadh) 2024
Uimh. IR 187 de 2024	An tOrdú um Acht an Bhoird um Réiteach Díobhálacha Pearsanta 2022 (Tosach Feidhme) 2024
Uimh. IR 188 de 2024	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí a Bhaineann le Cosaint a Aistriú laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2024
Uimh. IR 258 de 2024	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach) 2024
Uimh. IR 255 de 2024	An tOrdú um Rialáil Fostaíochta (Leasú) 2024 (An Comhchoiste Oibreachais um Ghlanadh ar Conradh)
Uimh. IR 296 de 2024	An tOrdú um Rialáil Fostaíochta (Leasú) 2024 (An Comhchoiste Oibreachais um Sheirbhís Luathbhlianta) Ordú Uimh. 1 2024
Uimh. IR 297 de 2024	An tOrdú um Rialáil Fostaíochta (Leasú) 2024 (An Comhchoiste Oibreachais um Sheirbhís Luathbhlianta) Ordú Uimh. 2 2024
Uimh. IR 319 de 2024	An tOrdú um Rialáil Fostaíochta (Comhchoiste Saothair an Tionscail Slándála) 2024
Uimh. IR 324 de 2024	Rialacháin an Achta um Chaomhnú Fostaíochta 1977 (Fógra faoi Iomarcaíochtaí atá Beartaithe) 2024
Uimh. IR 328 de 2024	Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 3) 2024

Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2024

Uimh. IR 336 de 2024	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach) 2024
Uimh. IR 408 de 2024	An tOrdú um Acht na Seirbhísí Digiteacha (Tobhach) 2024 (Tosach Feidhme) 2024
Uimh. IR 413 de 2024	An tOrdú um Acht um Rialú Onnmhairí 2023 (Tosach Feidhme) 2024
Uimh. IR 416 de 2024	Na Rialacháin um Rialú Onnmhairí (Liosta Náisiúnta um Rialú Onnmhairí Míleata) 2024
Uimh. IR 423 de 2024	Na Rialacháin um Scéim Iasachtaí Micrifhiontar (Leasú) 2024
Uimh. IR 443 de 2024	An tOrdú um Acht na gCeadanna Fostaíochta 2024 (Tosach Feidhme) 2024
Uimh. IR 444 de 2024	Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta 2024
Uimh. IR 498 de 2024	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inbhuanaitheacht Chorporáideach) (Uimh. 2) 2024
Uimh. IR 558 de 2024	Na Rialacháin Trádmharcanna (Prótacal Maidrid) (Leasú) 2024
Uimh. IR 563 de 2024	An tOrdú um Pá Íosta Náisiúnta 2024
Uimh. IR 598 de 2024	Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 4) 2024
Uimh. IR 633 de 2024	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Íosphá Leordhóthanach) 2024
Uimh. IR 639 de 2024	An tOrdú um Acht na gCuideachtaí (Rialachas Corparáideach, Forfheidhmiú agus Forálacha Rialála) 2024 (Tosach Feidhme) 2024
Uimh. IR 681 de 2024	An tOrdú (Tosach Feidhme) um Acht an Bhoird Réiteach Díobhálacha Pearsanta (Uimh. 2) 2022 2024
Uimh. IR 714 de 2024	An tOrdú um an Acht um Scagadh Idirbheart Tríú Tíortha 2023 (Tosach Feidhme) 2024
Uimh. IR 723 de 2024	Na Rialacháin um an Acht Ceimiceán 2008 (Rialachán CLP) 2024
Uimh. IR 726 de 2024	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí) 2024.
Uimh. IR 733 de 2024	Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 5) 2024

Aguisín 3

Soláthar Poiblí Glas.

Teimpléad Tuairiscithe GPP - Bliain Tagartha 2024				
Bliain thagartha 2024	Líon iomlán na gconarthaí sínithe os cionn €50,000 de réir earnála tosaíochta	Luach iomlán na gconarthaí sínithe os cionn €50,000 de réir earnála tosaíochta. Ba chóir go mbeadh gach luach gan CBL san áireamh.	Líon iomlán na gconarthaí sínithe os cionn €50,000 de réir earnála tosaíochta a bhfuil SPG corpraithe acu	Luach iomlán na gconarthaí sínithe os cionn €50,000 de réir earnála tosaíochta a bhfuil SPG corpraithe acu. Ba chóir go mbeadh gach luach gan CBL san áireamh.
Earnáil Tosaíochta *				
Táirgí a Bhaineann le Fuinneamh	1	€120,000	1	€120,000
Seirbhísí Bia & Lónadóireachta	1	€88,000		
Seirbhísí Troscaín & Seirbhísí Gaolmhara** Dearadh, Tógáil agus Bainistíocht Foirgneamh Oifige Soilsiú Laistigh & Lasmuigh Táirgí & Seirbhísí Teicstíleí Iompar	Nil	Nil	Nil	Nil
Trealamh Téimh	Nil	Nil	Nil	Nil
Táirgí TFC	1	€70,555	1	€70,555
Seirbhísí TFC	1	€120,000	1	€120,000
Seirbhísí Glantacháin Laistigh	1	€442,172	1	€442,172
Táirgí Páipéir & Seirbhísí Priontála	1	€600,000	1	€600,000
Iomlán	6	€1,440,727	5	€1,352,727
Earnálacha Eile***				
Seirbhísí Gairmiúla	1	€118,000	Nil	Nil
Meáin	1	€50,000	Nil	Nil
Taighde	2	€90,732	1	€51,968
Iomlán	4	€258,732	1	€51,968
* Aon earnáil déag a bhfuil critéir náisiúnta SPG foilsithe ag an GCC ina leith agus a bhí bunaithe ar chritéir choiteanna AE le hoiriúnuithe chun margadh agus cleachtais soláthair na hÉireann a léiriú.				
** Foilsíodh an tsraith critéir maidir le Troscaín & Seirbhísí Gaolmhara i mí Iúil 2024				
*** Earnálacha nach bhfuil clúdaithe ag critéir SPG arna bhfoilsiú ag GCC				



Ullmhaithe ag an Roinn Fiontar,
Turasóireachta agus Fostaíochta
gov.ie



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland